



ervia



Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis Airgeadais
2016

Clár Ábhair

Forbhreathnú Gnó	1
Buaicphointí Airgeadais	1
Ár bhFís agus ár gCuspóir	2
Buaicphointí Feidhmíochta	3
Ár gColúin Straitéiseacha	4
Ár Straitéis a Chomhlíonadh	6
Ár Samhail Ghnó	8
Ráiteas an Chathaoirligh	9
Ráiteas Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa	12
Bainistíocht Riosca agus Timpeallacht Sheachtrach	17
Suirbhé a Dhéanamh ar ár dTimpeallacht Sheachtrach	18
Bainistíocht Riosca	20
Príomhrioscaí agus Éiginnteachtaí	22
Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais	24
An Fhoireann Feidhmiúcháin	26
Athbhreithniú Airgeadais	27
Uisce Éireann	33
Líonraí Gáis Éireann	39
Freagracht Chorparáideach	45
Rialáil	49
An Bord i 2016	50
Tuarascáil an Bhoird	52
Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca	62
Ráitis Airgeadais	65
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird	66
Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách	67
Ráiteas faoi Ioncam Grúpa	68
Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile	69
Clár Comhardaithe Grúpa	70
Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe ar Ghnáthscaireanna	71
Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid	72
Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa	73
Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta	117
Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile	118
Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta	119
Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Ghnáthscaireanna	120
Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid Tirim	121
Nótaí le Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta	122


Eolas faoi Ervia

Is comhlacht tráchtála leathstáit é Ervia a sholáthraíonn bonneagar straitéiseach náisiúnta agus seirbhísí gáis agus uisce in Éirinn. Cuireann ár dtrí chomhlacht oibriúcháin seirbhísí rithábhachtacha ar fáil atá mar bhonn d'fhás gheilleagar na hÉireann.

Trínár ngnó rialaithe, Líonraí Gáis Éireann, tógann muid agus oibríonn muid ceann de na líonraí gáis is nua-aimseartha agus is sábháilte ar an domhan. I 2014, ghlac muid freagrach as oibriú agus cothabháil shócmhainní uisce agus fuíolluisce na hÉireann trínár ngnó rialaithe eile Uisce Éireann. Freisin soláthraíonn muid bonneagar um leathanbhanda snáithín optúil dorcha trínár ngnó Aurora Telecom.

Bunaíodh Ervia i 2014, tar éis teacht chun cinn ó Bhord Gáis Éireann, agus mar gheall ar ár stair láidir 40-bliana tá na scileanna agus an saineolas againn a theastaíonn chun seirbhísí iontaofa uisce agus gáis a chur ar fáil go sábháilte agus go héifeachtach.

Is muid caomhnóirí na sócmhainní náisiúnta gáis, uisce agus fuíolluisce. Tacaíonn ár mbonneagar le forbairt eacnamaíoch agus shóisialach, cosnaíonn sé an timpeallacht agus feabhsaíonn sé sláinte agus cáilíocht bheatha mhuintir na hÉireann. Tá Ervia ag tacú le hÉirinn chun go mbeadh rath uirthi agus go bhfásadh an tír.



Buaicphointí Airgeadais

	Líonraí Gáis Éireann*	Uisce Éireann	Iomlán Ervia
Ioncam	€498m	€906m	€1,404m
Brabús roimh Cháin Ioncaim agus Míreanna Eisceachtúla	€149m	€54m	€203m
Caiteachas Caipitiúil	€125m	€459m	€584m
Líon na bhFostaithe	887	734	1,621

* Léiríonn sé rannáin ghnó Líonraí Gáis Éirinn agus seirbhísí lárnacha.

Cur Chuige Tuairiscithe

Tá Uisce Éireann ina fhochuideachta de chuid Ervia faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Mar gheall ar a struchtúr scairúinéireachta, áfach (féach ar nóta F7 ar leathanach 107), ní réitíonn Uisce Éireann leis an sainmhíniú ar fochuideachta chun críocha na cuntasáíochta faoi IFRS agus mar sin ní féidir é a chomhdhlúthú leis na Ráitis Airgeadais iniúchta mar atá curtha san áireamh ar leathanach 65 go 139 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Ó thaobh rialachais de, áfach, déanann Bord Ervia agus an Fhoireann Feidhmiúcháin maoirseacht agus bainistíocht ar chúrsaí Uisce Éireann. Cuirtear faisnéis airgeadais achoimrithe Ervia (agus Uisce Éireann san áireamh) i láthair san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanach 27. Foilsítear ar leithligh Ráitis Airgeadais Uisce Éireann.

Tá ár bhFís agus ár gCuspóir Soiléir

Tá fís shoiléir againn agus is é sin ná cuideachta Éireannach iontaofa a thógáil atá ina ceannaire aitheanta maidir le bonneagar agus seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí, ina deashaoránach corparáideach agus ina eagraíocht a bhfuil baill foirne bródúil as bheith ag obair inti.

Tá Ervia ag forbairt chnámh droma na hÉireann. Tá sé sin ag croílár ár gcuid oibre. Soláthraíonn muid na boinn láidre a bhfuil geilleagar na hÉireann tógtha orthu agus déanann muid cinnte gur féidir lenár ndaoine agus lenár náisiún bheith rathúil, anois agus amach anseo.

Tá 1,621 duine fostaithe ag Ervia atá ina saineolaithe díograiseacha ina gcuid réimsí oibre. Gach lá cloíonn ár bhfoireann lenár gcúig luach treorach: comhar, feidhmíocht, seirbhís do chustaiméirí, sábháilteacht agus ionracas. Is iad na luachanna sin a shainíonn carachtar na heagraíochta, treoraíonn siad á gcuid gníomhartha agus cinntí, agus cuireann siad creat ar fáil don chaoi a ndéanann muid idirghníomhú agus cumarsáid lenár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara.

Comhar

Oibríonn muid as lámh a chéile chun torthaí a fháil, agus iad muid ag roinnt lena chéile agus ag foghlaim óna chéile.

Feidhmíocht

Bíonn muid ag iarraidh bheith inár n-ilfhóntas, a sholáthraíonn i gcónaí seirbhísí agus bonneagar ardchaighdeáin.

Seirbhís do Chustaiméirí

Is í ár n-aidhm ná seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí. Éistean muid leo chun fáil amach cad atá uathu agus bheith níos fearr ná mar a shíleann siad a bheimis.

Sábháilteacht

Cuireann muid an tsábháilteacht ag croílár ár gcuid oibre.

Ionracas

Bíonn muid oscailte agus macánta inár gcuid oibre go léir. Déileálann muid le meas lenár gcuid custaiméirí, ár sócmhainní agus lenár n-acmhainní nádúrtha.

Buaicphointí Feidhmíochta

<p>Gan aon díobhálacha tromchúiseacha/bhásanna</p> 	<p>Infheistíodh €125m i bhfeabhas agus nuálaíocht sa líonra gáis</p> 	<p>€1.375bn lomlán na nDíbhinní íoctha ag Ervia ó bunaíodh é</p> 	<p>Sholáthair Uisce Éireann 66 hlonad Cóireála Fuíolluisce nua nó uasghrádaithe ó bunaíodh i mí Eanáir 2014</p> 
<p>Baineadh 37 soláthar uisce phoiblí ó Liosta Gníomhartha Feabhsúcháin an GCC i 2016</p> 	<p>Críochnaíodh síneadh 46km príomhphíopaí gáis i mBaile Loch Garman</p> 	<p>Rinneadh 890km de pháipí uisce a athsholáthar nó a athchóiriú ó mhí Eanáir 2014</p> 	<p>Infheistíochtaí Caipitiúla ar luach €459m déanta ag Uisce Éireann</p> 
<p>€452m EBITDA</p> 	<p>77.3m lítear d'uisce óil in aghaidh an lae sábháilte trí Scéimeanna um Chaomhnú Uisce agus Leigheas roimh Ré</p> 	<p>Ba é 28 nóiméad an meánmhéid ama a tógadh chun freagra a thabhairt ar ligín gháis tuairiscithe</p> 	<p>€1.404bn Na Coimisinéirí Ioncaim</p> 
<p>€1,945m Glanfhíochas</p> 	<p>Iompraíodh 72,512 GWh de ghás</p> 	<p>Eisíodh €625m de bhannaí fadreacha ar Mhargadh na nEorabhannaí</p> 	<p>Seoladh na cláir Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile (Work Safe, Home Safe) agus Meantóireacht Inspire</p> 
<p>Tugadh chun críche An Dréachtphlean Réamhoibre um Uisce Óil</p> 	<p>Cuireadh tús le píblíne cúplála gáis le hAlbain d'fhad 50km a thógáil</p> 	<p>Clár chun billí neamh-theaghlaigh a aistriú chuig Uisce Éireann ar an mbóthar ceart</p> 	<p>608 tionscadal caipitil ar siúl in Uisce Éireann</p> 
<p>3,000 príomhcheangal seirbhíse athsholáthraithe suas go deireadh 2016</p> 	<p>Cuireadh i bhfeidhm Córas nua um Bainistíocht Feidhmíochta</p> 	<p>Cuireadh tús le hobair ar na chéad trí stáisiún breosla um Gás Nádúrtha Comhbhrúite</p> 	<p>Rinne Moody's uasghrádú ar rátáil creidmheasa Líonraí Gáis Éireann go A3</p> 

Ár gColúin Straitéiseacha

Is é Straitéis Chorporáideach Ervia ár bplean fadtéarmach chun tacú le saol laethúil daoine trí sheachadadh fhreagrach seirbhísí riachtanacha gáis, uisce agus fuíolluisce.

Fíoraítear ár bhfís agus cabhraítear léi trínár seacht gcolún straitéiseach. Táimid dírithe ar na réimsí rithábhachtacha sin chun an gnó a chothú agus a fhás agus seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí, dár ndaoine agus dár dtír.

Trínár bhfís a fhíorú cruthóidh muid todhchaí níos láidre dár líonra gáis agus forbróidh muid fiontás nua-aimseartha uisce phoiblí a chinnteoidh go mbeidh tairbhí le baint ag ár gcuid páirtithe leasmhara go léir.

Léiriú intinne atá i ngach ceann den seacht gcolún. Leagtar amach i ngach ceann acu tionscnaimh mheántéarmacha agus spriocanna ar fud na cuideachta agus ligeann príomhbhearta ratha dúinn monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht.

Is iad na colúin sin a dhéanann suas an creat straitéiseach a chabhraíonn linn ár bhfís a fhíorú. Tá siad rithábhachtach dár rath maidir leis an ngnó a chothú agus a fhás agus torthaí a bhaint amach thar ceann custaiméirí, páirtithe leasmhara agus mhuintir na hÉireann.

Ag Díriú ar Shábháilteacht

Tá an tsábháilteacht ag croílár ár gcuid oibre go léir. Mar chuideachta bonneagair, gach lá déanann muid bainistíocht ar shócmhainní agus rioscaí casta, agus tugann muid chun críche tionscadail tógála agus chothabhála de mhéid agus scála mór. Mar thoradh air sin, tá seans ann i gcónaí go dtarlódh díobháil dár gcuid fostaithe, do na conraitheoirí a mbíonn muid ag obair leo, dár gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne. Déanann muid infheistíocht mhór chun déanamh cinnte nach ndéantar dochar do dhuine ar bith. Tá muid dírithe ar dhéanamh cinnte go gcosnaíonn muid sábháilteacht, sláinte agus leas daoine.

Mar gheall ar ár bhfeidhmíocht láidir sa tsábháilteacht i 2016 níor tharla aon díobháilacha tromchúiseacha ná básanna lenar bhain fostaithe, conraitheoirí ná baill den phobal mar thoradh ar obair Ervia.

Tús Áite a Thabhairt dár gcuid Custaiméirí

Cuireann muid na pobail a mbíonn muid ag obair dóibh agus ag oibriú iontu ag croílár ár gcuid gnó. Trí Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann, freastalaíonn Ervia ar 1.7 milliún custaiméir gach lá.

Soláthraíonn muid fuinneamh sábháilte chun tithe a théamh agus cumhacht a chur ar fáil go gnóthais ar fud na hÉireann. Soláthraíonn muid uisce cóireáilte le haghaidh cócaireachta, glanta agus óil, agus baineann muid fuíolluisce chun ár dtimpeallacht a choimeád sábháilte do chách.

Trínár gclár Tús Áite don Chustaiméir tá muid geallta chun custaiméirí a chur ag croílár ár gcuid oibre go léir. Déanann muid sin trí dhíriú ar sheirbhís chomhsheasmhach a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar ionchais ár gcustaiméirí agus a sháraíonn iad agus a fhéachann chuig fiosruithe a fhreagairt agus fadhbanna a réiteach an chéad uair a thagann siad chun cinn. Díríonn muid freisin ar chumarsáid ghníomhach agus ar fheabhsú leanúnach ár gcuid próiseas chun déileáil le fadhbanna sula dtagann siad chun cinn. Sa deireadh déanann muid cinnte gur féidir lenár gcuid custaiméirí idirghníomhú linn agus úsáid á baint as an mbealach is fearr leo.

Tá ár ndaoine ag Croílár ár Ratha

Tá ár ndaoine rithábhachtach chun go n-éireodh linn mar eagraíocht ardfheidhmíochta. Is í an fhís atá againn ná foireann éagsúil, thiomanta agus chumasach a fhorbairt agus a chothú agus eagraíocht sholúbtha, ardfheidhmíochta a thógáil a ghlacann cur chuige 'is féidir linn'.

Tá timpeallacht oibre dhearfach agus chuimsitheach forbartha againn. Ligeann sé sin dúinn díriú ar phróisis agus cleachtais a fhorbairt a dhéanann cinnte go bhfuil ár ndaoine folláin, go bhforbraíonn siad agus go mbíonn siad rannpháirteach. Is í an aidhm atá againn ná go mbeadh na daoine cearta ag a bhfuil na scileanna cearta sna poist chearta. Is mian linn go mbeadh ár



gcuid fostaithe in ann na scileanna, na hinniúlachtaí, an t-eolas agus na dearcaí a fhorbairt a theastaíonn uathu chun a ndícheall a dhéanamh ina gcuid ról reatha in Ervia agus ina gcuid ról amach anseo.

Moltar forbairt ghairme in Ervia. Tosaíonn deiseanna lenár gcuid clár um chéimithe agus printísigh agus leanann siad ar aghaidh le gairmeacha ár gcuid fostaithe linn. Cuireann muid an t-eolas agus na huirlisí go léir a theastaíonn uathu ar fáil do gach ball foirne ionas gur féidir leo oibriú as a stuaim féin. Cuireann sé lena rath féin agus le rath Ervia freisin.

Treoraítear an próiseas sin ag piarmheantóireacht, oiliúint ar ardfeidhmíocht agus ár gcóras bainistíochta feidhmíochta, atá bunaithe *Iompar i gComhair Ratha*. Cabhraíonn ár gclár um bainistíocht scileanna linn cumais bhainistíochta agus cheannaireachta a aithint agus a fhorbairt san eagraíocht. Leis an dá chlár i dteannta a chéile is féidir linnte daoine cumasacha a chruthú agus na hinniúlachtaí a fhorbairt a theastaíonn uainn chun go mbeidís inár n-ílfhóntas den chéad scoth.

Infheistíocht a Dhéanamh i mBonneagar na hÉireann

Tá Ervia freagrach as na bonneagair riachtanacha gáis, uisce agus fuíolluisce a thacaíonn le fás gheilleagar na hÉireann. Tá 40 bliain de thaithí againn ar bhonneagar ríthábhachtach na hÉireann a thógáil agus a chothabháil agus ar thionscadail náisiúnta um athrú ó bhonn a thabhairt chun críche.

I 2016, d'infheistigh €584 milliún chun déileáil leis na fadhbanna ba phráinní ó thaobh sláinte, sábháilteachta, timpeallachta agus soláthair atá os comhair líonraí uisce agus fuíolluisce na hÉireann agus forbairt a dhéanamh ar an líonra gáis chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta agus chun feabhas a chur ar shláinte agus cháilíocht bheatha mhuintir na hÉireann.

Muinín agus Meas a Ghnóthú

Bíonn Ervia ag iarraidh bheith freagrúlach agus trédhearcach don phobal ina chuid gnó go léir. Déileálann muid le meas lenár gcustaiméirí, ár sócmhainní agus na hacmhainní nádúrtha a mbraitheann muid orthu. Oibríonn muid go crua chun muinín a chothú agus ag an am céanna tuigeann muid go bhfuil gá le meas a thabhairt ar rúndacht agus ar íogaireacht tráchtála áit is cuí. Mar sholáthraí fóntais rialaithe, coimeádann muid i gcumhne an sainordú tábhachtach a tugadh dúinn: seirbhísí ardchaighdeáin agus iontaofa a sheachadadh a chumasaíonn forbairt eacnamaíoch agus shóisialta.

Tá ár n-eagraíocht agus a cuid fochuideachtaí geallta chun na leibhéil is airde de thrédhearcacht agus d'fhreagrúlacht. Tá Beartas Trédhearcachta forbartha ag Ervia chun cur leis an ngealltanas sin agus mar aitheantas ar ár gcuid dualgas mar shaoránach corparáideach freagrach. Trí fhaisnéis a fhoilsiú ar ár láithreán gréasáin agus plé leis an bpobal. Tá súil againn go gcruthóimid tuiscint níos fearr ar an gcaoi a n-oibríonn an eagraíocht agus ar ról Ervia maidir le bonneagar agus seirbhísí náisiúnta a chur ar fáil chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta na hÉireann.

Cliste agus Éifeachtúil

Tugann trí rannán laistigh de Ervia tacaíocht don dá ghnó oibriúcháin dár gcuid a mbíonn plé acu le custaiméirí, is iad sin ná Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann. Soláthraíonn na rannáin sin saeolas, feidhmeanna tacaíochta agus seirbhísí idirbhirt thar ceann na heagraíochta iomláine. Trí oibriú as lámh a chéile, agus leas a bhaint as ár dtaithí agus ár saeolas, is féidir linn cur chuige barainneach a ghlacadh ionas gur féidir linn rudaí a dhéanamh go maith an chéad uair.

Tá an rannán Tionscadal Mór ina ionad feabhais atá freagrach as príomhthionscadail bonneagair straitéisigh a chur i gcrích agus comhlíonann rannán an Ionad Grúpa feidhmeanna rialachais, maíreacht agus tacaíochta. Déanann ár rannán

Seirbhísí Roinnte cinnte go mbaintear amach éifeachtúlachtaí ar fud sheirbhísí idirbhirt na heagraíochta.

I dteannta a chéile tá muid tiomanta chun oibriú mar aon fhoireann amháin. Leanann muid ar aghaidh ag aithint sineirgí a ligeann dúinn ár gcuid próiseas a fheabhsú agus a shruthlíniú agus coigiltis chostais a bhaint amach thar ceann ár gcuid custaiméirí agus páirtithe leasmhara.

Samhail Ghnó Mharthanach a Thógáil

Is cuideachta ilfhóntais í Ervia a bhfuil teist chruthaithe aici agus a sholáthraíonn samhail gnó atá rathúil agus daingean. Bíonn muid ag obair i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú i gcónaí, thar roinnt tionscal, áit a mbíonn tionchar mór ag factóirí aeráide, rialála agus tionscail ar ár gcuid oibríochtaí.

Coimeádann muid súil ar na hathruithe agus athraíonn muid féin dá réir agus leanann muid ar aghaidh ag aithint deiseanna chun an chuideachta a mhéadú ar mhaithe le muintir na hÉireann. Mar eagraíocht ag a bhfuil dhá ghnó rialáilte oibríonn muid laistigh de chreat rialála atá trédhearcach agus neamhspleách. Cuireann sé sin ar ár gcumas rátáil creidmheasa de ghrád láidir infheistíochta a choimeád i GNI.

I 2016, léirigh Ervia na tairbhí a bhaineann lenár samhail ilfhóntais san Aonach Co. Thiobraid Árann agus i mBaile Loch Garman nuair a chuir muid tús le hoibreacha gáis, uisce agus fuíolluisce ag an am céanna sa dá bhaile chun costais tógála a laghdú agus cur isteach ar ghnóthais áitiúla agus an lucht cónaithe a laghdú agus ar an mbealach sin tionscadail níos éifeachtúla ar an iomlán a bhaint amach.

I dteannta leis na tionscadail tógála agus athchóirithe ar tugadh fúthu i rith na bliana, bhain Ervia amach na spriocanna oibriúcháin agus airgeadais go léir. Freisin d'íoc an eagraíocht díbhinn de €135 milliún leis an Státchiste, rud a chinntigh luach don scairshealbhóir.

Ár Straitéis a Chomhlíonadh

Ár dTosaíocht Straitéiseach

A bhfuil i gCeist léi

Feidhmíocht 2016

Sábháilteacht

Tugann muid tús áite do shábháilteacht ár ndaoine, ár gcomhpháirtithe, ár gcustaiméirí agus an phobail trí dhéanamh cinnte nach ndéanann ár gcuid sócmhainní ná gníomhaíochtaí dochar d'éinne.

Díobháil Thromchúiseach/Básanna

LTIFR Intuairiscithe (>3 lá) #/100 lá

Seoladh an clár *Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile*

Custaiméirí agus Pobail

Tugann muid tús áite do chustaiméirí agus bíonn plé measúil againn leis na pobail a mbíonn muid ag obair iontu.

Sásamh Custaiméara

Réiteach Céad Theagmhála

Seoladh an clár *Tús Áite don Chustaiméir*

Daoine agus Ceannaireacht

Tá aon fhoireann amháin againn de dhaoine cumasacha agus díograiseacha, agus tacaíocht acu ó cheannairí láidre.

Tabhairt chun críche an mheasúnaithe ar Bhainistíocht Feidhmíochta %

Laethanta oiliúna in aghaidh an duine

Seoladh Córas nua um Bainistíocht Feidhmíochta clár Meantóireachta Inspire

Bonneagar

Soláthraíonn muid bonneagar ardchaighdeáin, inbhuanaithe agus iontaofa uisce, gáis agus teileachumarsáide agus déanann muid bainistíocht ar ár gcuid sócmhainní de réir dea-chleachtas chun tacú lenár ngeilleagar agus é a fhorbairt.

Clár Caipitil

Líon na bFógraí fadtéarmacha chun Uisce a Fhiuchadh atá fós i bhfeidhm

Freagra ar PRE laistigh d'aon uair an chloig

Muinín agus Meas

Leanann muid ar aghaidh ag obair go crua chun muinín agus meas ár gcuid páirtithe leasmhara go léir a ghnóthú.

Tugadh tacaíocht d'athbhreithniú an Rialtais trí obair an Chomhchoiste Oireachtais ar mhaoiniú mhuirir uisce tí amach anseo le haghaidh UÉ

Forbraíodh Beartas Trédhearcachta chun lenár bhfreagrúlacht agus mar aitheantas ar ár gcuid dualgas mar shaoránach corparáideach freagrach

Samhail Ghnó Rathúil, Mharthanach

Táimid rathúil mar ghnó, agus teist láidir againn chomh maith le samhail mharthanach ghnó, agus leibhéal ard d'inniúlacht ghnó ina theannta sin.

EBITDA:

Rátáil IG Líonraí Gáis Éireann:

S&P

Moody's

Cliste agus Éifeachtúil

Oibríonn muid mar eagraíocht atá lán-chomhtháite, cliste agus éifeachtúil.

Baineadh amach an sprioc bhliantúil um éifeachtúlacht/laghdú costas

Líonraí Gáis Éireann
2016Uisce Éireann
2016

Gníomhartha agus Tionscnaimh 2017

Nialas

Nialas

0.11

0.18

Ar Fud Ervia

- ▶ Leanúint ar aghaidh ag leathnú agus ag soláthar an chlár *Sábháilte san Ionad Oibre, Sábháilte sa Bhaile*;
- ▶ Cláir sábháilteachta a sholáthar agus a chur i bhfeidhm ar fud eagraíochtaí comhpháirtí agus gnó;
- ▶ Cláir sláinte agus leasa a chur i bhfeidhm do gach ball foirne.

88%

66%

91%

85%

Ar Fud Ervia

- ▶ An clár *Tús Áite don Chustaiméir* a chur i bhfeidhm agus cultúr seirbhíse, straitéis dhigiteach agus fóraim chustaiméara/lastóra;
- ▶ Seónna bóthair pobail agus réigiúnacha a reáchtáil go rialta;
- ▶ Leanúint ar aghaidh le suirbhéanna rialta ar chustaiméirí, agus aiseolas a mheasúnú agus gníomh a ghlacadh dá réir.

99%

99%

3.2

5

Ar Fud Ervia

- ▶ Tionscnaimh um thionscadail Aon Fhoireann Amháin a bhaint amach;
- ▶ Cláir oiliúna, meantóireachta agus sealaíochta a leathnú ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta agus an Creat um Forbairt Ceannaireachta san áireamh.

€125m

€459m

n/a

5,511

99.89%

n/a

Ar Fud Ervia

- ▶ Na cláir sceidealaithe infheistíochta caipitiúla um ghás, uisce agus teileachumarsáid a chur i gcrích in am agus de réir an bhuiséid;
- ▶ Cláir spriocdhírthe BWN, RAL agus Luaidhe a chur ar fáil;
- ▶ An tionscadal um Chreat Oibriúcháin an Tionscal Uisce (COTU) a chur i gcrích;
- ▶ Bonneagar GNB/Bithgháis a sholáthar.

- ▶ Fóraim um príomhpháirtithe leasmhara a reáchtála chun plé eolach agus tuiscint a chothú;
- ▶ Ár gcláir Freagrachta Corparáidí a Leathnú.

Ar Fud Ervia

€323m

€129m

A

n/a

A3

n/a

- ▶ Conarthaí rialála a shocrú trí idirbheartaíocht a fhreastalaíonn ar riachtanais airgeadais an ghnó;
- ▶ Straitéis shlán mhaoinithe a fhorbairt;
- ▶ Clár a fhorbairt chun spriocanna um laghdú costas agus éifeachtúlacht a aithint agus a chomhlíonadh.

€5.2m

€35.6m

- ▶ Tairbhí an Tionscadal Evolve a aithint agus a bhaint amach;
- ▶ Beartas gníomhach um shealaíocht foirne a chur ar fáil;
- ▶ Straitéis a fhorbairt chun úsáid Seirbhísí Roinnte an mhéadú an oiread is féidir ar mhaith le héifeachtúlacht oibriúcháin.

Samhail Ghnó Ervia

Colúin Straitéiseacha Ervia

Sábháilteacht	Custaiméirí & Pobail	Daoine & Ceannaireacht	Muinín & Meas	Bonneagar	Samhail Ghnó Rathúil agus Marthanach	Cliste & Éifeachtúil
---------------	----------------------	------------------------	---------------	-----------	--------------------------------------	----------------------

Ár Luachanna

Comhar	Ionracas	Sábháilteacht	Custaiméir	Feidhmíocht
--------	----------	---------------	------------	-------------

Gníomhaíochtaí Ervia

Tá **Uisce Éireann** freagrach as oibriú gach seirbhís uisce phoiblí agus fuíolluisce a chuimsíonn:

- ▶ Sócmhainní náisiúnta uisce agus fuíolluisce a bhainistiú;
- ▶ Na córais uisce agus fhuíolluisce a chothabháil;
- ▶ Infheistiúcht agus Pleanáil;
- ▶ Tionscadail Chaipitil a Bhainistiú;
- ▶ Cúram Custaiméara agus Billeáil.

Tá Uisce Éireann freagrach freisin as gach cinneadh maidir le hinfheistiúcht chaipitiúil agus as an gclár caipitil a chur i bhfeidhm ar fud na tíre.

Is é cuspóir lárnach **Líonraí Gáis Éireann** ná déanamh cinnte go bhfaigheann os cionn 673,000 teaghlaigh agus gnó soláthar sábháilte, éifeachtúil agus slán de ghás nádúrtha, 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain.

Tá Líonraí Gáis Éireann ina n-úinéirí ar an líonra gáis nádúrtha in Éirinn; oibríonn siad, tógann agus cothabhálann siad é agus ceanglaíonn siad gach custaiméir leis an líonra.

Is é **Aurora Telecom** an príomhsholáthraí um sheirbhís aisiompair snáithín optúil dorcha in Éirinn. Táimid inár n-úinéirí ar agus oibríonn muid líonra snáithín optúil dorcha ag a bhfuil rochtain oscailte, atá neodrach ó thaobh iompróra agus ag a bhfuil comhaireamh fíor-ard de shnáithíní.

Ervia agus an Geilleagar

1,671,000 Custaiméir

€4,744m Iomlán na Sócmhainní

1,155 Ionad Cóireála Fuíolluisce

900 Ionad Cóireála Fuíolluisce

Líonra Fuíolluisce 25,000km

Líonra Uisce 63,000km

Líonra Gáis 13,954km

641km Líonra Aurora

1,621 Fostaí de chuid Ervia

Rátáil Chreidmheasa Líonraí Gáis Éireann

S&P: **A**

Moody's: **A3**

€1,945m Glanfhiachas

€452m EBITDA

Spricanna Insroichte Ervia

- ▶ Sásamh Custaiméara
- ▶ Cairteacha Custaiméara agus Leibhéal Seirbhíse
- ▶ Pleananna agus Cláir Ardchaighdeáin um Sholáthar Caipitiúil
- ▶ Oibríochtaí Éifeachtúla
- ▶ Monatóireacht ar an gComhshaoil
- ▶ Sábháilteacht
- ▶ Bealaí Cliste agus Éifeachtúla Oibre
- ▶ Cláir um Forbairt Cheannaireachta agus Cumas
- ▶ Cláir Oilíúna
- ▶ Tairiscint Éifeachtach AE
- ▶ Luach ar Airgead
- ▶ Pleananna Gnó

Ár dTimpeallacht Sheachtrach ▶ faigh níos mó eolais: **Suirbhé a Dhéanamh ar ár dTimpeallacht Sheachtrach** – leathanach 18

Spricanna na hÉireann maidir le hAthrú Aeráide	Timpeallacht Nádúrtha na hÉireann a Chosaint	Na hEarnálacha Gáis agus Uisce a Rialú	Cibearshlándaíl
--	--	--	-----------------

Ráiteas an Chathaoirligh

Ó tháinig mé chun bheith i mo chomhalta de Bhord Ervia i mí Iúil 2016, rud a théann i bhfeidhm go mór orm ná méid agus castacht an dúshláin atá os comhair na heagraíochta, an dul chun cinn mór atá déanta ag an gcuideachta go dtí seo agus neamhbhuaine na timpeallachta seachtraí a n-oibríonn sí inti.

Anois tá trí bliana caite ag Ervia i mbun na hiarrachta tacú le daoine ina saol laethúil trí sheachadadh freagrach sheirbhísí gáis, uisce agus fuíolluisce, trínár gcuid gnóthas oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann. Is í an fhís atá againn ná cuideachta Éireannach iontaoifa a thógáil atá aitheanta mar cheannródaí i seachadadh bonneagair agus seirbhísí do chustaiméirí, áit ar ábhar bróid é do bhaill foirne go bhfuil siad ag obair inti agus a mheastar mar deashaoránach corparáideach. I 2016 lean muid ar aghaidh ag tógáil ar ár gcuid bonn láidir agus ag déanamh dul chun cinn san iarracht seachadadh thar ceann mhuintir na hÉireann.

Ceapadh an Cathaoirleach **Tony Keohane** chuig Bord Ervia ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar an 5 Iúil 2016 agus dearbhaíodh go foirmiúil mar Chathaoirleach é i mí Mheán Fómhair 2016.



Ráiteas an Chathaoirligh

(ar lean)

“D’infheistigh Ervia €584 milliún i 2016 chun déileáil leis na fadhbanna ba phráinní ó thaobh sláinte, sábháilteachta, timpeallachta agus soláthair atá os comhair líonraí uisce agus fuíolluisce na hÉireann agus forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an líonra gáis.”

Bord agus Rialachas

Mar Chathaoirleach ba mhaith liom fáilte a chur roimh mo chuid Comh-Chomhaltaí Boird a tháinig go Ervia i 2016; Chris Banks, Fred Barry agus Keith Harris; a bhfuil taithí fhairsing acu a mbainfidh an eagraíocht leas aisti. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le Comhaltaí reatha Boird as a dtacaíocht agus muid á n-ionduchtú san eagraíocht. Táim ag tnúth go mór le bheith ag obair leo chun rialachas éifeachtach a chur ar fáil don eagraíocht i 2017 agus chun tacú léi.

Tá Bord Ervia geallta chun na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach agus d’iompar gnó eiticiúil a bhaint amach agus bíonn sé i gcónaí ag athbhreithniú agus ag nuashonrú a chuid beartas agus nósanna imeachta i gcomhréir le dea-chleachtas.

Dúshláin Méide agus Castachta

Teastaíonn infheistíocht fós i líonraí uisce agus fuíolluisce na hÉireann sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus is féidir leo leas a bhaint as cur chuige caighdeánaithe i dtreo fiontas atá bunaithe ar an dea-chleachtas. Tá líonra mór de shócmhainní scoite agus scaipthe faighte le hoidhreacht ag Ervia agus iad deisriocht éagsúil orthu go léir; téann cuid acu siar go dtí an 19ú haois. Chun líonraí uisce agus fuíolluisce na hÉireann a dheisiú beidh infheistíocht mheántéarmach mheasta de tuairim is €13 billiún ag teastáil ar bhonn struchtúrach agus céimnithe.

Ní mór don fhiontas gáis níos aibí atá ag Ervia, Líonraí Gáis Éireann a ról fadtéarmach a chinntiú i dtodhchaí na hÉireann gan charbóin trí chlár oibre leanúnach um fás, margadh a fhorbairt do ghás nádúrtha mar bhreosla iompair agus gás inathnuaite a neodrach ó thaobh carbóin a thabhairt isteach sa líonra náisiúnta.

Bliain Eile Dul chun Cinn


D’infheistigh Ervia €584 milliún i 2016 chun déileáil leis na fadhbanna ba phráinní ó thaobh sláinte, sábháilteachta, timpeallachta agus soláthair atá os comhair líonraí uisce agus fuíolluisce na hÉireann agus forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an líonra gáis. Choimisiúnaigh Ervia Ionad nua Cóireála Fuíolluisce sa Seanbhaile Co. Chorcaí i 2016, rud a laghdaigh ag leatha an méid séarachais gan chóireáil a dhéantar a chaidéalú isteach i gCuan Íochtair Chorcaí gach lá.

Laghdaigh Uisce Éireann an baol d’éilliú uisce óil i 37 Ionad Cóireála Fuíolluisce agus mar sin baineadh iad de Liosta Gníomhartha Leasaitheacha na Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i 2016. Freisin rinne Uisce Éireann dul chun cinn mór maidir le fadhb na luaidhe san uisce óil, agus tugadh chun críche an seisiún comhchomhairle poiblí deireanach don Dréachtphlean um Luaidhe san Uisce Óil agus cuireadh tús le cóireáil ortafosfáite i Luimneach chun sláinte poiblí a chosaint.

Cheangail Líonraí Gáis Éireann an tAonach, Co. Thiobraid Árann agus Baile Loch Garman leis an líonra gáis nádúrtha agus baineadh amach uasghrádú ar an rátáil chreidmheasa go A3 ó Moody’s. Freisin chuir Líonraí Gáis Éireann tús le hobair ar an gcéad cheann de thrí stáisiún breosla um ghás nádúrtha comhbhrúite in Éirinn agus an Tionscadal um Phíblíne Nasctha 50km le hAlbain chun feabhas a chur ar shlándáil sholáthar nádúrtha na hÉireann.

Faigh níos mó eolais faoi **Rialachas** ar leathanach49

Díbhinn Charnach Íochta ag Ervia suas go dtí seo



Feidhmíocht Airgeadais

Bhí feidhmíocht airgeadais láidir ag Ervia i 2016, agus an fheidhmíocht ioncaim méadaithe ó €62 milliún go €1.4 billiún. Freisin tháinig feabhas ar fheidhmíocht EBITDA agus méadú de €73 bhiliún bliain ar bhliain go €452 milliún agus ba é an méid airgid thirim a ghin muid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin ná €514 milliún amhail an 31 Nollaig 2016.

I 2016 lean Ervia ar aghaidh ag cur go mór le geilleagar na hÉireann trí phárolla, dhíbhinní, cánacha indíreacha agus earraí ceannaithe ó sholáthraithe Éireannacha. D'íoc Ervia díbhinn €135 milliún leis an Stáitchiste, arna mhaoiniú ag Líonraí Gáis Éireann, agus leis sin tógadh iomlán na dtuairisceán do scairshealbhóirí ó bunaíodh Bord Gáis Éirinn go méid suntasach, €1.375 billiún.

Dearcadh

I gclár 2016 le haghaidh an Rialtais cuimsíodh gealltanas soiléir chun na samhla náisiúnta d'aon fhóntas náisiúnta amháin um sholáthar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce le haghaidh na hÉireann. Freisin cuimsíodh soláthar i gcomhair: comhlacht comhairleach seachtrach a bhunú chun féachaint ar mhuintir an phobail as Uisce Éireann agus cur léi; Coimisiún Saineolaithe chun athbhreithniú a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh maidir le maoiniú fadtéarmach sa toadhcháil i gcomhair sholáthar sheirbhísí uisce teaghlaigh agus Comhchoiste Oireachtais a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil saineolaithe sin agus moltaí a dhéanamh don Dáil. Mar thoradh ar an gclár oibre sin cuireadh billí uisce teaghlaigh ar fionraí ar feadh tréimhse naoi míosa ar feitheamh leis an athbhreithniú. Le linn an phróisis sin d'oibrigh Ervia agus Uisce Éireann as lámh a chéile i gcónaí leis an gCoimisiún Saineolaithe agus leis an gComhchoiste Oireachtais agus tá an eagraíocht fós geallta chun aon athrú a thagann chun cinn maidir le beartas a chur i bhfeidhm.

Mar gheall ar fheidhmíocht láidir airgeadais agus oibriúcháin an ghnó i 2016 tá Ervia in áit mhaith le leanúint ar aghaidh ag baint amach ár gcuspóirí straitéiseacha i 2017. Bainfidh muid

leas as an dul chun cinn a rinneadh i 2016 agus leanfaidh muid ar aghaidh ag soláthar na gclár um athrú ó bhonn atá leagtha amach ar fud na heagraíochta.

Leanfaidh Uisce Éireann ar aghaidh ag soláthar clár um infheistíocht mhór chaipitil chun an tionscal uisce a athrú ó bhonn agus bonneagar agus seirbhísí iontaoifa, ardchaighdeán uisce agus fuíolluisce a chur ar fáil. Freisin oibreoidh an gnó as lámh a chéile lenár gcomhpháirtithe Údarais Áitiúil chun Creat Oibriúcháin an Tionscail Uisce a chur ar aghaidh agus ar an mbealach sin níos mó sineirgí agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach thar ceann na hÉireann.

I 2017 cuirfidh Líonraí Gáis Éireann i gcrích an próiseas um Rialú Praghas 4 leis an CER chun déanamh cinnte gur féidir leis an ngnó oibriú agus na líonraí a chothabháil ar bhealach a fhreastalóidh ar riachtanais chustaiméirí gáis ar chostas éifeachtach go dtí 2022. Freisin leanfaidh Líonraí Gáis Éireann agus Ervia ar aghaidh ag moladh úsáid gáis inathnuaite agus an margadh um ghás nádúrtha mar bhreosla iompair in Éirinn.

Déanfaidh muid é sin go léir go sábháilte agus de réir na gcaighdeán is airde agus is féidir, agus muid ag leanúint ar aghaidh ag cothú muiníne, muinín an chustaiméara ach go háirithe, agus ag soláthar sheirbhísí nua-aimseartha fóntais a thacaíonn le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann.

Buíochas

Thar mo cheann féin agus thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Simon Coveney, agus an tAire Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil, Denis Naughton, as a dtacaíocht i 2016. Tá muid faoi chomaoin a gcuid ranna agus oifigeach, ar gach leibhéal, as a bplé gníomhach agus a dtacaíocht do Ervia i rith na bliana.

Tá buíochas speisialta ag dul do Michael McNicholas a thug le fios i 2016 go bhfuil sé ar intinn aige éirí as a chúram mar

Phríomhoifigeach Feidhmíocháin an Ghrúpa i 2017. Is mór an cailteanas don eagraíocht duine dá chumas. Bhí ról lárnach ag Michael i mbunú Ervia agus bhí sé i gceannas ar an gcuideachta le linn na forbartha casta agus dúshlánaí óna bhunús mar Bhord Gáis Éirinn agus is as sin ach go háirithe a bhfuilimid fíorbhuíoch. Guíonn muid gach rath air ina chuid oibre amach anseo.

Sa deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Foireann Feidhmíocháin agus baill foirne go léir Ervia as a dtacaíocht agus a ndíograise bhuan i 2016. Is mar gheall orthu siúd a leanann an chuideachta ar aghaidh ag feidhmiú go maith ó thaobh airgeadais agus ag déanamh dul chun cinn suntasach agus ag bonneagar na hÉireann á fheabhsú.

Tony Keohane
Cathaoirleach

“Mar gheall ar fheidhmíocht láidir airgeadais agus oibriúcháin an ghnó i 2016 tá Ervia in áit mhaith le leanúint ar aghaidh ag baint amach ár gcuspóirí straitéiseacha i 2017.”

Athbhreithniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa

Níl Ervia ach trí bliana ar an bhfód, ach tá dul chun cinn suntasach déanta aige maidir le hilfhóntas nua faoi úinéireacht stáit a bhunú ag a bhfuil an cumas teicniúil, innealtóireachta agus airgeadais chun seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí. Ó 2014 tá 1,000 duine tagtha chuig an gcuideachta agus inniu idir foireann Ervia agus ár gcuid chomhpháirtithe seirbhíse tá os cionn 7,000 duine a bhfuil baint dhíreach acu lenár gcuid seirbhísí a sheachadadh dár gcuid custaiméirí.



Michael McNicholas,
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin an Ghrúpa

I 2016 cheiliúir Líonraí Gáis Éireann (Líonraí Bhord Gáis a bhí air roimhe sin), 40 bliain ar an bhfód. Bunaíodh i 1976 é chun déanamh cinnte go mbainfeadh Éire an buntáiste ba mhó agus ab fhéidir ó thaobh geilleagair as na taiscí gáis nádúrtha a thángthas orthu amach ó chósta Chionn tSáile, Co. Chorcaí agus chun athchóiriú a dhéanamh ar líonra gáis na gcathracha/bailte a raibh drochbhail tagtha air i ngach ionad uirbeach mór ar fud na tíre. Inniu tá líonra gáis nua-aimseartha tarchurtha agus dáileacháin againn ar fud na hÉireann, a oibríonn de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde agus a bhfuil idirnasc mór le margáí gáis an RA agus na hEorpa.

Mar chodarsnacht chuaigh na blianta fada de thearcinfheistíocht i bhfeidhm go mór ar ár mbonneagar uisce agus fuíolluisce agus ábhair i go leor díospóireachta pobail le blianta beaga anuas ab iad fadhbanna le caighdeán an uisce óil agus diúscairt séarachais aimhe isteach inár gcuid aibhneacha agus tránna. Is é an cúram atá leagtha orainn ó bhí 2013 ann ná cur le taithí agus cumas ár bhfóntas gáis chun fóntas nua uisce phoiblí a bhunú agus déanamh cinnte go gcuireann sé lena chumas déileáil le dúshláin tromchúiseacha ó thaobh ár gcuid seirbhísí uisce agus fuíolluisce.

I 2016 d'fhreastail muid ar riachtanais níos mó ná 1.7 milliún custaiméir, d'fhreagair muid 140,000 iarratas seirbhíse agus sholáthair muid clár infheistíochta caipitil de €584m.

Tá áthas orm a thuairisciú nár tharla aon díobhálacha tromchúiseacha ná básanna ar fud oibríochtaí go léir Ervia i 2016. Agus go leor dár bhfoireann agus dár gcomhpháirtithe i mbun tógála, oibríochtaí, cothabhála agus gníomhaíochtaí eile a bhfuil riosca ard ag baint leo, is toradh sásúil é sin.

Mar eagraíocht nua tuigimid go bhfuil gá le béim mhór ar chultúr agus iompar a chothú sa chomhlacht a léiríonn fóntas

poiblí ardfheidhmíochta. Chuige sin sheol muid roinnt tionscnamh i 2016 a bhí ceaptha chun tacú leis an gcultúr sin. Díríonn ár gclár *Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile* ar na gnéithe iompair den tsábháilteacht atá rithábhachtach chun go mbainfimis amach ár sprioc de nialas díobhálacha. Le *Tús Áite don Chustaiméir* cuirtear leis an ngealltanais láidir chun seirbhíse inár n-eagraíocht agus féachtar chuig athruithe praiticiúla a chur i bhfeidhm chun leanúint ar aghaidh ag feabhsú sheachadadh seirbhíse dár gcustaiméirí, dár bpobail agus don phobal i gcoitinne. Sa deireadh, ceapadh ár gclár um forbairt ceannaireachta agus *clár Meantóireacht Inspire* chun líonra láidir ceannairí a thógáil ar fud na cuideachta.

Feidhmíocht Airgeadais agus Maoiniú

Bhí feidhmíocht dhaingean airgeadais ag Ervia le haghaidh 2016, agus torthaí láidre oibriúcháin in éineacht leis. Ba é méid an ioncaim le haghaidh na bliana go dtí an 31 Nollaig 2016 ná €1,404 milliún, agus mhéadaigh sé sin ag €62 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe, rud a léiríonn feidhmíocht chobhsaí Líonraí Gáis Éireann agus forbairt leanúnach Uisce Éireann.

Cúitíodh an tionchar a bhí ag cur ar fionraí na mbillí uisce teaghlaigh ar an ioncam i rith 2016 ag méadú ar an ioncam fóirdheontais ón Rialtas.

Tháinig méadú €51 milliún go €203 milliún ar bhrabús roimh cháin le haghaidh 2016 mar gheall ar fheidhmíocht fheabhsaithe EBITDA de €73 milliún, agus cúitíodh é sin i bpáirt ag muirir níos airde de €20 milliún as dímhéas a tháinig chun cinn mar gheall ar an infheistíocht mhéadaithe i mbonneagar. Déanfar aon bharrachas a thiocthaidh chun cinn in Uisce Éireann a athinfheistiú i mbonneagar uisce agus fuíolluisce.

I rith 2016 fuair Líonraí Gáis Éireann uasghrádú ar an rátáil chreidmheasa, go rátáil A3 ag Moody's agus ardaíodh €625

milliún ó mhaoiniú fadtéarmach ag rátaí úis iomaíocha. Léiríonn sé sin tuairim dhearfach infheisteoirí i dtreo an fhóntas gáis rialaithe.

Tá saoráidí gearrthéarmacha bainc tráchtála de mhéid iomlán €1,260m socraithe trí idirbheartaíocht ag Uisce Éireann, agus bhí €975m de sin tarraingthe aníos faoi dheireadh 2016.

I rith 2016, d'infheistigh Ervia méid iomlán de €584 milliún i mbonneagar rithábhachtach uisce, fuíolluisce agus gáis in Éirinn.

Seirbhísí Uisce a Athrú ó Bhonn

Is fóntas poiblí nua é Uisce Éireann. I 2016 lean an gnó ar aghaidh ag cur lena chumas lárnach innealtóireachta agus lena chuid eolais ar riocht bhonneagar uisce agus fuíolluisce na hÉireann. Ag an am céanna sholáthair sé clár suntasach oibre agus rinneadh dul chun cinn maith

"I rith 2016 fuair Líonraí Gáis Éireann uasghrádú de ghrád infheistíochta ar an rátáil chreidmheasa, go rátáil A3 ag Moody's agus ardaíodh €625 milliún ó mhaoiniú fadtéarmach ag rátaí úis iomaíocha."

Athbhreithniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa

(ar lean)

“Freisin tá 66 Ionad Cóireála Fuíolluisce nua nó uasghrádaithe curtha ar fáil ag Uisce Éireann, agus feabhas curtha ar thoilleadh agus cóireáil cháilíochta an fhuíolluisce ar fud na tíre.”

maidir le déileáil le cuid de na fadhbanna is measa inár gcuid seirbhísí uisce.

I 2016 d’infheistigh an chuideachta €459 milliún i dtionscadail chaipitil a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar chaighdeán an uisce óil, ligin a laghdú agus cóireáil fuíolluisce a fheabhsú. I 2016 cuireadh deireadh leis an gcuid is mó d’Fhógraí um Fiuchadh Uisce a bhí fós gan réiteach agus a raibh éifeacht acu ar níos mó ná 16,000 duine agus go leor acu ag fiuchadh uisce le níos mó ná seacht mbliana. Cé go gcuirtear fáilte roimh an scéal sin, is fíor fós gur cuireadh Fógra um Fiuchadh Uisce i bhfeidhm ar bheagnach 98,000 duine agus, mar thoradh ar iarrachtaí Uisce Éireann, cuireadh deireadh leo ina dhiaidh sin i rith na bliana. Léiríonn sé sin nádúr neamhbhuan go leor de na soláthair uisce phoiblí sa tír.

Baineadh 37 n-Ionad Cóireála Fuíolluisce san iomlán ón Liosta Gníomhartha Ceartaitheacha de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i 2016. Mar gheall air sin rinneadh uisce óil sábháilte do níos mó ná 200,000 custaiméir trí dheireadh a chur le riosca an dí-éillithe. Freisin tá 66 Ionad Cóireála Fuíolluisce nua nó uasghrádaithe curtha ar fáil ag Uisce Éireann ó bhí 2014 ann, agus feabhas curtha ar thoilleadh agus cóireáil cháilíochta an fhuíolluisce ar fud na tíre. Díol suntais faoi leith ab ea tabhairt chun críche Ionad Cóireála Fuíolluisce an tSeanbhaile i gCuan Íochtair Chorcaí, mar gheall air sin laghdaíodh ag 50% an méid séarachais aimhe gan chóireáil a bhí á scaoileadh i gCuan Íochtair Chorcaí. Ina theannta sin sábháladh 77.3 milliún lítear d’uisce ag an gclár Leigheas Roimh Ré agus tá 890km de phríomhlíonra nua uisce leagtha ó bhí Eanáir 2014 ann, rud a chuir deireadh le go leor ligean agus a chur feabhas agus iontaofacht agus brú an tsoláthair le haghaidh custaiméirí.

Lean Uisce Éireann ar aghaidh ag forbairt straitéisí náisiúnta fadtéarmacha um fhadhbanna lárnacha a bhíonn tionchar acu ar earnáil uisce na hÉireann.

I measc samplaí díobh tá an seisiún comhchomhairle deireanach leis an bpobal maidir leis an Dréachtphlean um Luaidhe san Uisce Óil 2016, inar fhéachadh chuig déileáil le fadhb a bhfuil neamhaird á tabhairt uirthi leis na blianta fada. Freisin chuir an gnó tús leis an gcéad tionscadal píolótach um dháileadh ortafosfáite i Luimneach agus tuaslagán á úsáid, atá in úsáid i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain leis na blianta fada, a fhorbraíonn clúdach cosantach os cionn phíobáin agus fheistis luaidhe agus a fhaigheann leis an mbaol go ndéanfaí luaidhe a thuaslagadh isteach in uisce óil. Chomh maith leis sin, d’fhorbair Uisce Éireann straitéis infheistíochta chun déileáil le fadhb na dtríhalaimeatán san uisce óil, agus d’fhoilsigh siad Plean Náisiúnta um Bainistíocht Shloda Fuíolluisce ina leagtar amach cur chuige caighdeánaithe náisiúnta i dtreo sloda fuíolluisce a bhainistiú i gcaitheamh na 25 bliana amach romhainn.

Rinneadh dul chun cinn láidir i 2016 maidir le forbairt bhreise a dhéanamh ar aon fhóntas náisiúnta amháin a bheidh in ann ár gcuid seirbhísí uisce a dheisiú agus rinneadh dul chun cinn tábhachtach maidir le feabhas a chur ar chaighdeán sláinte poiblí agus chomhshaoil. Tá dúshlán an-mhór roimh an bhfóntas áfach agus ní mór an deacracht a bhaineann leis a thuiscint. Beidh gá le hinfheistíocht chaipitiúil leanúnach i gcaitheamh go leor timthrialla infheistíochta agus caighdeán chothabhála, athruithe móra oibriúcháin agus coigiltis chostais a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach chun bonneagar agus seirbhísí uisce a sholáthar atá éifeachtúil, oiriúnach agus oiriúnach don chuspóir ionas go mbeidh sé in ann freastal ar riachtanais na hÉireann.

Ról an Gháis i Meascán Fuinnimh na hÉireann

Rinne Líonraí Gáis Éireann a chuid gníomhaíochtaí oibriúcháin agus cothabhála in am, de réir caighdeán agus buiséid i 2016. Ba é méid iomlán an chaiteachais chaipitiúil le haghaidh na



Faigh níos mó eolais faoi **Uisce Éireann** ar leathanach 33

bliana ná €125 milliún agus chuimsigh sé sin tabhairt chun críche an líonra gáis san Aonach, Co. Thiobraid Árann agus píblíne gáis 46km i mBaile Loch Garman. Freisin chuir an gnó tús le píblíne 50km a thógáil in Albain, a chuirfidh feabhas ar shlándáil sholáthar gáis na hÉireann. Coimeádadh ionracas agus sábháilteacht líonra de réir caighdeán ard i rith na bliana agus arís eile chloígh an méid ama chun freagairt ar gach sceitheadh gáis tuairiscithe leis na caighdeáin idirnáisiúnta nó sáraíodh iad.

Tá eitic láidir Líonraí Gáis Éireann ó thaobh seirbhíse do chustaiméirí léirithe i raon méadrach ar nós leibhéil seirbhíse, freagra ar ghearáin agus 'éascaíocht gnó a dhéanamh leis', agus comhlíonadh spriocanna nó sáraíodh iad i rith na bliana maidir leis na méadraighe go léir. Ainmníodh an gnó le haghaidh trí dhámhachtana ar leith um sheirbhís do chustaiméirí i 2016 agus ghnóthaigh sé Gradam Órga an Irish Marketing Society mar gheall ar a Chlár *Léargas agus Taithí Custaiméirí*.

Fóntas rialaithe cobhsaí agus aibí atá i ngnó na Líonraí agus léirithe arís é sin ina fheidhmíocht fhoriomlán arís i 2016. Dúshlán straitéiseach atá sa phríomhdhúshlán a bhfuil an gnó ag tabhairt aghaidhe air, agus de réir mar a fhéachann Éire chuig aistriú go geilleagar ísealcharbóin, ní mór do Líonraí Gáis Éireann é féin a athshuíomh chun an dúshlán sin a léiriú. Inniu, tá 60 faoin gcéad d'úsáid dheireanach fuinnimh na hÉireann bunaithe ar ghual agus ola allmhairithe agus tá ról lárnach le himirt ag gás mar bhreosla um aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin. Ar bhonn fadtéarmach is é ár sprioc straitéiseach ná Líonraí Gáis Éireann a athrú ó bhonn go cuideachta ísealcharbóin.

Sa mheántearma is é ár straitéis ná níos mó gáis a iompar tríd ár líonra trí ghás a chur in ionad na bhfoinsí fuinneamh a bhfuil níos mó carbóin iontu. Tacaíonn sé sin le haistriú na hÉireann go geilleagar ísealcharbóin, agus spreagann sé úsáid

ár líonraí, agus ar an mbealach sin cabhróidh sé lenár muirir úsáide líonra a choimeád chomh híseal agus is féidir le haghaidh custaiméirí. I 2016 chomhlíon Líonraí Gáis Éireann a chuid spriocanna fáis ar fud earnálacha teaghlaigh, gnó agus tionscail an gheilleagair. Anuas air sin, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le forbairt na gcéad thrí stáisiún breosla um Ghás Nádúrtha Comhbhrúite (GNC) in Éirinn. Tríd an tionscadal GNC cuirfear foinsé breosla iompair ar fáil d'fheithiclí earraí troma a bheidh níos iomaíche agus a mbeidh níos lú carbóin inti. D'éirigh le Líonraí Gáis Éireann deontas €5.96 milliún a ghnóthú ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa de chuid an AE chun tacú le soláthar líonra de stáisiúin bhreosla GNC, rud ar borradh tábhachtach é do mhaoiniú an tionscadail.

Sineirgí Ilfhóntais a Bhaint Amach

Creideann muidne in Ervia gur féidir sineirgí suntasacha a bhaint amach agus dhá bhonneagar náisiúnta straitéiseach, líonraí gáis agus uisce/fuíolluisce faoi choimirce aon chuideachta amháin. Bainfear amach na sineirgí sin de réir mar a thiocfaidh forbairt ar an eagraíocht agus is ó sholáthar, éifeachtúlachtaí, ón slabhra soláthair agus ó sheirbhísí custaiméara tús líne a bhainfear amach iad. Is é an toradh deiridh a bheidh orthu ná seirbhís fheabhsaithe agus costas níos ísle do chustaiméirí, do thomhaltóirí agus don phobal i gcoitinne.

Sampla inbhraite den acmhainn sin ná na tionscadail chun gás a thógáil go baile an Aonaigh agus baile Loch Garman, tionscadail ar chuir Líonraí Gáis Éireann tús leo. Nuair a d'fhaomhadh na tionscadail scrúdaigh muid an cheist an bhféadfaí uasghráduithe móra a dhéanamh ar uisce agus fhuíolluisce ag an am céanna. Agus iad ag obair as lámh a chéile, ghlac Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann cur chuige ilfhóntais i dtreo gás a sholáthar do na bailte agus athchóiriú á dhéanamh ag an am céanna ar na séaraigh agus ar an bpríomhlíonra uisce i mBaile Loch Garman. Leis an gcur chuige sin baineadh amach



Faigh níos mó eolais faoi **Líonraí Gáis Éireann** ar leathanach 39

“Creideann muidne in Ervia gur féidir sineirgí suntasacha a bhaint amach agus dhá bhonneagar náisiúnta straitéiseach, líonraí gáis agus uisce/fuíolluisce faoi choimirce aon chuideachta amháin.”

Athbhreithniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa

(ar lean)

éifeachtúlachtaí agus coigiltis chostais agus ba é an toradh ba thábhachtaí air ná gur cuireadh isteach chomh beag agus ab fhéidir ar ghnóthais agus phobail áitiúla sa dá bhaile toisc gur osclaíodh sráideanna aon uair amháin agus gur cuireadh isteach dhá/trí sheirbhís ar leithligh ag an am céanna.

Ár bhFís a Réadú

Is í an fhís atá againn ná bheith inár gceannródaí iontaoifa ó thaobh sheachadadh seirbhísí agus bonneagar, agus cé go bhfuil go leor dul chun cinn déanta againn maidir leis an bhfís sin a réadú do Líonraí Gáis Éireann is eol dúinn go dtógfaidh sé roinnt ama é seo a bhaint amach d'Uisce Éireann agus do Ervia ina hiomláine. Is í an straitéis atá againn chun an fhís sin a réadú ná díriú ar sheacht gcolún straitéiseach: Sábháilteacht, Freastal ar Chustaiméirí agus Phobail, Ár nDaoine agus ár gCeannairí, Bonneagar Ardchaighdeán a Sheachadadh, Muinín agus Meas a Ghnóthú, Gnó Marthanach a Thógáil agus Bheith Cliste agus Éifeachtúil. Rud a thacaíonn leis sin ná soiléireacht maidir lenár gcuspóir agus maireachtáil de réir ár luachanna chun cultúr a chothú a léiríonn a bhfuil ionainn agus a bhfuilimid ar a son. Is féidir sonraí faoinár gcuid colún straitéiseach agus feidhmíocht de réir ár straitéise le haghaidh 2016 a fháil sa chuid *Forbhreathnú Gnó* den tuarascáil seo.

“Cuimhníonn muid ar an bhfreagracht atá orainn as dhá chuideachta rithábhachtach don bhonneagar náisiúnta agus tá muid geallta chun cur le cumas na heagraíochta, tionscadail um athrú ó bhonn a chur i gcrích agus luach fadtéarmach a bhaint amach d’Éirinn.”

Dearcadh

Cé go leanann an díospóireacht pholaitiúil agus phoiblí faoi mhaoiniú sheirbhísí uisce teaghlaigh ar aghaidh i 2017 is léir dúinn gur ábhar beartais é seo a gcinntí an rialtas air. Tá muid dírithe fós ar mhandáit Ervia; is é sin ná leas a bhaint as an eolas agus an gcumas ónár ngnó líonra gáis chun fiontas náisiúnta uisce phoiblí a thógáil agus feidhm a bhaint as an gcumas sin chun déileáil leis na dúshlán móra atá os comhair bhonneagar agus sheirbhísí uisce phoiblí agus fuolluisce na hÉireann. Ag an am céanna leanann muid ar aghaidh ag déanamh cinnte go mbíonn seirbhísí an líonra náisiúnta gáis iontaoifa, slán agus éifeachtúil.

Cuimhníonn muid ar an bhfreagracht atá orainn as dhá chuideachta rithábhachtach don bhonneagar náisiúnta agus tá muid geallta chun cur le cumas na heagraíochta, tionscadail um athrú ó bhonn a chur i gcrích agus luach fadtéarmach a bhaint amach d’Éirinn.

I gcás Uisce Éireann is é a bheith i gceist ná leanúint ar aghaidh ag soláthar an chláir um infheistíocht chaipitiúil agus ag an am céanna athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a soláthraíonn muid seirbhísí uisce, rud a chuimseoidh laghduithe breise ar chostas agus samhlacha nua oibríochta a chur i bhfeidhm um oibríochtaí agus cothabháil sócmhainní. Freisin déanfar níos mó ceangal nua a sheachadadh chun tacú le fás eacnamaíoch agus freastal ar riachtanais fhorbairtí tithíochta tosaíochta agus creasa forbartha straitéisí, agus ag an am céanna straitéisí náisiúnta a chur i bhfeidhm chun déileáil le rioscaí maidir le sláinte phoiblí, sábháilteacht agus comhlíonadh comhshaoil.

I Líonraí Gáis Éireann, díreofar fós ar dhéanamh cinnte go mbeidh seirbhísí iompair gháis sábháilte agus iontaoifa agus go ndéanfar gach clár caipitil, oibríochta agus oibre cothabhála a sheachadadh. Leanfaidh an gnó ar aghaidh ag cur béim mhór ar a straitéis

fáis, agus é ag féachaint chuig úsáid gáis nádúrtha a mhéadú agus é ag soláthar réiteach fuinnimh níos inbhuanaithe agus iomaíche do chustaiméirí. I 2017 oibreoidh Líonraí Gáis Éireann leis an CER chun a gceathrú Rialú Praghaís a sheachadadh. Leis sin socrófar na spriocanna ioncaim, caiteachais oibríocháin agus éifeachtúlachta don ghnó le haghaidh na tréimhse ó 2018 go 2022. Leanfaidh Ervia agus Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag moladh go n-úsáidfí gás inathnuaite i meascán fuinnimh na hÉireann agus ag méadú na rátaí glactha do Ghás Nádúrtha Comhbhrúite mar an mbreosla iompair is fearr le daoine in Éirinn.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, as a dtacaíocht agus a gcúnamh i rith na bliana.

Freisin ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cathaoirleach agus Comhaltaí Boird Ervia as a dtacaíocht agus guím gach rath ar Tony Keohane ina gcúram mar Chathaoirleach. Sa deireadh, agus mé ag éirí as ról an POF, ba mhaith liom a thaifeadadh go bhfuilim fíorbhuíoch leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, agus leis an mbainistíocht agus na baill foirne ar fud Ervia as a gcuid oibre crua agus díograise arís eile i 2016 agus as tacaíocht fhlaithiúil a thabhairt dom agus mé i mo POF ar an gcomhlacht.

Michael McNicholas,

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa

Bainistíocht Riosca agus an Timpeallacht Sheachtrach

Suirbhé a Dhéanamh ar ár dTimpeallacht Sheachtrach	18
Bainistíocht Riosca	20
Príomhrioscaí agus Príomhéiginnteachtaí	22

Conraitheoirí i mbun oibre i gCríochfort Gáis na Coiribe i mBéal an Átha Buí, Co. Mhaigh Eo.

Tá fíis shoiléir againn agus is é sin ná cuideachta Éireannach iontaofa a thógáil atá ina ceannaire aitheanta maidir le bonneagar agus seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí, ina deashaoránach corparáideach agus ina eagraíocht a bhfuil baill foirne bródúil as bheith ag obair inti.



Suirbhé a Dhéanamh ar ár dTimpeallacht Sheachtrach

Mar chuideachta tráchtála leathstáit agus mar mháthairchuideachta do Líonraí Gáis Éireann, oibríonn Ervia i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú i gcónaí áit a mbíonn tionchar mór ag fachtóirí aeráide, rialála agus tionscail ar ár gcuid oibríochtaí. Chun go n-éireodh lenár dá fhóntas náisiúnta ríthábhachtach tá sé fíorthábhachtach fós go mbeimis géarchúiseach agus muid ag scrúdú, ag aithint agus ag freagairt ar dhúshláin agus deiseanna na timpeallachta seo.

Cur le Spriocanna na hÉireann maidir le hAthrú Aeráide

Ceann de na dúshláin is mó atá roimh Éirinn agus an Eoraip ná dícharbónú an mhargaidh fhuinnimh. Le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide éilítear go dtiocfadh 16 fán gcéad d'úsáid iomlán fuinnimh na hÉireann ó fhuinneamh inathnuaite faoin mbliain 2020. Mar bhall den Aontas Eorpach, tá Éire ag socrú spriocanna chun ár n-astuithe gáis cheaptha teas a laghdú faoi 30 fán gcéad ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990.

Is é an sprioc fhadtéarmach ná laghdú de 80-95 fán gcéad ar astuithe gáis cheaptha teasa a bhaint amach faoi 2050 i gcomhréir le haidhm an Aontais Eorpaigh aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin a bhaint amach faoin dáta sin.

Tá dúshláin nach beag roimh Éirinn agus í ag iarraidh na spriocanna sin a bhaint amach.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na spriocanna náisiúnta sin ar ghás nádúrtha mar bhreosla iontaise – cé gurb é an breosla iontaise is glaine. Creideann Ervia go mbeidh gás fás ina rogha

breosla um ghiniúint cumhachta inseolta in éagmais roghanna ísealcharbóin inchreidte eile chun freastal ar éileamh séasúrach agus an eangach a choimeád cobhsaí. Creideann muid freisin go leanfar ar aghaidh ag baint úsáide as gás nádúrtha um thionscal agus théamh idir an meántéarma agus an fadtéarma.

Tá Ervia geallta, áfach, chun déanamh cinnte go mbeidh ról lárnach ag gás agus an líonra gáis i dícharbónú na hÉireann san fhadtéarma. Chuige sin seo a leanas na rudaí a bhfuil muid ag forbairt nó ag imscrúdú:

- ▶ úsáid GNC um fheithiclí móra;
- ▶ gás inathnuaite a instealladh sa líonra gáis, Gabháil agus Stóráil Dé-ocsaíd Carbóin (GSDC) um leictreachas agus thionscal; agus
- ▶ úsáid a bhaint as hidrigin saor ó charbón sa líonra gáis.

Ceann de spriocanna an Rialtais ná méadú 20 fán gcéad ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2020. Méadaítear an sprioc go 33 fán gcéad le haghaidh gach comhlacht eárnála poiblí, Uisce Éireann san áireamh. Is dúshlán é sin a bhfuil Uisce Éireann ag iarraidh a sháru ar fud a phunainne de thart ar 2,000 saoráid. Tá Éire i gcomhpháirtíocht fuinnimh le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun leas a bhaint as a dtacaíocht agus a gcuid saineolais maidir leis an sprioc sin a chomhlíonadh.

Timpeallacht Nádúrtha na hÉireann a Chosaint

Tá Ervia geallta chun bonneagar leordhóthanach a fhorbairt, sa mheántéarma agus san fhadtéarma chomh maith, chun déanamh cinnte go gcosnaíonn muid timpeallacht nádúrtha na hÉireann le haghaidh ár gcuid saoránach.

I measc na ndúshláin atá romhainn ná rialacháin maidir le cáilíocht uisce agus an comhshaol atá ag éirí níos déine de réir a chéile. Ag an am céanna, táimid ag tabhairt aghaidhe ar mhéadú ar úsáid

uisce, tháirgeadh dramhaíola agus úsáid fuinnimh ó dhaonra atá ag dul i méid agus geilleagar atá i mbun téarnaimh. Ina theannta sin, meastar go gcuirfidh athrú aeráide le patrúin aimsire a bheidh níos deacra a thuair amach anseo, ó thaobh teochta, báistí agus tuilte.

I gcás Uisce Éireann, tá cosaint na timpeallachta nádúrtha ina gné ríthábhachtach den ghnó. Déanann muid uisce óil a chóireáil agus a sheachadadh agus filleann muid fuíolluisce cóireáilte ar ár gcuid aibhneacha agus farraigí. Glacann muid cur chuige náisiúnta agus fadtéarmach i dtreo fhorbairt agus phleanáil ár gcuid seirbhísí uisce agus fuíolluisce agus an tionchar féideartha a bhíonn aige ar ár dtimpeallacht nádúrtha. Déanann muid measúnú ar an éileamh méadaithe ar ár mbonneagar mar thoradh ar dhaonra atá ag dul i méid agus riachtanais tionscail, agus oibríonn muid chun an leas is mó agus is féidir a bhaint as ár gcuid infheistíochtaí agus ár gcuid seirbhísí a sheachadadh ar bhealach inbhuanaithe.

I gcás Líonraí Gáis Éireann smaoinoidh muid as an nua chun tús a chur le dícharbónú an líonra gáis. Tabharfaidh muid isteach gás inathnuaite ar féidir a úsáid ansin i ndícharbónú na n-earnálacha leictreachais, teasa agus iompair agus forbróidh muid GNC le haghaidh iompair. Freisin tá muid ag fiosrú deiseanna fadtéarmacha maidir le GSDC agus hidrigin. Le hathrú aeráide tá deiseanna um nuáil: tá sineirgí ag teacht chun cinn le haghaidh Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann, ar nós sloda fuíolluisce a úsáid mar fhoinsé fuinnimh inathnuaite.

Na hEárnálacha Uisce agus Gáis a Rialú

Is gnóthais rialaithe iad Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann araon agus tá an dá ghnó faoi réir rialála eacnamaíche ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER).

Toisc gur monaplachtaí nádúrtha iad na gnóthais uisce, fuíolluisce agus líonraí gáis, is é an CER a shocraíonn an méid ioncaim atá ceadaithe do gach gnóthas.

Na trí Phríomhchéim de Rialú Praghas

- ▶ **Ullmhú** – Ullmhaíonn Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann cáipéisí ina leagtar amach an fheidhmíocht stairiúil don tréimhse dheireanach de rialú praghas le haghaidh an dá ghnóthais agus an fheidhmíocht bheartaithe don tréimhse atá romhainn;
- ▶ **Comhchomhairle** – Oibríonn na gnóthais i ndlúthpháirt leis an CER a dhéanann athbheithniú ar na haighneachtaí chun sonraí agus buanna na dtograí, agus ansin eisiúnn sé a dhréacht-chinneadh don phobal i gcoitinne le haghaidh comhchomhairle;
- ▶ **Cinneadh** – Déanann an CER athbheithniú ar fhreagraí tar éis na comhchomhairle, agus tar éis aon chruinnithe a theastaíonn leis na gnóthais, socraíonn sé na hioncain cheadaithe le haisghabháil don tréimhse atá romhainn.

Ar an mbealach sin déantar cinnte go n-oibríonn agus go gcothabhálann na gnóthais na líonraí ionas go ndéantar freastal ar riachtanais chustaiméirí uisce agus gáis ar chostas réasúnta agus éifeachtach.

Cinntear ar an líuntas ioncain ar feadh tréimhse socraithe, mar a chuirtear síos air thíos. Chun na hioncain cheadaithe sin a shocrú, déanann an CER athbheithniú sonrach ar gach costas oibriúcháin agus infheistíochta atá tuartha don tréimhse chun déanamh cinnte go bhfuil siad éifeachtúil agus go bhfuil forbairt bheartaithe an líonra riachtanach agus cuí chomh maith.

Socraíonn agus faomhann an CER ár maoiniú agus leagtar amach é i bpróiseas Rialaithe Praghas (RP). Tá trí príomhchéim ag baint leis an bpróiseas: ullmhú, comhchomhairle agus socrú.

Cé go bhfuil dá chéim lárnach i gceist don dá ghnó tá amfhrámaí difriúla i gceist:

- ▶ Toisc gur bunaíodh an fónas le déanaí, oibríonn Uisce Éireann laistigh de thimthriall rialála dhá bhliana, ar dtugtar tréimhse Rialú Eatramhach Ioncain (REC). Is é an IRC2 an dara ceann de na tréimhsí eatramhacha sin a thosaíonn sa bhliain airgeadais, ón 1 Eanáir 2017 agus beidh sé ar siúl go dtí an 31 Nollaig 2018. Tá na pleananna gnó IRC2 ceaptha sa bhealach go mbaintear amach an infheistíocht agus na héifeachtúlachtaí a leagann Uisce Éireann amach.
- ▶ Mar fhóntas atá bunaithe ar feadh tréimhse níos faide, oibríonn Líonraí Gáis

Éireann laistigh de ghnáth-thimthriall rialála pleanála, nó tréimhse RP. Is í an tréimhse reatha ná RP3, ar cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus a thiocfaidh chun deireadh i mí Mheán Fómhair 2017. Tá Líonraí Gáis Éireann i mbun na céime comhchomhairle leis an CER dá cheathrú rialú praghas, RP4. Meastar go bhfoilseoidh an CER dréachtchinneadh ar rialú praghas i mBealtaine 2017 agus go bhfoilseofar an cinneadh deireanach faoi Lúnasa 2017. Leanfaidh RP4 ar aghaidh ó Dheireadh Fómhair 2017 go Meán Fómhair 2022.

Cibearshlándáil

Tá tábhacht straitéiseach náisiúnta ag baint le Líonraí Gáis Éireann agus d'fhéadfadh aon tarlúint a chuirfeadh isteach ar a n-oibriú, dul i bhfeidhm go mór ar ár gcuid custaiméirí, ár bpobal agus ár bhfostaithe.

Déanann Ervia monatóireacht i gcónaí ar an timpeallacht sheachtrach agus ar an gcosaint slándála maidir lenár gcuid líonraí agus sócmhainn TF. Ligeann sé sin dúinn déileáil le haon rioscaí nó bhagairtí a d'fhéadfadh a theacht chun cinn.

Le blianta beaga anuas tá cibearbhagairtí tar éis níos éirí níos sofaisticiúla agus roinnt sárúithe sonraí iomráiteacha tuairiscithe sna meáin. Bíonn ár gcuid páirtithe leasmhara agus custaiméirí ag súil níos mó ná mar a bhí riamh go ndéanfaidh Ervia cibé rud is gá chun ár mbonneagar a chosaint chomh maith leis na sonraí go léir arna gcoimeád aige. Táimid tiomanta chun é sin a bhaint amach.

Oibríonn an dá fhóntas laistigh de na creata déine beartais agus rialála seo a leanas:

- ▶ Socraíonn an tAE caighdeán um ghás, uisce, fuíolluisce agus comhshaoil ar fud ballstát;
- ▶ Socraíonn an Rialtas na creata foriomlána beartais um ghás, uisce agus fuíolluisce agus iad ag cloí le reachtaíocht agus beartas an AE;
- ▶ Leagtar cúram ar an CER as leas an chustaiméara a chosaint, agus maoiniú dóthanach a fhaomhadh chun gur féidir le hUisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann na seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil de réir na gcaighdeán sonraithe ar bhealach éifeachtúil;
- ▶ Déanann an CER sábháilteacht gáis a rialú freisin;
- ▶ Rialálann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde;
- ▶ Socraíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) caighdeán agus forfheidhmíonn sí comhlíonadh Rialachán AE agus Náisiúnta um sholáthar uisce óil agus scaoileadh fuíolluisce chuig do Bharlaigh;
- ▶ Is í an GCC freisin an rialaitheoir comhshaoil a rialaíonn astarraingt uisce, truailliú uisce agus tuilte, agus a rialálann astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann, chomh maith le monatóireacht agus tuairiscíú a dhéanamh ar an gcomhshaoil.

Bainistíocht Riosca

Luach a Bhaint Amach trí Chinnteoireacht Níos Fearr


Sainíonn Ervia riosca mar an seans go dtarlódh cailteanas nó dochar, nó go laghdófaí an deis um ghnóthachan, a fhéadann drochthionchar a imirt ar chomhlíonadh ár gcuid cuspóirí. Trínár gcuid rioscaí a thuiscint níos fearr is féidir linn cinntí eolacha agus níos fearr a dhéanamh, agus i ndeireadh an lae luach breise a bhaint amach dár gcuid páirtithe leasmhara.

Bainistíocht Riosca Fiontair

Tuigeann Ervia go bhfuil riosca ina ghné nádúrtha dár gcuid gníomhaíochtaí eagraíochta, mar atá ár ngealltanas chun é a bhainistiú. Tá ár mBeartas ar Bhainistíocht Fiontair (BBF) ina chosaint lárnach agus ina ghné lárnach d'oibríochtaí Ervia. Déantar athbhreithniú ar an mbeartas seo gach bliain chun deimhniú go bhfuil sé ag cloí le dea-chleachtas, le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus le rialacháin eile. Tugtar tacaíocht dó ag an gCreat um Bainistíocht Riosca trína ndéantar cinnte go nglacann gach fostaí agus conraitheoir ar fud Ervia cur chuige comhsheasmhach i dtreo bhainistíocht agus maolú riosca. Cuimsíonn an próiseas BBF gach cineál riosca lena n-áirítear rioscaí oibriúcháin, airgeadas, dlí agus rialála, agus tá sé nasctha lenár Straitéis Chorporáideach.

Déanann ár ngnóthais athbhreithniú gach ráithe ar an timpeallacht inmheánach agus sheachtrach chun rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a mheas, chomh maith le riosca ardtionchair nach mór an dóchúlacht go dtiocfaidh siad chun cinn, a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chomhlíonadh cuspóirí straitéiseacha.

Tá teacht aniar ár gcuid seirbhísí ríthábhachtach agus déanann muid cleachtaí go rialta i dteannta le gníomhaireachtaí eile (e.g. fóntais eile, Údaráis Áitiúla, Seirbhísí Práinnfhreagartha) chun an teacht aniar sin a thástáil.



Riosca Feidhm Príomhfhócas Réimsí i 2016

- ▶ Rinneadh athbhreithniú ar ár mbeartas, ár gcreat agus ár gcuid próiseas BBF chun déanamh cinnte go bhfuil muid freagrúil d'athruithe ar ár dtimpeallacht oibriúcháin agus go mbaintear amach comhsheasmhacht ar fud Ervia;
- ▶ Rinneadh an mhodheolaíocht um measúnú riosca a athnuachan agus a chur i bhfeidhm. Rinneadh critéir um thionchar agus dhóchúlacht riosca, chomh maith le catagóirí riosca, a ailíniú níos dlúithe lenár lorg oibriúcháin;
- ▶ Rinneadh nuashonrú ar Chreat agus struchtúir um Theacht Aniar Gnó agus tacaíodh leo ag oiliúint agus tástáil;
- ▶ Reáchtáladh Ceardlanna Riosca chun cultúr atá feasacht ar riosca a chumhdach níos mó agus chun bainistíocht réamhghníomhach riosca a cheadú.

Úsáid a Bhaint as an Trí Líne Cosanta um Dhearbhú

In Ervia, feidhmíonn muid trí líne cosanta um dhearbhu riosca a ligeann dúinn ár gcuid dualgas, ról agus freagrachtaí a chomhordú chun an réimse iomlán rioscaí a bhfuil muid nochtá dóibh.

An Chéad Líne Cosanta

Úinéirí Riosca

Freagracht as úinéireacht agus bainistíocht laethúil riosca atá ailínithe le cuspóirí gnó.

An Dara Líne Cosanta

Maoirseacht, Dúshlán, Tacaíocht

Dúshlán agus tacaíocht d'Úinéirí Riosca. Tá an fhoireann riosca thiomnaithe freagrach as tuairisc a thabhairt do Choiste Riosca an Bhoird.

An Tríú Líne Cosanta

Dearbhú Neamhspleách

Le dearbhú neamhspleách don Bhord déantar cinnte go ndéantar gach riosca a bhainistiú i gcomhréir le beartais agus nósanna imeachta agus go bhfuil rialuithe sonraithe ann agus go n-oibríonn siad go héifeachtach.



Bainistíocht Riosca i gCleachtas – Líonraí Gáis Éireann Cosaint i gcoinne Rioscaí maidir le Slándáil Soláthair

Chun slándáil an soláthar gáis a chosaint agus a fheabhsú, infheistíodh Líonraí Gáis Éireann circa €98 milliún i dTionscadal Nasctha idir Cluden agus Cuan Brighthouse in Albain, chun dara píblíne 50km a thógáil áit nach bhfuil ach aon phiobán amháin ann faoi láthair. Nuair a bheid sé críochnaithe beidh dhá phíblíne gáis iomlán, neamhspleách ann idir líonraí náisiúnta an RA agus Éire. Ar an mbealach sin cuirfear feabhas ar an tslándáil soláthair chuig Éirinn, Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann. Freisin réiteoidh sé srianta sa todhcháil maidir le hacmhainn líonra ag Ionad Iontrála Moffat, rud a éascóidh fás ar an mbuaicéileamh gáis. Cuirfidh sé sin ar chumas Ervia soláthar gáis nádúrtha a shíneadh chuig níos mó tithe agus gnóthas ar fud na hÉireann. Tairbhe eile atá ag baint leis an tionscadal ná go gcuirfear feabhas ar éifeachtúlacht oibriúcháin an RA, rud a laghdóidh astuithe CO2 agus astuithe eile ó na stáisiúin chomhbhrúiteora sa réigiún.



Bainistíocht Riosca i gCleachtas – Uisce Éireann Diúscairt Fuíolluisce

Is é Cuan Íochtair Chorcaí an dara cuan nádúrtha is mó ar an domhan. Tá fuíolluisce ó thithe agus gnóthais i gCóbh, Carraig Uí Leighin, ón bPasáiste, Baile an Mhanaigh agus Rinn an Scídh (comhionann le circa 49,000 duine) á scaoileadh gan chóireáil isteach sa cuan leis na blianta fada. Scaoiltear 20 tona de shéarachas amh gach lá. Mar chuid den Tionscadal um Dhraenáil Phríomhphiobán Chuan Íochtair Chorcaí tá Uisce Éireann tar éis ionad nua um chóireáil fuíolluisce a thógáil, tá sé ag deisiú séarach atá ann cheana féin agus ag cur isteach 30km de phríomhlíonra nua séaraigh, 14 stáisiún caidéalaithe nua agus 1.3km de bhealach trasna na habhann. Mar thoradh ar na bearta sin tá méid an fhuíolluisce gan chóireáil atá á scaoileadh laghdaithe ag 50 fán gcéad cheana féin, agus ar an mbealach sin tá feabhas á chur ar cháilíocht an uisce i gCuan Chorcaí, rud a chosnaíonn an comhshaol, a éascaíonn forbairt eacnamaíoch agus a sholáthraíonn do dhaonra atá ag dul i méid.

Príomhríoscaí agus Éiginnteachtaí

Chun ár bpríomhríoscaí agus ár bpríomh-éiginnteachtaí a shocrú, i measc na bpríomhábhar a dhéanaimid a mheas tá an timpeallacht sheachtrach, bainistíocht ár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, baint amach ár straitéise agus ár gcur chuige i dtreo bhainistíocht riosca.

Catagóir	Cur Síos ar an Riosca	Príomhghníomhartha Maolaithe/Príomhrialuithe
Sláinte & Sábháilteacht	<p>Dá dtarlódh teagmhas mór sláinte agus sábháilteachta, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar mór aige ar fhostaí, conraitheoir nó ar an bpobal i gcoitinne agus go ndéanfaí dochar dóibh, agus mar gheall ar sin d'fhéadfadh ionchúisimh, caillteanas airgeadais agus dochar don chlú na heagraíochta a bheith mar thoradh air.</p> <p>Dá dtarlódh fadhb comhshaoil le haghaidh Líonraí Gáis Éireann nó Uisce Éireann d'fhéadfadh fadhb maidir le slándáil soláthair nó teip sócmhainne rithábhachtaí/oibríochta a bheith mar thoradh uirthi.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Rialacháin tógála agus measúnú ar inniúlacht cliant le haghaidh gach conraitheoir tógála, sula gceaptar iad, agus rialú phróiseas córais i bhfeidhm chun conraitheoirí a cheapadh agus imscrúduithe déanta ar thógáil gach mí; ▶ Bíonn cruinnithe ráithiúla faoi bhainistíocht sábháilteachta ag Lárchoiste Sábháilteachta Ervia agus tugann siad tuairisc do Bhord Ervia; ▶ Déantar imscrúduithe ar shócmhainní agus coimeádtar rianaire maidir le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta i gcoinne spriocanna; ▶ Tá an Coiste ar Shláinte agus Shábháilteacht an Tionscail Uisce déanta suas d'ionadaithe sinsearacha ó Uisce Éireann agus ó na hÚdaráis Áitiúla. ▶ Tugadh isteach an clár <i>Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile</i>
Bainistíocht Oibríochtaí & Sócmhainní	<p>Mura gcomhlíonfaí na rialacháin ar uisce óil nó fuíolluisce, d'fhéadfadh go gcuirfí sláinte phoiblí, an comhshaoil nó sásamh custaiméara i mbaol.</p> <p>Tá athrú ó bhonn ar an tionscal uisce rithábhachtach chun gur féidir seirbhísí éifeachtúla a sholáthar, leas a bhaint as réitigh teicneolaíochta agus coigiltis agus éifeachtúlachtaí riachtanacha a bhaint amach.</p> <p>Tugtar tosaíocht do bhainistíocht ár mbonneagar rithábhachtach TF, chomh maith le teacht aniar i gcoinne cibearionsaí nó sárú sonraí. Dá dtarlódh teip, sárú nó ligean sonraí seans go ndéanfaí dochar mór ó thaobh clú agus airgeadais.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Feidhmíocht maidir le comhlíontacht uisce óil, saincheisteanna tosaíochta agus plean gníomhaíochta comhaontaithe le GCC; ▶ Monatóireacht ar Shrianta Uisce Óil, plean sonrath do láithreán le hullmhú nuair a thagann siad chun cinn agus an GCC agus an FSS a choimeád ar an eolas; ▶ Plean um Monatóireacht Uisce Óil: Déanann Uisce Éireann sampláil agus anailís i gcomhréir leis na rialacháin; ▶ Réamhphlean Maolaithe um Luaidhe in Uisce Óil ▶ Clár Infheistíochta Caipitiúla a sheachadadh chun déileáil le heasnamh mhóra ó thaobh cháilíocht agus acmhainn uisce óil agus fuíolluisce. ▶ Leanúint ar aghaidh le bainistíocht ar phríomhpháirtithe leasmhara agus coimrí rialta do pháirtithe leasmhara; ▶ Úsáid a bhaint as acmhainní tiomnaithe agus saineolaithe ar fhóntais uisce; ▶ Bainistíocht shonrach cláir lena n-áirítear tabhairt faoi mheasúnuithe tionchair agus pleanáil i gcomhar cur i bhfeidhm. ▶ Straitéis ar Shlándáil TF agus Chibearshlándáil; ▶ Prótacail sonracha slándála i bhfeidhm chun cosaint i gcoinne gach cibearionsaí; ▶ Measúnuithe leanúnacha riosca do gach díoltóir agus measúnuithe neamhspleácha dearbaithe.
Seachadadh Bonneagair	<p>Tá Ervia dírithe ar Phlean Gnó Uisce Éireann a chur i bhfeidhm. Mura gcuirfí an plean i bhfeidhm bheadh tionchair mhóra i gceist ar fud na heagraíochta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Príomhfhórim agus príomhphróisis rialachais i bhfeidhm; ▶ Plean um Sheachadadh Comhtháite forbartha le haghaidh 2017-2021.

Catagóir

Cur Síos ar an Riosca

Príomhghníomhartha Maolaithe/Príomhrialuithe

Airgeadas	Leachtacht ghearrthéarmach a chinntiú chomh maith le straitéis fhadtéarmach maoinithe chun cuspóirí an bhuiséid agus an Phlean Chorpáidigh a chomhlíonadh.	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Beartas dírithe ar mheascán d'fhoinní maoinithe a aimsiú chun oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite; ▶ Plé rialta a dhéanamh leis an Rialtas, cisteoirí agus le hinfeisteoirí féideartha chun rochtain leantach ar leachtacht agus mhaoiniú a chinntiú; ▶ Beartas dírithe ar rioscaí maidir le hathmhaoiniú trí phróifíl chothrom aibíochta choimeád; ▶ Beartas dírithe ar shaoráidí tiomanta a shocrú; ▶ Grád láidir infheistíochta a choimeád don ghnó gáis chun déanamh cinnte go gcoimeádtar rochtain ar chaipiteal.
Comhlíontacht & Rialáil	Tá Ervia faoi réir raoin leathain de rialacháin agus de reachtaíocht i leith fuinnimh agus uisce. Tugtar tosaíocht don tionchar a bhíonn acu siúd ar an ngnó a láimhseáil.	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Plé réamhghníomhach le príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil ina measc údaráis rialála in Éirinn, Tuaisceart Éireann, sa RA agus san AE; ▶ Próiseas um Rialú Praghaís i bhfeidhm i Líonraí Gáis Éireann agus in Uisce Éireann; ▶ Tacú leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar an mbeartas i leith fuinnimh; ▶ Tacaíocht agus maoiniú faighte le haghaidh stáisiúin GNC i 2017; ▶ Pleananna infheistíochta oibriúcháin i bhfeidhm chun ceanglais na treorach i leith uisce agus fuíolluisce a chomhlíonadh.
Clú & Páirtí Leasmhar	<p>Tosaíocht lárnach ná tuiscint ag príomhpháirtithe leasmhara ar ról Ervia agus cur i bhfeidhm phleananna gnó Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann agus a dtacaíocht dóibh a bhaint amach.</p> <p>Tuigeann Ervia go bhfuil dúshlán mhóra i gceist ó thaobh muinín as Uisce Éireann a chothú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Déanann an Coiste Stiúrtha Feidhmiúcháin go ndéantar plé dearfach le gach príomhpháirtí leasmhar; ▶ Ag tabhairt faoi phlé gníomhach le comhlachtaí tionscail ag imeachtaí lárnacha tionscail; ▶ Díriú ar na caighdeáin is airde de sheirbhís do chustaiméirí. ▶ Rannpháirtíocht an phobail i dtionscadail lárnacha; ▶ Tuairiscí rialta ar dhul chun cinn don phobal; ▶ Díriú ar uisce agus fhuíolluisce a dheisiú.
Daoine & Cumas	Ní mór dúinn na daoine cearta atá cumasach agus inniúil a earcú le haghaidh post lárnach san eagraíocht chun tearcfheidhmíocht agus tearch-chomhlíonadh ár gcuid cuspóirí gnó a sheachaint.	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Sealbhú daoine cumasacha agus straitéisí forbartha; ▶ Pleanáil acmhainne 2017 nasctha le bainistíocht daoine cumasacha agus bealaí gairme; ▶ <i>Clár Meantóireachta Inspire</i> . ▶ An Clár larchéimithe 2017.

Tá Ervia ag forbairt chnámh droma na hÉireann. Tá sé sin ag croílár ár gcuid oibre. Soláthraíonn muid na boinn láidre a bhfuil geilleagar na hÉireann tógtha orthu agus déanann muid cinnte gur féidir lenár ndaoine agus lenár náisiún bheith rathúil, anois agus amach anseo.

Ball foirne ó Uisce Éireann ag labhairt le custaiméir ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i dTulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.



Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais

An Fhoireann Feidhmiúcháin	26
Athbhreithniú Airgeadais	27
Uisce Éireann	33
Líonraí Gáis Éireann	39
Freagracht Chorporáideach	45



An Fhoireann Feidhmiúcháin



Michael McNicholas

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa



Orlaith Blaney

Príomhoifigeach Cumarsáide agus Margáíochta



Sean Casey

Príomhoifigeach Oibríochtaí an Ghrúpa



Jerry Grant

Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann



Margaret Lane

Stiúrthóir Straitéiseach AD an Ghrúpa



Cathal Marley

Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa



Brendan Murphy

Stiúrthóir Rialála Gnó an Ghrúpa



Liam O'Riordan

An Rúnaí Cuideachta



Liam O'Sullivan

Stiúrthóir Bainistíochta Líonraí Gáis Éireann



Michael G O'Sullivan

Stiúrthóir Bonneagair Straitéisigh agus Straitéis Grúpa



Rory Williams

Príomhoifigeach DLÍ an Ghrúpa

Athbhreithniú Airgeadais

Bliain láidir ab ea 2016 le haghaidh Ervia, agus feidhmíocht níos fearr bainte amach ag an dá ghnó rialáilte dár gcuid i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tá €584m infheistithe ag Ervia i mbonneagar ríthábhachtach uisce, fuíolluisce & gáis. Comhartha dearfach ab ea an eisiúint rathúil de bhanna €625 milliún ag Líonraí Gáis Éireann i 2016 ar fheidhmíocht an ghnó agus ar thuairim an mhargaidh ar an bhfóntas rialáilte.

Cathal Marley

Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa



Príomh-Bhuaicphointí 2016

Ioncam

€1,404 Milliún

Brabús roimh Cháin Ioncaim agus Míreanna Eisceachtúla

€203 Milliún

Capex

€584 Milliún

Díbhinní Íoctha

€135 Milliún

Feidhmíocht ioncaim níos fearr €62 milliún go €1,404 milliún

Rinneadh barrachas Uisce Éireann a athinfheistiú chun tionscadail ríthábhachtacha bhonneagair a mhaoiniú

Eisiúint bhanna €625 milliún tugtha chun críche go rathúil ag Líonraí Gáis Éireann i rith na bliana

Seasamh cobhsaí glanfhiachais ag deireadh na bliana de €1,945 milliún, méadú de 2 fán gcéad bliain ar bhliain

Athbhreithniú Airgeadais

(ar lean)

Cé nach bhfuil torthaí Uisce Éireann comhdhlúite sna ráitis airgeadais iniúchta mar atá curtha san áireamh ar leathanach 65 go 139, tá torthaí foriomlána Ghrúpa Ervia (a léiríonn gach eintiteas de chuid Ervia, Uisce Éireann san áireamh) curtha san áireamh anseo mar eolas. Níl idirbhearta idir Uisce Éireann agus eintitis eile de chuid Ervia fágtha as an áireamh chun críocha an eolais sin (féach ar nóta F4 leis na ráitis airgeadais le haghaidh tuilleadh eolais).

Ráiteas Ioncaim Achoimrithe (roimh mhíreanna eisceachtúla)

	2016			2015		
	Líonraí Gáis Éireann ¹	Uisce Éireann ²	Iomlán Ervia	Líonraí Gáis Éireann ¹	Uisce Éireann ²	Iomlán Ervia
	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Ioncam	498	906	1,404	491	851	1,342
Costais Oibriúcháin	(175)	(777)	(952)	(184)	(779)	(963)
EBITDA	323	129	452	307	72	379
Dímheas agus amúchadh	(128)	(60)	(188)	(125)	(43)	(168)
Costais airgeadais	(47)	(15)	(62)	(47)	(12)	(59)
Brabús roimh cháin ioncaim	149	54	203	135	17	152

Ioncam

Ba é méid an ioncaim le haghaidh na bliana go dtí an 31 Nollaig 2016 ná €1,404 milliún, agus mhéadaigh sé sin ag €62 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe, rud a léiríonn feidhmíocht chobhsaí Líonraí Gáis Éireann agus forbairt leanúnach Uisce Éireann.

Cúitíodh an tionchar a bhí ag cur ar fionraí na mbillí uisce teaghlaigh ar an ioncam i rith 2016 ag méadú ar an ioncam fóirdheontais ón Rialtas.

Bhí ioncaim rialáilte Líonraí Gáis Éireann níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis i rith 2016 agus bhí tionchar dearfach orthu ag an méadú ar áirithintí iompair gháis de thoradh ghiniúint níos airde cumhachta agus factóirí éilimh eile.

Brabús roimh Cháin Ioncaim & Míreanna Eisceachtúla


Uisce Éireann

€54 Milliún

Líonraí Gáis Éireann

€149 Milliún

Ioncam 2016



- UÉ - Gné Teaghlaigh
- UÉ - Gné Neamh-teaghlaigh
- UÉ - Fóirdheontas an Rialtais
- LGÉ - Rialáilte
- LGÉ - Neamhrialáilte

1. Déanann sé ionadaíocht ar rannán gnó Líonraí Gáis Éireann agus ar na rannáin ghnó seirbhísí lárnacha (ráitis airgeadais comhdhlúite san áireamh ar leathanach 65 go 136 den Tuarascáil Bhliantúil seo). Féach ar nóta F2 ar leathanach 102 le haghaidh anailíse breise ar an bhfaisnéis rannáin.

2. Tá Uisce Éireann ina fhochuideachta de chuid Ervia faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Mar gheall ar a struchtúr scairúinéireachta, áfach (féach ar nóta F7 ar leathanach 105 le haghaidh tuilleadh eolais), ní réitíonn Uisce Éireann leis an sainmhíniú ar fhochuideachta chun críocha na cuntasáiochta faoi IFRS agus mar sin ní féidir é a chomhdhlúthu laistigh de na ráitis airgeadais iniúchta mar atá curtha san áireamh ar leathanach 65 go 139.

Tá faisnéis airgeadais atá curtha san áireamh san athbhreithniú airgeadais slánaithe go €1 milliún. D'fhéadfadh go mbeadh difríochtaí maidir le slánú i gceist nuair a chuirtear na figiúir i gcomparáid le ríomh físe na n-iomláin sna táblaí atá cuimsithe anseo.

EBITDA

Is ionann an EBITDA de €452 milliún le haghaidh 2016 agus méadú €73 milliún i gcomparáid le €379 milliún sa bhliain roimhe sin mar thoradh ar ioncam méadaithe de €62 milliún agus costais oibriúcháin níos ísle de €11 milliún.

Ba é méid na gcostas oibriúcháin i Líonraí Gáis Éireann ná €175 milliún, laghdú €9 milliún ón mbliain roimhe. In Uisce Éireann, is ionann na costais oibriúcháin de €777 milliún agus laghdú €2 mhilliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe agus léiríonn siad go raibh na soláthairtí méadaithe do bhailiú á gcúiteamh ag lagduithe eile ar chostais oibriúcháin.

Brabús roimh Cháin Ioncaim agus Míreanna Eisceachtúla

Tháinig méadú €51 milliún go €203 milliún ar bhrabús roimh cháin le haghaidh 2016 mar gheall ar fheidhmíocht fheabhsaithe EBITDA de €73 milliún, agus cútíodh é sin i bpáirt ag muirir níos airde de €20 milliún as dímheas a tháinig chun cinn mar gheall ar an infheistíocht mhéadaithe i mbonneagar. Déantar aon bharrachas a thiocfaidh chun cinn in Uisce Éireann a athinfheistiú i mbonneagar uisce agus fuíolluisce.

Míreanna Eisceachtúla

I rith 2016, aithníodh glanhuirear eisceachtúil roimh cháin de €28 milliún. Tugtar níos mó sonraí i nóta C4. Baineann €21 milliún den mhéid sin le heisiúint banna agus le hidirbheart aisceannaigh a thug Líonraí Gáis Éireann chun críche i rith na bliana. Tugtar níos mó sonraí thíos sa chuid Acmhainní Caipitil – Líonraí Gáis Éireann.

Clár Comhardaithe Achoimrithe

	2016			2015		
	Líonraí Gáis Éireann ¹ €m	Uisce Éireann ² €m	Iomlán Ervia €m	Líonraí Gáis Éireann ¹ €m	Uisce Éireann ² €m	Iomlán Ervia €m
Sócmhainní bonneagair	2,530	1,725	4,255	2,560	1,326	3,886
Sócmhainní eile	309	180	489	310	279	588
Sócmhainní iomlána	2,839	1,905	4,744	2,869	1,605	4,474
lasachtaí	(1,172)	(974)	(2,146)	(1,176)	(945)	(2,121)
Dlíteanas pinsin (IAS 19)	(129)	(26)	(156)	(51)	(27)	(78)
Dlíteanais eile	(495)	(411)	(906)	(504)	(477)	(981)
Dlíteanais iomlána	(1,796)	(1,412)	(3,207)	(1,731)	(1,450)	(3,181)
Glansócmhainní	1,043	493	1,536	1,139	156	1,295
Glanfhiachas	(1,028)	(917)	(1,945)	(1,022)	(890)	(1,912)

Sócmhainní Bonneagair agus Caiteachas Caipitiúil


I rith 2016, d'infheistigh Ervia €584 milliún i mbonneagar ríthábhachtach uisce, fuíolluisce agus gáis in Éirinn. Tá na hinfeistíochtaí sin mar chuid de chlár fhadtéarmacha um infheistíocht chaipitiúil ar aontaíodh orthu leis an CER le haghaidh Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann.

Infheistíocht Chaipitiúil

Uisce Éireann
€459 Milliún


Líonraí Gáis Éireann
€125 Milliún

Infheistíochtaí Caipitiúla Uisce Éireann



- Mórinfeistíocht Chaipitiúil Fuíolluisce
- Mórinfeistíocht Chaipitiúil Uisce
- Caomhnú Uisce
- Bonneagar Straitéiseach
- Mionchlár
- Méadrú
- Cláir Eile

Infheistíochtaí Caipitiúla Líonraí Gáis Éireann



- Bonneagar Tarchuir
- Bonneagar Dáileacháin
- Aurora / Eile

Athbhreithniú Airgeadais

(ar lean)

Glanfhiachas agus Sreafaí Airgid


I rith 2016, chuaigh an glanfhiachas i méid go €1,945 milliún i gcomparáid le €1,912 milliún sa bhliain roimhe sin.

- ▶ Tháinig sreafaí airgid de €514 milliún chun cinn rith 2016, agus baineadh úsáid astu siúd le haghaidh infheistíochta caipitiúla go príomha
- ▶ Ba é méid an chaiteachais chaipitiúil ó thaobh eisíocaíocht airgid thirim ná €603 milliún (infheistíocht chaipitiúil de €584 milliún i 2016);
- ▶ Mhaoinigh Líonraí Gáis Éireann íocaíocht díbhinne de €135 milliún leis an Stáitchiste, a chuimsigh díbhinn speisialta €100 milliún a bhain le díolachán ghnó *Bhord Gáis Energy*;
- ▶ Fuair Uisce Éireann ranníocaíocht chaipitiúil scairshealbhora de €184 milliún ón Rialtas. Ina theannta sin, rinneadh saoráid fiachais de €96 milliún a fuarthas ón Scairshealbhoir sa bhliain roimhe a thiontú go ranníocaíocht chaipitiúil i rith 2016 (gluaiseacht neamhairgid).

Glaneasnamh Pinsin

Tá easnamh cuntasáíochta pinsin ("IAS 19") de €156 milliún ag Ervia amhail an 31 Nollaig 2016, méadú €78 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Is é an príomhfháth leis sin ná laghdú ar na rátaí lascaine arna n-úsáid chun dliteanais phinsin a luacháil le haghaidh chuspóirí cuntasáíochta, ó 2.7 fán gcéad ar an 31 Nollaig 2015 go 1.8 fán gcéad ar an 31 Nollaig 2016. Léiríonn na rátaí lascaine treochtaí idirnáisiúnta de thorthaí níos ísle ar bhannaí corparáideacha fadtéarmacha. Aithníodh ghlanchailiteanais achtúireacha de €68 milliún roimh cháin (€59 milliún tar éis cánach) i 2016.

Réiteach Glanfhiachais 2015 go 2016



Acmhainní Caipitiúla agus Rialachas Stáitchiste

Acmhainní Caipitiúla – Líonraí Gáis Éireann

Ar an 31 Nollaig 2016, ba é méid iomlán na n-iasachtaí de chuid Líonraí Gáis Éireann ná €1,172 milliún tar éis atomhas áirithe a tháinig chun cinn mar thoradh ar chur i bhfeidhm IAS 39 agus a chuimsigh táillí as iasachtaí caipitilthe. Bhí saoráidí neamhtharraingthe de €417 milliún ag an gcuideachta (a chuimsigh saoráidí neamhcheangailteacha de €7 milliún). Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí teorainn reachtúil iasachtaithe de €3,000 milliún ag Líonraí Gáis Éireann, agus socraíonn sé sin an uasteorainn le haghaidh saoráidí tarraingthe.

I 2016 bhunaigh Líonraí Gáis Éireann clár nua um iasachtaí Meántearma Euro (IMTE) faoinar ardaigh an chuideachta €625 milliún ar an margadh Eorabhanna i mí na Nollag. D'ardaigh an chuideachta banna €500 milliún ar feadh 10 mbliana agus banna €125 milliún ar feadh 20 bliana a eisíodh ag meántoradh ualaithe de 1.60 fán gcéad agus a bhí deighilte thar dhá haibíocht. Baineadh úsáid as an

gcuid is mó de na fáltais chun an banna €500 milliún ag 3.625 fán gcéad a eisíodh i mí na Nollag 2012 a cheannach siar ina hiomláine, agus baineadh úsáid as na fáltais iarmharacha chun oibleagáidí idirchuideachta dlite le gnóthas Mháthairchuideachta Ervia a íoc aníos. Leis an maoiniú nua sin déantar laghdú substaintiúil ar chostas iasachtaithe na cuideachta agus déantar méadú nach beag ar mheánaibíocht a cuid iasachtaí. Ar an 31 Nollaig 2016 ba é an meánráta ualaithe ar phunann Líonraí Gáis Éireann d'iasachtaí amuigh gan iasachtaí ar iontaoibh theoranta ná 1.80 fán gcéad (2.90 fán gcéad: An 31 Nollaig 2015) agus ba é meánaibíocht a chuid fiachais ná 7.96 bliain (2.87 bliain: 31 Nollaig 2015).

Tá rátáil ard creidmheasa de ghrád infheistíochta ag Líonraí Gáis Éireann. I 2016, choimeád Líonraí Gáis Éireann a rátáil fhadtéarmach chreidmheasa de A le Standard & Poor's agus i mí Lúnasa 2016, rinne Moody's Investors Services uasghrádú ar rátáil fhadtéarmach chreidmheasa na cuideachta go A3 ó Baa1.

Acmhainní Caipitiúla – Uisce Éireann

Ar an 31 Nollaig 2016, ba é méid iomlán na n-iasachtaí de chuid Uisce Éireann ná €974 milliún (agus táillí as iasachtaí caipitlithe san áireamh). Bhí saoráidí neamhtharraingthe de €285 milliún ag an gcuideachta (a chuimsigh saoráidí neamhcheangailteacha de €10 milliún). Ar an 31 Nollaig 2016, bhí teorainn reachtúil iasachtaithe de €2,000 milliún ag an gcuideachta, agus socraíonn sé sin an uasteorainn le haghaidh saoráidí tarraingthe.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí maidir le bainistíocht fiachas ar tugadh fúthu i 2016 bhí; tar-rolladh mhaoiniú €800 milliúin trí mheán saoráidí déthaobhacha le roinnt banc tráchtála agus athmhaoiniú an mhéid reatha maoinithe de €450 milliún ó Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann. Leanann an cuideachta ar aghaidh ag tar-rolladh a maoiniú fiachais ar feadh thréimhsí aon bhliana amháin, ar feitheamh cinnidh ag an Rialtas maidir le straitéis fhadtéarmach maoinithe na cuideachta. Ar an 31 Nollaig 2016, ba é an meánráta ualaithe ar phunann na cuideachta d’iasachtaí amuigh ná 1.30 fán

gcéad (1.55 fán gcéad: An 31 Nollaig 2015) agus ba é meánaibíocht a chuid fiachais ná 0.51 bliain (0.55 bliain: 31 Nollaig 2015).


I rith 2016, cuireadh ranníocaíocht chaipitiúil neamhchoinníollach agus neamh-in-aisíochta de €96 milliún ar fáil ag an Aire Airgeadais agus cuireadh i bhfeidhm é i gcoinne shaoráid fiachais €96 milliún leis an Aire Airgeadais, sa mhéid is nach bhfuil aon suimeanna, éilimh, chostais ná dliteanais eile fós amuigh maidir leis an tsaoráid sin.

Rialachas Ciste

Feidhmíonn Ervia feidhm Iáraithe Ciste. Is é an Bord atá freagrach as gníomhaíocht an chiste agus a fheidhmíocht, agus comhlíonann sé a chuid freagrachta trí athbhreithniú rialta. Déanann an Coiste Iniúcháireachta ar a éifeachtaí atá an córas rialuithe inmheánacha.

Comhlíonann Ervia ceanglais an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992 agus faoi shonraíocht an Aire Airgeadais. Ní oibrítear feidhm Ciste Ervia mar ionad

brabúis agus déantar bainistíocht ar sheasaimh bhrabúis ar bhealach drogallach roimh rioscaí. Tá fáth gnó bailí taobh thiar de gach idirbheart ciste agus tá dianchosc ar sheasaimh amhantracha. Tá tuilleadh sonraí faoi bheartais Ervia i leith Ciste, Rialachais, Airgeadais agus Bhainistíocht Riosca leagtha amach sna ráitis airgeadais nóta C5.



Páistí ag baint taitneamh as spraoi san uisce san Aird Mhór, Co. Phort Láirge.



Uisce Éireann

Ba mhór an onóir dom é dul i mbun oibre mar Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann i mBealtaine 2016. Níl aon amhras ach go bhfuil dúshlán ag baint le heagraíocht de scála agus chastacht Uisce Éireann a bhainistiú ach freisin tá sé fíor-spreagúil mar gheall ar a tábhacht do shochaí na hÉireann. Rinneadh dul chun cinn mór i 2016 maidir le hUisce Éireann a athrú go bonn go fóntas lánfheidhme agus bonneagar ardchaighdeáin, iontaofa a sheachadadh ar fud na hÉireann.



Jerry Grant, Stiúrthóir Bainistíochta, Uisce Éireann

Forbhreathnú

Bunaíodh Uisce Éireann i 2013 chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sheachadadh ar bhonn samhla náisiúnta um sheirbhísí uisce phoiblí faoi bheartas an Rialtais. Ó sin tá freagracht glactha ag an ngnó as an líonra mór de shócmhainní agus sheirbhísí scoite agus scaipthe, a bhfuil cuid acu ag dul siar go dtí an 19ú haois, agus tá muid á n-athrú ó bhonn go fóntas nua-aimseartha, éifeachtúil.

Cuimsíonn punann shócmhainní uisce agus fuíolluisce Uisce Éireann:

- ▶ Thart ar 63,000km de phíblínte uisce léarscáilithe;
- ▶ Thart ar 25,000km de phíblínte fuíolluisce;
- ▶ Thart ar 900 ionad cóireála fuíolluisce;
- ▶ Thart ar 1,155 ionad cóireála fuíolluisce;
- ▶ 1,610 taiscumar stórála agus túr uisce;
- ▶ 1,060 stáisiún caidéalaithe uisce;
- ▶ 1,909 stáisiún caidéalaithe fuíolluisce.

Baintear úsáid as na sócmhainní sin, ar bhonn laethúil chun thart ar 1,700 milliún lítear d'uisce óil a eastóscadh, a chóireáil agus a sheachadadh; déantar an t-uisce a sheachadadh go custaiméirí trí thart ar 1,000 ceantar soláthair uisce ar leithligh.

Freisin bailíonn Uisce Éireann fuíolluisce ó os cionn 1,000 pobail ar leithligh atá ceangailte leis an líonra fuíolluisce agus cóireálann sé circa 1,600 milliún lítear d'fhuíolluisce gach lá, sula scaoiltear ar ais é inár gcuid aibhneacha, inbhir agus ceantar cósta.

Iarracht mhór atá i gceist leis an athrú ó bhonn ar ár gcuid seirbhísí uisce óil agus fuíolluisce agus tógfaidh sé roinnt ama. Tá athrú tar éis tarlú ón tsamhail a bhí ann roimhe sin ina raibh 31 soláthraí seirbhíse Údaráis Áitiúil i gceist go haon bhealach amháin oibre de réir caighdeán nua-aimseartha um fóntais, agus iad tacaithe ag Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse le gach Údarás Áitiúil.

Táthar ag tabhairt aghaidhe ar na dúshláin atá romhainn féin agus roimh Éirinn ar bhonn struchtúrtha agus céimnithe thar roinnt blianta, agus beidh tiomantas leanúnach ónár gcuid príomhpháirtithe leasmhara go léir ag teastáil.

Chun ár gcuid ionad cóireála uisce agus fuíolluisce a dheisiú agus a chóireáil beidh gá le clár infheistíochta a chosnóidh na billiúin euro thar roinnt timthriall infheistíochta tar éis 2021. Meastar gurb é an méid infheistíochta a bheidh ag teastáil chun déileáil le gach easnamh aitheanta ná thart ar €13 bhilliún, agus tosaíocht faoi leith ag teastáil sa ghearrthéarma.

“Tá go leor dul chun cinn bainte amach ó thaobh costais a laghdú agus feabhas a chur ar sheirbhísí dár gcuid custaiméirí ach tá níos mó le déanamh.”

Uisce Éireann

(ar lean)

Chun déanamh cinnte go bhfuil a chuid oibleagáidí á chomhlíonadh ag Uisce Éireann, féachann dhá rialaitheoir neamhspleách thar a chuid oibríochtaí: an rialaitheoir eacnamaíoch, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh; agus ón rialaitheoir comhshaoil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Feidhmíocht Airgeadais

Gné ríthábhachtach de straitéis Uisce Éireann ná seasamh láidir airgeadais agus maoinithe a bhunú don eagraíocht agus don tionscal seirbhísí uisce. Chun tús a chur le comhlíonadh an chuspóra sin, mhéadaigh Uisce Éireann Tuilleamh roimh Ús, Cháin, Dímhéas agus Iniúchadh (EBITDA) go €129 milliún i 2016.

Bhain muid amach laghdú seacht fán gcéad in aghaidh na bliana ar chaiteachas oibriúcháin i 2016 agus lean muid ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn maidir le sprioc éifeachtúlachta an CER don Chéad Thréimhse de Rialú Praghaís.

Freisin chuir muid isteach togra Uisce Éireann don tréimhse de Rialú Eatramhach Ioncaim 2017-2018. Tháinig deireadh le tréimhse chomhchomhairle an CER ar an REI i mí na Samhna 2016 agus foilsíodh a chinneadh i mí na Nollag 2016, agus spriocanna breise éilítreacha maidir le héifeachtúlacht socraithe le haghaidh 2017-2018.

Tar éis gur cuireadh muirir uisce teaghlaigh ar fionraí i mí Iúil 2016, thug Rialtas na hÉireann gealltanais chun an t-easnamh maoinithe a chúiteamh. Leanfar ar aghaidh leis sin i 2017, ar feithimh cinnidh ar an tsamhail bhuan maoinithe ag an gComhchoiste Oireachtais ar Mhaoiniú Sheirbhísí Uisce Tí Amach Anseo.

I 2016 chuir Uisce Éireann tús le haistriú cuntas neamh-theaghlaigh ó Údarás Áitiúla, chun freagracht a chur ar Uisce Éireann as gach gné de bhainistíocht cuntas. Freisin lean Uisce Éireann ar aghaidh ag cur i gcrích an chlár um

méadrú tí cuireadh tús le pleanáil i gcomhair an athbhreithnithe ar tharaifí agus mhuirir neamh-theaghlaigh ag an CER; agus dréachtaíodh beartas nua agus cothrom i leith ceangal a cuireadh faoi bhráid an CER.

Timpeallacht Oibriúcháin

Tá uisce ar cheann de na hacmhainní is riachtanaí ar an talamh, agus é ríthábhachtach do shláinte an duine, do tháirgeadh bia agus do ghníomhaíocht tionscail. Tá soláthar uisce óil ghlain agus diúscairt fuíolluisce ar bhealach a chosnaíonn ár gcomhshaoil ríthábhachtach dár saol laethúil, agus d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta.

Nuair a ghlac Uisce Éireann cúram as seirbhísí náisiúnta uisce na hÉireann a sheachadadh i mí Eanáir 2014, bhí an bonneagar faoi bhrú millteanach agus ní raibh na caighdeáin a theastaíonn i ngeilleagar nua-aimseartha a gcomhlíonadh. Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach ó shin, beidh dúshlán nach beag le sárú fós ag líonra uisce na hÉireann.

Déanann Uisce Éireann cinnte go nglacann sé cur chuige náisiúnta agus fadtéarmach i dtreo fhorbairt agus phleanáil ár gcuid seirbhísí uisce agus fuíolluisce.

I 2016 rinneadh dul chun cinn mór de réir cuspóirí agus spriocanna éagsúla chun ár mbonneagar agus ár gcuid seirbhísí a fheabhsú. Tá sé sin á dhéanamh againn trí dheireadh a chur le dúbláil oibre agus cur chuige córasach a chur i bhfeidhm i dtreo oibriú agus chothabháil na líonraí uisce agus fuíolluisce.

Oibríonn Uisce Éireann ar bhealach oscailte agus trédhearcach. Déanann an dá rialaitheoir atá againn monatóireacht ar ár gcuid gníomhaíochtaí. Cosnaíonn an CER leas an chustaiméara. Faomhann sé maoiniú cuí agus dóthanach chun cur ar chumas Uisce Éireann na seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil de réir na gcaighdeán sonraithe agus spriocanna um éifeachtacht costas á gcomhlíonadh ag an am céanna. Socraíonn an GCC

I measc na bpríomh-dhúshlán i 2016 bhí:

- ▶ Liostaíodh 99 scéim uisce phoiblí ar Liosta Gníomhartha Ceartaitheacha (LGC) an GCC mar bheith 'i mbaol' éillithe;
- ▶ 16,000 duine faoi réir Fógraí Fadtéarmacha um Fiuchadh Uisce (FFUnna);
- ▶ Bhí 180,000 aonad réadmhaoine ar a laghad ann áit a raibh baol nach gcomhlíonadh siad treoirlíne an AE maidir leis na huasleibhéil luaidhe in uisce óil;
- ▶ Cailleadh suas go 47 fán gcéad d'uisce óil sular bhain sé amach ár gcuid sconnaithe;
- ▶ Bhí gá le mórdheisiúcháin ar níos mó ná dhá thrian den líonra séarach a úsáidtear chun fuíolluisce na tíre a iompar;
- ▶ Scaoileadh séarachas gan chóireáil isteach inár gcuid aibhneacha agus farraigí i 44 hionad difriúla ar fud na tíre;
- ▶ Cuireadh muirir uisce teaghlaigh ar fionraí ar feadh naoi míosa faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2016 a tháinig chun bheith ina dhlí i mí Iúil 2016.

caighdeáin agus forfheidhmíonn sí comhlíonadh Rialachán AE agus Náisiúnta um sholáthar uisce óil agus scaoileadh fuíolluisce chuig do Bharlaigh;

Freisin tugann muid tuairisc ar an Acht um Brústocaireacht agus cloíonn muid leis an reachtaíocht go léir ar Shaoráil Faisnéise, Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil agus ar Chosaint Sonraí.

Dul chun Cinn de réir Cuspóirí Straitéiseacha i 2016

I 2016 bhain Uisce Éireann agus ár gcuid custaiméirí tairbhe as ár gcuid cur chuige spriocdhírthe i dtreo infheistíochta ar fud na tíre. Cuireadh tús le os cionn 608 tionscadal caipitiúil nó tugadh chun críche iad sa tréimhse 12 mhíosa. I measc na mbuaicphointí tá:

- ▶ Baineadh 37 soláthar uisce phoiblí ó LGC an GCC. Is é sin an chéad chéim i dtreo ár gcuspóir a chomhlíonadh, is é sin ná nach mbeadh aon rud ar an LGC faoi 2021;
- ▶ Laghdaíodh líon na ndaoine faoi réir FFUnna ó os cionn 23,000 i 2014 go thart ar 6,000 ag deireadh 2016. Tagann sé sin tar éis gur soláthraíodh bonneagar nua sa Chaisleán Riabhach agus i Mainistir na Búille i gCo. Ros Comáin;
- ▶ Rinneadh 66 hlonad Cóireála Fuíolluisce nua nó uasghrádaithe a sheachadadh ar fud na hÉireann a chuimsigh na háiteanna seo a leanas: Cloch na Coillte, an Clochán, Sord, An Nás, Léim an Bhradáin, Gaillimh, An Dún Mór, Aird Mhór, Carraig Thuathail, Eochail, Sionainn agus Cuan Íochtair Chorcaí
- ▶ Críochnaíodh an tréimhse dheireanach chomhchomhairle ar an Dréachtphlean um Luaidhe in Uisce Óil agus cuireadh ceangail nua in ionad níos mó ná 3,000 ceangal seirbhíse luaidhe;
- ▶ Shábháil Ervia méid measta de 77.3 milliún lítear (MI/lá) in aghaidh an lae d'uisce óil trínár scéimeanna um Chaomhnú Uisce agus Leigheas roimh Ré. Tá thart ar 800 ciliméadar de phíobáin uisce nua nó athchóirithe i bhfeidhm freisin;
- ▶ I mí Eanáir 2014, scaoiltear séarachas gan chóireáil i 44 hionad ar fud na hÉireann, rud a chiallaíonn go bhfuil Treoracha an AE i leith Fuíolluisce á sárú ag Éirinn. I 2016, lean Uisce Éireann ar aghaidh ag déanamh infheistíocht a spriocdhírú chun déanamh cinnte go ndéantar ár bhfuíolluisce a dhiúscairt ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe;
- ▶ Sreabhadh oibre thar na 31 Údarás Áitiúil láraithe in aon fhoinsé amháin. I 2016, tugadh chun críche 63,000 ordú oibre aonair náisiúnta agus úsáid á baint as teicneolaíocht nua;
- ▶ Rinneadh custaiméirí neamh-theaghlaigh a aistriú chuig córais Uisce Éireann i mí Iúil 2016. Faoi dheireadh na bliana, bhí 24 hÚdarás Áitiúil aistrithe agus an méid eile le haistriú ag tús 2017;
- ▶ Neartaíodh soláthair chun tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch, go háirithe mar fhreagra ar thionscnaimh Bheartas Tithíochta an Rialtais trí roinnt clár um Shíneadh Líonra agus tionscadail um Atreisiú Líonra chun déileáil le srianta an líonra.

I 2016, chuir Uisce Éireann a Rialú Eatramhach Ioncaim le haghaidh 2017-2018 faoi bhráid an CER. Cheadaigh an CER ioncam iomlán de €1,843 milliún don CER chun infheistíochtaí agus oibríochtaí caipitiúla a mhaoiniú le haghaidh na mblianta 2017-2018. Ba é an dúshlán a cuireadh roimh Uisce Éireann ná éifeachtúlachtaí de thart ar 20 fán gcéad a bhaint amach laistigh dá mbonnchaiteachas oibríúcháin inrialaithe le haghaidh na tréimhse 2015-2018.

I 2016, bhain Uisce Éireann amach coigiltis oibríúcháin ar na bealaí seo a leanas: párolla agus forchostais ghaolmhara, deisiúcháin agus cothabháil, conarthaí um dhearadh, thógáil agus oibriú (DTO) agus fuinneamh agus tomhaltáin. I 2017, cuirfidh an CER tús le hathbheithniú ar tharaifí neamhtheaghlaigh trí shraith de sheisiúin chomhchomhairle poiblí agus déanfaidh Uisce Éireann aighneachtaí faoi cheanntaidil lárnacha mar chuid den athbheithniú sin.

“I 2016 bhain Uisce Éireann agus ár gcuid custaiméirí tairbhe as ár gcuid cur chuige spriocdhírthe i dtreo infheistíochta ar fud na tíre. Cuireadh tús le os cionn 608 tionscadal caipitiúil nó tugadh chun críche iad sa tréimhse 12 mhíosa.”

Uisce Éireann

(ar lean)

Dul chun Cinn de réir Cuspóirí Straitéiseacha i 2016

Tosaíocht 2016	Dul Chun Cinn 2016	Tosaíocht 2017
Deireadh a chur le gach FFU stairiúil faoi 2021	Ba é méid iomlán na FFUnna stairiúla (roimh 2014) ná 16,021. Faoi dheireadh 2016, bhí 21 chustaiméir fós faoi réir FFU, bhí 16,000 custaiméir bainte ón liosta.	Na custaiméirí deireanacha a bhaint ó FFUnna stairiúla atá fágtha.
Líon na dteaghlach faoi réir FFUnna stairiúla a laghdú	Ag deireadh 2016 bhí 5,511 custaiméir fós faoi réir FFU. Cuireadh FFUnna i bhfeidhm i gcás 98,431 custaiméir i rith 2016 agus cuireadh deireadh le FFU i gcás 101,890 custaiméir.	Leanúint ar aghaidh ag infheistiú in acmhainní uisce chun baol na FFUnna gearrthéarmacha le haghaidh custaiméirí a íoslaghdú.
Spriocanna Comhlíontachta maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh	2016 Sprioc mhicribhitheolaíoch 99.92% - comhlíonadh iarbhír 99.94% (gan Soláthairtí faoi Dhíospóid san áireamh) 2016 Sprioc um chaighdeán cheimiceacha 99.51% - comhlíonadh iarbhír 99.45% (gan Soláthairtí faoi Dhíospóid san áireamh) 2016 Sprioc um chaighdeán THM 93.00% - comhlíonadh iarbhír 93.00% (gan Soláthairtí faoi Dhíospóid san áireamh)	2017 Sprioc mhicribhitheolaíoch 99.92% 2017 Sprioc um chaighdeán cheimiceacha 99.51% 2017 Sprioc um chaighdeán THM 93.00%
Feidhmeanna billeála agus custaiméirí neamhtheaghlaigh a aistriú chuig Uisce Éireann	Cuireadh tús le custaiméirí neamhtheaghlaigh a aistriú ó 31 ÚA i mí Iúil 2016. Bhí 24 ÚA aistrithe faoi mhí na Nollag 2016.	Na 7 ÚA eile le haistriú faoi R1 2017.
An Rialú Eatramhach Ioncaim 2017–2018 le cur faoi bhráid an CER le cinneadh air	Chinn an CER ar €1,843 milliún chun infheistíochtaí agus oibríochtaí caipitiúla a mhaoiniú le haghaidh na mblianta 2017-2018.	Tosófar obair ar an gcéad thimthriall maoinithe eile.
Spriocanna an Phlean Infheistíochta Caipitiúla 2014–2016 a chomhlíonadh	608 tionscadal caipitiúil ar siúl i 2016, a chuimsigh 66 ionad cóireála fuíolluisce nua nó uasghrádaithe agus thart ar 890km de pháipéir uisce nua nó athchóirithe.	Caiteachas caipitiúil de €516 milliún a sheachadadh a chlúdaíonn tionscadail uisce agus fuíolluisce, cláir náisiúnta uisce agus fuíolluisce, cláir náisiúnta bonneagair eile agus cothabháil chaipitiúil.
Leanúint ar aghaidh ag cur i gcrích an Chlár um Méadrú Tí	Céim 1 den Chlár um Méadrú Tí le bheith críochnaithe ag tús mhí Feabhra 2017 agus sprioc athbhreithnithe de 895,000 suiteáil tí ag baint leis. Thart ar 883,000 méadar suiteáilte ag deireadh mhí na Nollag 2016.	Cuireadh deireadh leis an gClár um Méadrú tí ag deireadh 2017 agus 891,000 méadar suiteáilte.
Ligin sa líonra a laghdú	Bhí thart ar 77 milliún lítear (MI/lá) in aghaidh an lae d'uisce óil á shábháil anuas go deireadh 2016 trínár scéimeanna um Chaomhnú Uisce agus Leigheas roimh Ré.	Leanúint ar aghaidh ag laghdú ligean sa líonra.
Deireadh a chur le scéimeanna a aithníodh mar bheith i mbaol ar Liosta Gníomhartha Ceartaitheacha an GCC	Baineadh 37 soláthar ó LGC an GCC i rith 2016.	Soláthair eile le baint ó LGC an GCC i 2017.
Plean náisiúnta maolaithe a dhéanamh um luaidhe in uisce óil	Tréimhse dheireanach chomhchomhairle ar Phlean Maolaithe um Luaidhe in Uisce Óil. Cuireadh tús le cóireáil ortafosfáite i Luimneach chun sláinte phoiblí a chosaint agus cuireadh ceangail nua in ionad os cionn 3,000 ceangal seirbhíse luaidhe.	Foilsíu an phlean dheireanaigh. Leanúint ar aghaidh ag cur ceangal nua in ionad ceangal luaidhe agus ag aithint soláthair uisce phoiblí eile atá oiriúnach do chóireáil ortafosfáite.

Mórtionscadail – Uisce Éireann

Cuireann an rannán Mórtionscadal in Ervia i gcrích tionscadail bonneagair straitéisigh a mbaineann pobail ar fud na hÉireann go leor tairbhí astu. Agus iad ag obair le hUisce Éireann, chuir an Fhoireann Mórtionscadal chun cinn roinnt tionscadal laistigh dá bpunann i 2016 a chuimsigh trí thionscadal um sholáthar uisce agus trí thionscadal fuíolluisce. Tugtar sonraí sa chuid seo ar na príomh-bhuaicphointí.

Draenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Is í aidhm an tionscnaimh um Dhraenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (DMBÁC) ná an bonneagar straitéiseach draenála a chur ar fáil atá riachtanach chun gur féidir le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (MCBÁC) leanúint ar aghaidh ag forbairt. Tá sé riachtanach freisin chun an comhshaol a chosaint agus chun déanamh cinnte go gcomhlíontar ceanglais reachtaíochta na hÉireann agus an AE. Is é atá i gceist leis an tionscadal ná píblíne 26km a sholáthar chomh maith le hionad cóireála fuíolluisce i gCluain Seach, agus sruth éalaithe mara 6km ach san fharraige ó Chuan Bhaile Dúill.

Tuigeann Uisce Éireann go bhfuil an tionscadal seo fíorthábhachtach do MCBÁC, toisc go n-éascóidh sé forbairt eacnamaíoch, go bhfreastalóidh sé ar dhaonra méadaitheach agus go gcosnóidh sé an comhshaol.

Tar éis gur críochnaíodh an próiseas um roghnú suímh agus go bhfuarthas ionchur fairsing ó chomhchomhairle phoiblí i 2013, tá Uisce Éireann ag cur chun cinn na staidéar a theastaíonn chun an t-iarraitas pleanála a ullmhú don tionscadal DMBÁC. Tá roinnt staidéar breise ar siúl, nó beartaithe, chun bonn eolais a chur faoin Ráiteas Tionchair Timpeallachta, a bheidh mar chuid den iarraitas pleanála chuig an mBord Pleanála.

Scéim Soláthair Uisce Fheartraí

Soláthraíonn Scéim Soláthair Uisce Fheartraí uisce óil le haghaidh ceantair a shíneann ón gCoill Chruinn chuig Baile Átha Cliath Theas. Freastalaíonn sé ar níos mó ná 200,000 duine agus é ag soláthar uisce óil go thart ar 15 fán gcéad de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. I 2016 cuireadh iarratais phleanála don uasghrádú faoi bhráid Chomhairle Contae Chill Mhantáin thar ceann Ionad Cóireála Fuíolluisce Fheartraí agus an phíblíne ó Fheartraí go Collchoill.

Soláthar Uisce Nua do Réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre

Cuimsíonn sainchúram Uisce Éireann soláthar uisce inbhuanaithe agus dianseasmhach a sheachadadh go custaiméirí ar fud na tíre agus foinsé nua soláthair uisce a aimsiú do réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre. Freastalóidh an soláthar uisce nua sin ar riachtanais ghnó níos mó ná 40 fán gcéad de dhaonra na hÉireann idir an meántéarma agus an fadtéarma. Is ionann é agus an chéad uasghrádú mór cuimsitheach ar bhonneagar ‘foinsé nua’ le níos mó ná 60 bliain. I 2016, d’óstáil Uisce Éireann tréimhse 14 seachtaine de chomhchomhairle phoiblí maidir le Scéim Roghnaithe an tionscadail. Cuirfidh an t-aiseolas ón tréimhse chomhchomhairle, chomh maith le staidéir bhreise teicniúla agus comhshaoil agus plé le húninéirí talún agus leis an bpobal i gcoitinne, bonn eolais ar fáil agus an scéim dheireanach á roghnú.

Taiscumar Stigh Lorgan

Ar láithreán reatha Stigh Lorgan tá trí thaiscumar uisce oscailte a stórállann uisce óil sula ndáiltear ar chustaiméirí é. Is ionann an nochtadh den sórt sin don timpeallacht agus riosca éillithe do-ghlactha. Foilsíodh pleananna chun taiscumar nua clúdaithe a thógáil a chosnóidh cáilíocht an uisce óil le haghaidh na 200,000 custaiméara sin de chuid Uisce Éireann. I 2016 rinneadh iarratas ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas le haghaidh na forbartha. Faoi réir rath na n-iarraitas ar chead pleanála táthar ag súil go dtosófar tógáil i 2018.

Cuan Íochtair Chorcaí

I 2016, leis an Tionscadal um Dhraenáil Phríomhphíobán Chuan Íochtair Chorcaí cuireadh feabhas ar an gcáilíocht uisce i gCuan Chorcaí. Go dtí an bhliain seo caite, bhí uisce neamhchóireáilte ó na ceantair mórtimpeall á scaoileadh isteach sa Chuan.

Laghdaíodh an scaoileadh sin ag 50 fán gcéad nuair a críochnaíodh Ionad Cóireála Fuíolluisce an tSeanbhaile i 2016. Meastar go mbainfidh an t-ionad amach comhlíontacht iomlán faoi lár 2017, agus feabhas á chur ar cháilíocht uisce agus ar shláinte, leas agus ionracas an chomhshaoil i gcomhréir le Treoir an AE ar Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh.

Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne

Tá Uisce Éireann ag tabhairt faoi thionscadal chun Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne a mhéadú le freastal ar éilimh mhéadaithe an daonra agus déanamh cinnte go gcomhlíonann an t-uisce cóireáilte arna scaoileadh isteach in Inbhir Íochtair na Life na caighdeáin atá éilithe.

Trí theicneolaíocht sofaisticiúil chóireála um laghdú cothaitheach ar a dtugtar Sloda Gráinneach Aeróbach (SGA) a aithint, is féidir le hUisce Éireann coigiltis chostais de €170 milliún a bhaint amach don tionscadal.

Mar chuid den iarraitas pleanála ar uasghrádú na Rinne agus ar thionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath cuimseoidh Uisce Éireann suíomh le haghaidh Saoráide Réigiúnaí um Stóráil Bithsholad. Freastalóidh an tsaoráid stórála nua seo ar mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus a dhaonra ar feadh na 25 bliana atá romhainn agus cosnóidh sé sláinte phoiblí agus ár gcomhshaol agus éascóidh sé forbairt sa réigiún sin atá ag dul i méid.

Buachaill ag baint taitnimh as léamh cois tine gáis nádúrtha ina theach.



Líonraí Gáis Éireann

I 2016, rinne Líonraí Gáis Éireann bonneagar infheistíochta criticiúla ar luach €125 milliún a sheachadadh agus bhí feidhmíocht láidir airgeadais aige, a chuimsigh uasghrádú ar rátáil chreidmheasa go A3 a fháil ó Moody's. Dhírigh muid ar an líonra a mhéadú trí cheangail nua agus trí ghás comhbhrúite nádúrtha don iompar agus muid ag ullmhú i gcomhair athbhreithniú an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh ar Rialú Praghaís ag an am céanna. Is í ár n-aidhm anois agus amach anseo ná úsáid an líonra gáis a uasmhéadú do mhuintir na hÉireann agus an luach is fearr a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí.

Liam O'Sullivan, Stiúrthóir Bainistíochta, Líonraí Gáis Éireann



Forbhreathnú

Tá Líonraí Gáis Éireann ina úinéir ar agus coimeádann sé líonra den chéad scoth um tharchur agus dháileadh gáis atá déanta suas de 13,954 ciliméadar de phíblínte gáis agus dhá idirnascaire faoin bhfarraige san áireamh freisin. Tá muid freagrach as iompar sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil gáis nádúrtha trínár gcuid líonraí thar ceann gach custaiméir gáis. I 2016, lean muid ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn trí infheistiú i dtógáil líonra agus in athchóiriú agus athsholáthar an líonra a bhí ann cheana. Is í ár sprioc ná déanamh cinnte go mbíonn an tseirbhís a sholáthraíonn muid éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costas ar mhaithe lenár gcuid custaiméirí gáis go léir in Éirinn. Tá Líonraí Gáis Éireann rialaithe ag an CER.

Tá tábhacht straitéiseach lárnach ag baint le gás nádúrtha do gheilleagar na hÉireann, ní hamháin mar gheall ar fhorleithne ghiniúint ghásadhainte leictreachais, ach mar thoradh freisin ar an líon mór chustaiméirí gnó agus cónaithe a bhraiteann ar ghás nádúrtha. Tá níos mó ná 680,000 custaiméir gáis nádúrtha in Éirinn agus gás nádúrtha ar fáil anois i 20 contae.

Feidhmíocht Airgeadais

Is é brabús oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann le haghaidh 2016 ná €195 milliún, méadú de €13 milliún i gcomparáid le 2015. Baineann an méadú go príomha le hioncaim níos airde mar thoradh ar ioncam rialáilte níos airde, de thoradh méadaithe ar líon na n-áirithintí iompair

gháis sa ghnó tarchuir ach go háirithe. Ba iad na príomhfachtóirí a chuir leis an méadú ar áirithintí ná méadú ar an éileamh ar ghiniúint chumhachta agus fachtóirí éilimh eile. Is é méid an chaiteachais chaipitiúil ná €125 milliún, méadú €16 milliún i gcomparáid le 2015. Baineann an méadú go príomha le caiteachas caipitiúil breise mar thoradh ar an Tionscadal um Nascadh Píblíne in Albain.

Timpeallacht Oibriúcháin

I 2016 ba é méid iomlán an gháis a iompraíodh tríd an líonra gáis le haghaidh Éirinn, Thuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann ná 72,512GWh (arna soláthar trí Idirnascaire Moffat agus gháscheantair na Coiribe agus na hInse), méadú 8.5 fán gcéad i gcomparáid le 2015. As an méid sin rinneadh 76 fán gcéad den ghás a sheachadadh le húsáid i bPoblacht na hÉireann agus iompraíodh an 24 fán gcéad eile chuig Oileán Mhanann agus Tuaisceart Éireann.

I rith na bliana ba é gáscheantar na Coiribe a d'fhreastail ar 55 fán gcéad de na riachtanais gháis go léir i bPoblacht na hÉireann, freastalaíodh ar 39 fán gcéad trí allmhairí ón RA, agus bhí an chuid eile á soláthar ó thaiscí dúchais in Inse, amach ó chósta Chontae Chorcaí.

Tháinig laghdú substaintiúil i 2016 ar mhéid an gháis a bhí ag dul isteach i líonra gáis na hÉireann trí mheán na n-idirnascairí, mar thoradh ar

“Tá níos mó ná 680,000 custaiméir gáis nádúrtha in Éirinn agus gás nádúrtha ar fáil anois i 20 contae.”

Líonraí Gáis Éireann

(ar lean)

choimisiúnú gháscheantar na Coiribe agus athbhreithnithe ar Chód Líonra an AE. Roinnt uaireanta, le linn tréimhsí d'éileamh íseal, ba iad foinsí gáis dúchais a bhí ag freastal ar riachtanais iomlána Phoblacht na hÉireann.

I bPáipéar Bán 2015 ar Bheartas Fuinnimh, leag an Rialtas amach ról an gháis nádúrtha maidir le tacú le haistriú na hÉireann go todhchaí ísealcharbóin.

Admhaíodh sa Pháipéar freisin go dteastaíonn athrú ó bhonn ar chórais fhuinnimh na hÉireann chun cuspóirí um athrú aeráide a chomhlíonadh agus go laghdóidh Éire a brath ar bhreoslaí iontaise diaidh ar ndiaidh.

“Cuireann Líonraí Gáis Éireann seirbhís phráinnfhreagartha den chéad scoth ar fáil agus, i 2016, d’fhreagair muid do 17,428 cás d’éalú gáis a thuairiscigh an pobal laistigh de mheánam freagartha de 28 nóiméad, agus bhí comhlíontacht 99.89 fán gcéad againn laistigh d’aon uair an chloig.”

I rith 2016, lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag moladh gáis nádúrtha chun déanamh cinnte go mbeidh ról ríthábhachtach aige i gcónaí i dtacú le beartas fuinnimh na hÉireann. Beidh sé sin ábhartha ach go háirithe ó thaobh úsáid fuinnimh a aistriú ó bhreoslaí a bhfuil a lorg carbóin go mór go breoslaí ar lú a lorg carbóin (e.g. gás nádúrtha), cur i bhfeidhm ionaid líonta breosla um Ghás Nádúrtha Comhbhrúite agus forbairt gáis inathnuaite dhúchais.

Is breosla é gás athnuaite atá neodrach ó thaobh carbóin de agus a dhéantar go héasca trí phróiseas ar a dtugtar díleá anaeróbach. Tríd an bpróiseas sin baintear na fotháirgí gáis ó dhramhaíl talmhaíochta agus bhia agus déantar iad a thiontú go meatán, ar féidir a chur leis an líonra ansin.

Thug an CER deimhniú do Líonraí Gáis Éireann mar Dhíchuachadh Iomlán Úinéireachta (DIÚ) i mí Mhárta, 2016, i gcomhréir leis an tríú treoir ón Aontas Eorpach, Treoir 2009/73/CE i leith Gáis. Sonraítear sa tsamhail DIÚ nach bhfuil cead ag an gcuideachta chéanna giniúint nó soláthar leictreachais nó gáis a dhéanamh agus í ina húnéir nó ina hoibreoir ar líonra tarchurtha gáis.

Ós rud é gur gnó rialáilte muid, déanann an CER athbhreithnithe tréimhsiúla ar na riachtanais ioncaim chun ár líonraí tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha a oibriú. I 2016, chuir an CER tús lena athbhreithniú, ar a dtugtar Rialú Praghais 4, chun an t-ioncam a shocrú a bheidh ceadaithe do Líonraí Gáis Éireann le haghaidh na gcúig bliana ó Dheireadh Fómhair 2017 go Meán Fómhair 2022.

I mí na Samhna 2016, chuir Líonraí Gáis Éireann meastachán faoi bhráid an CER ar an méid ioncaim a bheidh ag teastáil don líonra i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana seo. Inár n-aighneacht d’aithin muid go bhfuil gá lenár gcuid costas oibriúcháin a choimeád iomaíoch agus bheith chomh héifeachtúil agus is féidir ar mhaithe lenár gcuid custaiméirí. Déanfaidh an

CER comhchomhairle maidir leis an riachtanas ioncaim ag tús 2017.

Dul chun Cinn de réir Cuspóirí Straitéiseacha i 2016

Bhí roinnt cuspóirí ag Líonraí Gáis Éireann a shocraigh a cuid réimsí béime i 2016 agus a raibh ina measc:

Feabhas Oibriúcháin a Bhaint Amach

Tá sábháilteacht ina luach lárnach agus ina tosaíocht do Líonraí Gáis Éireann. I 2016, chomhlíon muid ár gcuid spriocanna go léir ó thaobh soláthar gáis sábháilte, slán agus iontaofa a sheachadadh do chustaiméirí. Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta, ar córas cuimsitheach é agus atá deimhnithe go neamhspleách go OHSAS 18001, i bhfeidhm againn chun déanamh cinnte go ndéantar gníomhaíochtaí a bhainistiú i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Tá réimsí mar oibriúcháin tarchuir, seirbhís éigeandála gáis agus dearadh dáileacháin creidiúnaithe go ISO 9001.

Cuireann Líonraí Gáis Éireann seirbhís phráinnfhreagartha den chéad scoth ar fáil agus, i 2016, d’fhreagair muid do 17,428 cás d’éalú gáis a thuairiscigh an pobal laistigh de mheánam freagartha de 28 nóiméad, agus bhí comhlíontacht 99.89 fán gcéad againn laistigh d’aon uair an chloig.

I rith 2016, lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh le feachtais um shábháilteacht an phobail chun feasacht a chur chun cinn faoinár Seirbhís Éigeandála Gáis, Teileafón roimh Thochailt, Suiteálaithe Gáis Cláraithe (SGC), Cur Isteach ar Mhéadair agus an feachtas a bhuaigh gradaim chun sábháilteacht Aon-Ocсаíd Charbóin a chur chun cinn. Craoladh feachtas fógraíochta nua do SGC, ina bhfacthas Daniel O’ Donnell, den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus díriodh ann ar shábháilteacht agus feasacht chustaiméara.

I rith 2016, críochnaíodh gach gníomhaíocht chaipitiúil agus chothabhála de réir spriocanna ama, cáilíochta, raon feidhme agus costais. Chlúdaigh caiteachas caipitiúil de €125 milliún i 2016 cláir leanúnacha chun ár líonra a bhainistiú agus smaoiniamh as an nua. Chuir muid i gcrích na tionscadail lárnacha seo a leanas:

- ▶ Tús curtha le hoibreacha píblíne gáis i mbaile an Aonaigh, Co. Thiobraid Árann, mar chuid de thionscadal ilfhóntais ina ndearnadh uasghrádú freisin ar phríomhlíonraí uisce agus fuíolluisce. Meastar go mbeidh na hoibreacha tógála críochnaithe faoin gcéad leath de 2017;
- ▶ Críochnaíodh síneadh 46km ar phríomhlíonra friothálach chuig Baile Loch Garman agus cuireadh tús le príomhlíonra a leagan sa bhaile;
- ▶ Cuireadh tús leis an tionscadal ‘nasctha’ píblíne 50km in iardheisceart na hAlban;
- ▶ Cuireadh tús le hobair ar na céad thrí stáisiún breosla um GNC in Éirinn.

Ba é méid an chaiteachais chothabhála ag Líonraí Gáis Éireann i 2016 ná €38.9 milliún, agus bhí gá le thart ar 38,500 ordú um chothabháil phleanáilte ar fud líonraí tarchurtha agus dáileacháin. Rinneadh an chothabháil phleanáilte i gcomhréir le gach beartas agus gach ceanglas ó thaobh Sláinte, Sábháilteachta, Cáilíochta agus Comhshaoil.

Fógraíodh pleannanna chun Lios Tuathail, Co. Chiarraí a cheangal leis an líonra gáis i 2016, tar éis faomhadh a fháil ón CER. Leis an tionscadal €20 milliún meastar go mbeidh Lios Tuathail ceangailte leis an líonra gáis nádúrtha atá ann cheana féin faoi dheireadh 2017.

Sholáthair Líonraí Gáis Éireann seirbhís den scoth go níos mó ná 680,000 custaiméir teaghlaigh agus gnó i 2016. Rinneadh os cionn 69,000 coinne le custaiméirí agus baineadh amach ráta comhlíontacha 99.3 fán gcéad ó thaobh na gcoinní sin a bhaint amach.

Léadh níos mó ná 2.28 milliún méadar i rith na bliana. Láimhseáil muid níos mó ná 405,000 teagmháil chustaiméara a chuimsigh glaonna isteach agus amach, teachtaireachtaí ríomhphoist agus comhfhreagras eile le custaiméirí i 2016. Ina theannta sin, láimhseáladh níos mó ná 23,000 teagmháil agus idirghníomhú trí na meáin sóisialta agus trínár láithreán gréasáin.

Freisin chomhlíon an gnó spriocanna um scóir sásaimh chustaiméara ar fud gach gníomhaíochta a ndearnadh suirbhé uirthi. Cuireadh an fhoireann Chúram Custaiméara ar ghearrliosta le haghaidh sé ghradaim idirnáisiúnta, RA agus Éireannach, agus ghnóthaigh siad dhá cheann. Leanann muid ar aghaidh ag cur ar chumas ár gcuid custaiméirí a gcuid costas fuinnimh a láimhseáil trí aistriú soláthraí a éascú agus trí mhéadair réamhíocaíochta a shuiteáil. Leanann úsáid méadar réamhíocaíochta (16.5 fán gcéad de líon iomlán na gcustaiméirí teaghlaigh) ar aghaidh ag dul i méid ach tá sé tar éis éirí réasúnta mall mar gheall ar an mborradh sa gheilleagar. Feistítear thart ar 370 méadar réamhíocaíochta gach mí, agus is aistrithe ó mhéadair chreidmheasa atá i gceist lena bhformhór.

Feidhmíocht Airgeadais a Chomhlíonadh

Lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag comhlíonadh gach mhéadrach airgeadais i rith 2016, a chuimsigh uasghrádú rátáil chreidmheasa go A3 ag Moody's agus fógra gur críochnaíodh dhá eisiúint banna a d'ardaigh €625 milliún. Leis na fáiltais ó na heisiúintí banna maoineofar an clár leanúnach infheistíochta chun bonneagar líonra gáis na hÉireann

a chothabháil agus a uasghrádú, agus fiachas atá ann cheana féin a athmhaoiniú.

Laghdaíodh an taraif as tarchur rialáilte le haghaidh 2016/17 ag 1 fán gcead ón mbliain roimhe, agus laghdaíodh an taraif dáileacháin beagáinín ag 0.2 fán gcéad.

An Todhchaí a Dhéanamh Slán

Bliain mhaith ab ea 2016 ó thaobh Ceangal Nua agus 10,092 ceangal réidh le freastal ar 922 GWh d'éileamh nua ar an líonra. Is ionann é sin agus méadú 18 fán gcéad i gcomparáid le figiúr 2015 le haghaidh Ceangal Nua. Príomhfhachtóirí a chuir leis an toilleadh breise ná cur i bhfeidhm gáis nádúrtha san Aonach agus i Loch Garman, na feachtais spriocdhírthe chun roghnú gáis nádúrtha a mhéadú i mbaile ina bhfuil soláthar gáis cheana féin agus ualach cúltaca i Lios Tuathail a chur amach ar conradh.

Chuir Líonraí Gáis Éireann tús le stáisiúin líonta gnó um GNC a chur i bhfeidhm i 2016, tar éis roinnt trialacha rathúla i 2014 agus 2015. Críochnaíodh tógáil an chéad stáisiúin i Sionainn, Co. an Chláir i mí na Nollag 2016, agus soláthróidh an stáisiún sin GNC go flít de thrucaíl bailithe dramhaíola. Tógfar trí stáisiún eile i 2017 mar chuid de phlean straitéiseach chun líonra de 70 stáisiún a chur i bhfeidhm.

Chuir Líonraí Gáis Éireann chun cinn forbairt an gháis inathnuaite sa líonra i 2016, agus aontaíodh an chéad ionad insteallta um ghás inathnuaite a thógáil i gCo. Chill Dara. Beidh toilleadh 90GWh ag an tsaoráid agus tá coimisiúnú sceidealaithe le haghaidh dheireadh 2017. I gcaitheamh na gcúig bliana atá romhainn tá sé beartaithe sé hionad insteallta a thógáil agus toilleadh bliantúil de 1,450GWhs acu i dteannta a chéile.

Líonraí Gáis Éireann

(ar lean)

Dul chun Cinn de réir Cuspóirí Straitéiseacha i 2016

Tosaíocht 2016

Dul Chun Cinn 2016

Tosaíocht 2017

Oibriúcháin

Feabhas oibriúcháin a bhaint amach	Chomhlíon an gnó a chuid spriocanna go léir ó thaobh soláthar gáis sábháilte, slán agus iontaofa a sheachadadh do chustaiméirí.	Leanúint ar aghaidh ag oibriú líonra gáis na hÉireann go sábháilte agus go héifeachtúil.
Clár chaipitil a chur ar fáil	Críochnaíodh gach gníomhaíocht chaipitil agus chothabhála de réir spriocanna ama, cáilíochta, raon feidhme agus costais. Rinneadh bonneagar infheistíochta criticiúla ar luach €125 milliún a sheachadadh.	Gás a sheachadadh go Lios Tuathail, Co. Chiarraí agus tógáil líonra gáis nua agus oibreacha athchóirithe gáis a chríochnú i mBaile Loch Garman. Píblíne 'nasctha' 50km a thógáil in Albain.
Seirbhís agus luach den scoth a thabhairt do chustaiméirí	Comhlíonadh spriocanna CER agus seirbhíse do chustaiméirí trí sheirbhís den scoth do chustaiméirí a sholáthar agus tugadh tacaíocht don Chlár 'Tús Áite don Chustaiméir' de chuid Ervia.	Leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh spriocanna CER agus spriocanna seirbhíse do chustaiméirí trí sheirbhís den scoth do chustaiméirí a sholáthar.

Straitéiseach

Feidhmíocht airgeadais a chomhlíonadh	Lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag comhlíonadh gach méadrach airgeadais i rith 2016, a chuimsigh uasghrádú rátáil chreidmheasa. Meastacháin an Athbhreithniú loncaim le haghaidh na gcúig bliana amach romhainn (RP4) curtha faoi bhráid an CER.	Leanúint ar aghaidh ag coimeád bhonn daingean gnó. Aontú ar Rialú Praghaís le haghaidh 2017-2022 le CER.
An todhchaí a dhéanamh slán	Baineadh amach fás trí inlíonadh, GCN agus gás inathnuaite, agus moladh gás nádúrtha mar bhreosla aistrithe. Leis an tionscadal Cód Líonraí leanadh ar aghaidh ag comhchuíbhiú tionscail ar fud na hEorpa.	Leanúint ar aghaidh ag méadú an éilimh ar ghás nádúrtha agus cabhrú le costas a choimeád chomh híseal agus is féidir do gach custaiméir gáis, lena n-áirítear stáisiúin um ghás nádúrtha comhbhrúite a chur i bhfeidhm ar fud na tíre. Gás nádúrtha a mholadh. Déileáil le Pacáiste Beartais an Choimisiúin Eorpaigh ar Fhuinneamh Geimhridh, a dhíríonn ar Chreat 2030 i gcomhair Fuinnimh agus Aeráide.

Mórtionscadail – Líonraí Gáis Éireann

Aithníodh an dara Idirnascaire Gáis ó Albain go hÉirinn mar Thionscadal Eorpach Leasa Choitinn. Is tionscadal tábhachtach é sin do gheilleagar na hÉireann toisc go n-atreisiónn sé slándáil an soláthar fuinnimh ar fud na hÉireann agus an RA, agus éascaíonn sé freisin iompar sholáthair bhreise gáis ó Beattock, in iardheisceart na hAlban, go Baile Mhic Gormáin i gCo. na Mí. Ba i 2002 a tógadh an chéad chéim den tionscadal seo agus tá GNI (An RA) ag tabhairt faoi chéim a dó anois, rud a chuimsíonn an 50km den phíblíne atá fágtha a thógáil ó Chuan Brighthouse go Cluden in Albain.

GNI (UK) LTD

Tá GNI (UK) LTD ina bhfochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Líonraí Gáis Éireann. Oibríonn GNI (RA) Ltd. agus tá sé ina úinéir i bpáirt ar na píblínte ardbhrú a shíneann ó Moffat in Albain go hÉirinn agus go hOileán Mhanann, trí pháblínte faoin bhfarraige, a sholáthraíonn Poblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann. Tá ceadúnas ag GNI (RA) Ltd ón Rialaitheoir Fóntas i dTuaisceart Éireann agus ó Ofgem, san RA.

Tá GNI (RA) ina úinéir ar agus oibríonn sé córas tarchurtha ardbhrú atá déanta suas de 295km de pháblíne agus 18 Suiteáil Os Cionn Talún (SOCT) i dTuaisceart Éireann. Dá bharr sin, tá ceadúnas ag GNI (RA) ón Rialaitheoir Fóntais i dTuaisceart Éireann. Ó 2002, tá £177m infheistithe sa líonra tarchurtha sin.

Ag tús 2016, thug an Rialaitheoir Fóntais i dTuaisceart Éireann agus Ofgem araon, deimhniú do Líonraí Gáis Éireann mar Dhíchuachadh Iomlán Úinéireachta (DIÚ) i gcomhréir leis an tríú treoir ón Aontas Eorpach, Treoir 2009/73/CE i leith Gáis.

I rith 2016, tugadh faoi obair fhairsing chun leanúint ar aghaidh le forbairt ‘samhla an oibreoir aonair córais’ i dTuaisceart Éireann i dteannta le Mutual Energy. Tá sé beartaithe comhfhiontar conarthach a fhorbairt chun oibríocht an mhargadh tarchurtha gáis i dTuaisceart Éireann a chomhdhlúthú.

Aurora Telecom

Oibríonn Aurora Telecom, rannán de chuid Líonraí Gáis Éireann an líonra snáithín optúil aisiompair de ghrád iompróra is nua-aimseartha in Éirinn, agus tógadh é agus úsáid á baint as an teicneolaíocht snáithín optaigh is deireanaí. Tá an gnó chun tosaigh maidir le sárfeidhmíocht a bhaint amach agus bunchiseal iontaoifa agus slán a chur ar fáil d’iompróirí agus ghnóthais a dteastaíonn réitigh nascachta uathu.

Tá Aurora ina úinéir agus ina oibreoir ar an líonra náisiúnta fairsing seo a shíneann go na háiteanna seo a leanas: Baile Átha Cliath, Gaillimh, Baile Átha Luain, Muileann gCearr, Cathair Chorcaí, Inis, Sionainn, Luimneach agus Co. Mhaigh Eo. Ina theannta sin tá ceann de na tionchair is mó i mBaile Átha Cliath ó thaobh líonra snáithín optúil dhorcha ag Líonra Achar Cathrach Bhaile Átha Cliath de chuid Aurora. Trí mheán infheistíochta mhóire, tá méid LAC Bhaile Átha Cliath athraithe ó bhonn agus méadaithe faoi thrí ag Aurora. Anois tá sé ina úinéir agus ina oibreoir freisin ar a bhonneagar cábla agus snáithín a chuireann ar a chumas dianseasmhacht cheart líonra a fhorbairt trí thoipeolaíochtaí fáinneacha an líonra.

Lean an méadú mór ar éileamh sa mhargadh teileachumarsáide agus snáithín ar aghaidh i 2016. Tá an t-éileamh méadaithe ar sheirbhísí snáithín i margadh na hÉireann á bhrú ag an bhfás ar fhorbairt ionad sonraí (go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chomh maith) agus ag forbairt idirnascairí snáithín faoin bhfarraige a thugann nascacht trasatlantach idir SAM agus Éire agus mór-roinn na hEorpa.

Bronntar bratach Téama Uisce an Taisce le haghaidh Scoileanna Uaine ar dhaltaí.



Ball foirne deonach ag réachtáil ceardlann 'Ar nDomhan' le daltaí ó Scoil Náisiúnta Shinsearach Mhuire gan Smál, Darndál mar chuid den tSeachtain Innealtóirí 2016.



Freagracht Chorparáideach

Is é atá i gceist le Freagracht Chorparáideach (FC) in Ervia ná déanamh cinnte go mbíonn iompar ár ngnó eiticiúil agus go gcuireann sé le forbairt shóisialta na hÉireann trí fheabhas a chur ar an gcáilíocht bheatha, tacaíocht a thabhairt dár bpobail agus ár gcomhshaol a chosaint. Díritear ár gcuid gníomhaíochtaí FC ar na pobail a mbíonn muid ag obair iontu agus ar a son, ar ár n-ionad oibre agus margadh agus ar an gcomhshaol a n-oibríonn muid go crua le cosaint.

Sa Phobal

In Ervia tuigeann muid go mbíonn tionchar ag ár gcuid oibre ar phobail ar fud na hÉireann. Oibríonn muid go crua chun caidrimh láidre a thógáil sna pobail a mbíonn ag oibriú iontu trí roinnt tionscnamh agus comhpháirtíochtaí a ligeann do bhaill foirne a gcuid ama agus saineolas a thairiscint saor in aisce.

Tacaíonn Líonraí Gáis Éireann le roinnt tionscnamh oideachasúil ar fud na hÉireann, agus béim faoi leith curtha ar scileanna sna réimsí Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM), litearthacht agus scileanna beatha a chur chun cinn.

- ▶ I 2016 rinneadh an clár oideachais ETIM náisiúnta do bhunscoileanna de chuid Líonraí Gáis Éireann, Ár nDomhan, a sheachadadh go níos mó ná 5,000 dalta as 169 scoil, i gcomhpháirt le Junior Achievement Ireland. Thug fostaithe 1,000 uair an chloig ar bhonn deonach agus 600 uair an chloig astu sin caite ar an gclár litearthachta Time to Read de chuid Gnó sa Phobal le haghaidh pháistí bunscoile
- ▶ Freisin d'oibrigh an gnó as lámh a chéile le Co-operation Ireland ar Thionscadal Ceannaireachta Óige Chorcaí, agus deis á tabhairt do níos mó ná 30 duine óg ó phobail faoi mhíbhuntáiste i gCathair agus Contae Chorcaí a gcuid scileanna ceannaireachta a fhorbairt trí cheardlanna agus taithí chónaitheach le piaraí trasteorann
- ▶ Lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag tacú leis an gclár Scileanna san Ionad Oibre trí naisc le Scoil Náisiúnta Bhinn Aoibhinn i bhFionnghlas, Baile

Átha Cliath agus Coláiste Pobail de Nóglá, Corcaigh a chomóir 10 mbliana de chomhpháirtíocht i 2016. Is í aidhm an chlár ná daltaí a spreagadh chun a n-acmhainn a thuiscint agus luach a leagan ar oideachas trí iad a spreagadh chun fanacht ar scoil.

- ▶ I 2016 lean Uisce Éireann ar aghaidh lena chomhpháirtíocht leis An Taisce maidir leis an Téama Uisce i gClár na Scoileanna Uaine, clár idirnáisiúnta um oideachas comhshaoil agus scéim gradam do bhunscoileanna agus mheánscoileanna;
- ▶ Freisin d'oibrigh Uisce Éireann i gcomhpháirt leis An Taisce ar a fheachtas Smaoinigh Roimh Shruhlú chun feasacht a mhúscailt faoi fhadhb an bhruscair bainteach le séarachas ar thránna na hÉireann;
- ▶ Tugann Uisce Éireann tacaíocht do Dhámhachtain Leag Luach ar Uisce de chuid Bailte Slachtmhara a spreagann pobail chun feasacht a mhúscailt faoi gach gné de bhainistíocht inbhuanaithe uisce agus a thugann aitheantas do phobail a laghdaíonn a n-úsáid uisce agus a chosnaíonn a gcuid timpeallachtaí mara/uisce úir.
- ▶ Thairg baill foirne ar fud Ervia tacaíocht do chlár Junior Achievement Ireland i 2016 agus chothaigh siad tuiscint i measc dhaltaí bunscoile agus meánscoile ar luach an oideachais, na hoibre agus na fiontraíochta agus mhúin siad dóibh freisin conas is féidir leo tionchar a imirt ar an domhan timpeall orthu chun iad a ullmhú dá slite beatha sa todhchaí;

- ▶ Freisin thug baill foirne tacaíocht don chlár Time to Read do dhaltaí i rang a dó, áit ar chaith baill foirne aon uair an chloig in aghaidh na seachtaine i gcaitheamh 16 seachtaine ag obair leis na daltaí, ag cabhrú leis na páistí cur lena muintín agus lena dtaitneamh as an léamh.
- ▶ Már chuid dár gClár Ervia i mbun Gnímh (Ervia in Action) bhronn muid deontais ar luach iomlán €50,000 ar eagraíochtaí áitiúla agus réigiúnacha ar fud na hÉireann le haghaidh tionscadal a thacaíonn le cáilíocht bheatha, nuáil & fiontraíocht agus lánpháirtíocht.

I 2017 tabharfaidh Ervia chun críche Plean straitéiseach FC ar fud an ghrúpa chun déanamh cinnte go léireoidh ár gcuid Clár FC i gcónaí ár gcuspóir straitéiseach agus ár gcuid luachanna agus feabhas á chur acu ar cháilíocht bheatha ar leibhéal pobail, agus muid ag coimeád i gcuimhne na cleachtais bhunaithe agus nua maidir le freagracht agus le hinbhuanaitheacht in Uisce Éireann agus i Líonraí Gáis Éireann a bhfuil an marc aige um Obair Fhreagrach Gnó.

Freagracht Chorporáideach

(ar lean)

Sa Mhargadh

Tá Ervia geallta chun tús áite a thabhairt dár gcuid custaiméirí agus oibríonn muid go crua chun go déanamh cinnte go mbíonn taithí dhearfach ag ár gcuid custaiméirí go léir. Déannann muid sin trínár gclár tiomanta *Tús Áite don Chustaiméir* atá ceaptha chun leas a bhaint as neart, saineolas, foghlaim agus taithí na seirbhíse do chustaiméirí ar fud na heagraíochta. Freisin cuireann muid Cláir Seirbhíse Speisialta agus Tacaíochta ar fáil dár gcuid custaiméirí leochaileacha chun déanamh cinnte gur féidir linn freastal ar a gcuid riachtanas.

Le Straitéis 'Insights into Action' de chuid Líonraí Gáis Éireann a bhuaigh gradaim, déantar anailís chuimsitheach ar dhearcaí ár gcuid custaiméirí, comhpháirtithe gnó agus páirtithe leasmhara. I 2016, cuireadh 37 dtionscnamh feabhsaithe um chustaiméirí i bhfeidhm, rud a thóg an méid iomlán tionscnamh ó thús an chláir go 463.

In Uisce Éireann bíonn muid ag obair i gcónaí chun costais a laghdú agus seirbhísí dár gcuid custaiméirí a fheabhsú ach tá níos mó le déanamh againn. Táthar ag tabhairt aghaidhe ar na dúshláin atá romhainn féin agus roimh Éirinn ar bhonn struchtúrtha agus céimnithe thar roinnt blianta, agus beidh tiomantas leanúnach ó na príomhpháirtithe leasmhara go léir ag teastáil. An toradh a bheidh air sin ná seirbhísí níos éifeachtúla agus éifeachtaí dár gcuid custaiméirí.

Creideann Ervia freisin gur féidir linn oibríochtaí freagracha agus inbhuanaithe a chur ar fáil trí oibriú as lámh a chéile lenár gcuid soláthraithe agus ár gcuid comhpháirtithe shlabhra soláthair. Tá inbhuanaitheacht ina príomhfhachtóir spreagtha inár gcuid próiseas agus straitéisí um bainistíocht soláthair agus conarthaí.

Le Straitéis 'Insights into Action' de chuid Líonraí Gáis Éireann a bhuaigh gradaim, déantar anailís chuimsitheach ar dhearcaí ár gcuid custaiméirí, comhpháirtithe gnó agus páirtithe leasmhara. I 2016, cuireadh 37 dtionscnamh feabhsaithe um chustaiméirí i bhfeidhm, rud a thóg an méid iomlán tionscnamh ó thús an chláir go 463.

San Ionad Oibre

Tá sláinte agus leas fhostaithe go léir Ervia fíorthábhachtach. Lenár gcur chuige i dtreo sláinte agus leas ceirde agus pearsanta pléitear le leas aigne, coirp agus mothúcháin na bhfostaithe.

I 2016, sheol muid *Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile* ina leagtar amach an fhís nach ndéanann ár ngnó dochar do dhuine ar bith, ár gcuid fostaithe san áireamh. Cuireann an clár leis na tionscnaimh reatha Sláinte agus Leasa ar fud Ervia agus méadaíonn sé iad.

Príomhthosaíocht eile do Ervia ná fostaithe a chumhachtú chun tosaíochtaí straitéiseacha Ervia a chomhlíonadh trí chumarsáid shoiléir agus thráthúil. I rith 2016, threisigh muid ár mbéim ar chumarsáid fostaithe, agus cainéil oiriúnach don chuspóir bunaithe againn chomh maith le cur le láithreach ceannairí chun rannpháirtíocht a mhéadú.

Sábháilteacht

Níor tharla aon díobhálacha tromchúiseacha ná básanna d'fhostaithe, do chonraitheoirí ná baill den phobal mar thoradh ar ghníomhaíochtaí Ervia i 2016.

Tharla 4 Dhíobháil Ama Cailte (DAC) d'fhostaithe i 2016, atá ag teacht le líon na DACanna a tharla i 2015. Ní raibh na teagmhais sin tromchúiseach agus nuair a thógtar san áireamh go bhfuil 1,621 fostaí againn is ionann é agus feidhmíocht den scoth ó thaobh sábháilteachta. Tharla 109 DAC do Chonraitheoirí i 2016. Ba é an Ráta Minicíochta le haghaidh Dhíobhálacha Ama Cailte d'Fhostaithe (RMDAC) ná 0.11 agus 0.18 in aghaidh 100 lae le haghaidh LGÉ agus Uisce Éireann faoi seach. Cé nach raibh formhór na ndíobhálacha sin tromchúiseach, bhí roinnt acu a d'fhéadfadh a bheith níos tromchúisí agus tá Ervia geallta chun oibriú i ndlúthpháirt lenár gcuid fostaithe agus lenár gcomhpháirtithe conarthacha chun feidhmíocht sábháilteachta a fheabhsú i gcónaí agus é mar aidhm againn nach dtarlódh aon díobhálacha.

Iomlán DAC

2015	108
2016	113

DACanna Fostaí

2015	4
2016	4

DACanna Conraitheora (ÚÁ san áireamh)

2015	104
2016	109

Sa Timpeallacht

Tá Ervia freagrach as bonneagar agus seirbhísí sábháilte agus iontaofa gáis, uisce agus fuíolluisce a sheachadadh a thacaíonn le fás gheilleagar na hÉireann. Bíonn tionchar ag ár gcuid gníomhaíochtaí ar an timpeallacht a bhfuil muid ag oibriú inti agus mar chaomhnóirí na sócmhainní nádúrtha sin tuigeann muid go bhfuil muid freagrach as iad a láimhseáil agus caitheamh leo le meas. Thar ceann Ervia, tá beartais i leith an chomhshaoil forbartha agus tosaíochtaí lárnacha aitheanta ag Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann chun tacú lenár ngealltanas.

Úsáid fuinnimh 2016

Déanann Ervia monatóireacht agus tuairisciú ar úsáid fuinnimh i gcomhréir le Rialacháin IR 426 an AE ar Éifeachtúlacht Fuinnimh. Táimid geallta chun leanúint ar aghaidh leis an iarracht i dtreo feidhmíochta feabhsaithe maidir le fuinneamh. I gcomhpháirt le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), glacann Éire páirt sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh, atá dírithe ar choigiltis 33 fán gcéad maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2020.

Ba é leictreachas an cineál fuinnimh ba mhó i meascán fuinnimh Uisce Éireann i 2016. Úsáidtear leictreachas go príomha mar seo a leanas:

- ▶ Uisce a chaidéalú;
- ▶ Fuíolluisce a chaidéalú;
- ▶ Aerú fuíolluisce;
- ▶ Dífhachtú uisce agus eisiltigh chóireáilte;
- ▶ Dí-uisciú sloda, uisce agus fuíolluisce;
- ▶ Solas agus teas.

I 2016, d'úsáid Uisce Éireann méid measta de 592 GWh d'fhuinneamh. Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh go n-athrófaí an t-eolas sin ar feitheamh roinnt na sonraí faoi fheidhmíocht fuinnimh ag ár gcuid comhpháirtithe agus athbhreithniú ar shonraí leictreachais ó Oibreoir an Chórais um Chlárú Méadair.

Is féidir féachaint ar na sonraí faoi dhul chun cinn Uisce Éireann i dtreo ár sprice le haghaidh 2020 ar láithreán gréasáin SEAI <https://psmr.seai.ie>.

I 2016 thug Uisce Éireann faoi réimse tionscnamh chun feidhmíocht fuinnimh ár ngnó a fheabhsú.

Ina measc siúd bhí uasghrádú ar chórais chaidéalaithe agus aeraithe, próisis a bharrfheabhsú agus uasghrádú soilse agus téimh. I 2017 leagfaidh Uisce Éireann amach conas a fheabhsóidh sé éifeachtúlacht fuinnimh na seirbhísí uisce agus ár gcuid astuithe dhé-ocsaíd carbóin a laghdú mar chuid dár Straitéis Fuinnimh Inathnuaite.

Choimeád Líonraí Gáis Éireann deimhniú de réir an Chórais um Bainistíocht Chomhshaoil ISO14001:2004, agus de réir an Chórais um Bainistíocht Fuinnimh ISO50001:2011 i 2016. Freisin thug an gnó faoi Fheachtas Feasachta i leith an Chomhshaoil agus Fuinnimh, chun feasacht a mhúscailt faoi chúrsaí comhshaoil san áit oibre agus sa bhaile.

Freisin bhí ról gníomhach ag Líonraí Gáis Éireann sa NEECAP, i gcomhpháirt leis an SEAI chun cabhrú le sprioc an Rialtais a bhaint amach - ba é sin ná coigiltis éifeachtúlachta fuinnimh de 33 fán gcéad san Earnáil Phoiblí faoi 2020. Ó bhonnlíne shocraithe i 2006, tá feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh de níos mó ná 43 fán gcéad bainte amach ag Líonraí Gáis Éireann cheana féin.

I 2016, i measc na dtionscnamh ar tugadh fúthu chun feidhmíocht fhuinnimh a fheabhsú bhí:

- ▶ *Go Glas* Feachtas um Feasacht faoi Fhuinneamh agus faoin gComhshaoil ar fud na cuideachta;
- ▶ Modúil a fhorbairt ar líne ar Bhainistíocht Fuinnimh agus Chomhshaoil le haghaidh ball foirne;
- ▶ Athbhreithniú ar éifeachtúlacht fuinnimh an líonra tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha mar a threoraigh an CER faoi réir cheanglais Rialacháin I.R. 426 (2014) (Éifeachtúlacht Fuinnimh), an Aontais Eorpaigh.

Seo a leanas mar a dhéantar achoimre ar úsáid fuinnimh ar fud sócmhainní Líonraí Gáis Éireann:

Úsáid Fuinnimh – Úsáid Dhíreach (Sócmhainní na hÉireann amháin)	2015 (GWh TFC)	2016 (GWh TFC)
Leictreachas	6.68	7.07
Gás Nádúrtha	1.43	1.45
Díosal	1.96	2.16
Peitreal	0.01	0.01

Sa tuarascáil seo cuirtear síos ar phrionsabail agus chleachtais rialála Ervia. Le haghaidh na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2016, bhí cleachtais rialála corparáidí Ervia faoi réir leagan 2009 den Chód Cleachtais um Rialáil Comhlachtaí Stáit ('an Cód').

Leanann printíseach a mheantóir i scoil oiliúna
Líonraí Gáis Éireann i bhFionnghlas, Baile Átha Cliath.



Rialáil

An Bord i 2016	50
Tuarascáil an Bhoird	52
Athbhreithniú an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca	62



An Bord i 2016

1. Tony Keohane (Cathaoirleach)

Ceaptha: 5 Iúil 2016

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Luach saothair

Gairm: Iar-Chathaoirleach ar Tesco Ireland, POF Tesco Ireland ó mhí Feabhra 2006 go dtí mí Iúil 2013

Ceapacháin Seachtracha: Cathaoirleach Repak agus an Malone Group, Stiúrthóir Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Bord Bia. Comhairleoir straitéiseacha ina ghnó comhairleachta féin

2. Michael McNicholas (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa)

Ceaptha: 7 Bealtaine 2013

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar

Gairm: POF agus Príomhoifigeach Oibriúcháin NTR cpt, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESB

Ceapacháin Seachtracha: Bord Foras Bainistíochta na hÉireann (IMI)

3. Chris Banks

Ceaptha: 5 Iúil 2016

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar Creat Oibriúcháin an Tionscal Uisce (COTU)

Gairm: Stiúrthóir Tráchtála Scottish Water ó 2002-2014, Na tionscail Táirgí Tógála, Mianraí agus Loingseoireachta

Ceapacháin Seachtracha: Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin ar dhá ghnó ag céim luath i seirbhísí miondíola uisce agus duchtú bonneagair chumarsáide. Comhairleoir straitéiseach ina ghnó comhairleachta féin (Chris B2B Ltd)

4. Keith Harris

Ceaptha: 5 Iúil 2016

Téarma oifige: 3 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúcháireacht, Riosca

Gairm: Feidhmeannach Sinsearach agus poist Bhoird i Wessex Water, Ceann Rialála Domhanda in ENRON / AZURIX

Ceapacháin Seachtracha: Stiúrthóir agus Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta i South Staffordshire Water, ball den Bhord Comhairleach sa chomhlacht príobháideach cothromais, agus comhpháirtí OXERA úinéir an ghnó comhairligh LorraineHouse

5. Sean Hogan

Ceaptha: 20 Eanáir 2015

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Riosca, COIU

Gairm: Cathaoirleach ar Northern Ireland Water Limited ó Mhárta 2011 go Márta 2015

Ceapacháin Seachtracha: Comhalta den Institiúid Stiúrthóirí agus dá Coiste Gnó agus Comhshaoil

6. Mari Hurley

Ceaptha: 11 Meitheamh 2013

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúcháireacht, Riosca, Luach Saothair

Gairm: Stiúrthóir Airgeadais Sherry FitzGerald Group, Bear Stearns Bank cpt.

Ceapacháin Seachtracha: Ceaptha chun Bhord NAMA i mí Aibreáin 2014, CFO ar Hostelworld Group cpt

Keith Harris

Chris Banks

Peter Cross



Joe O'Flynn

Sean Hogan

7. Fred Barry

Ceaptha: 5 Iúil 2016

Téarma oifige: 4 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar/COIU

Gairm: Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, agus cuideachtaí éagsúla i Jacobs Engineering Group Inc.

Ceapacháin Seachtracha: Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin an PM Group

8. Peter Cross

Ceaptha: 20 Eanáir 2015

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúcháireacht, Riosca

Gairm: Príomhoifigeach Airgeadais Eircom Iúil 2007 -Mí na Nollag 2010, Príomhoifigeach Airgeadais BT Openreach, Stiúrthóir Grúpa ar Airgeadas Corparáideach agus Iontaobhaí Scéim Pinsean BT, poist airgeadais chorparáidigh i Morgan Stanley agus Barings

Ceapacháin Seachtracha: Stiúrthóir Bainistíochta Trasna Corporate AIRGEADAS, Cathairleach ar Choiste Iniúcháireachta an HSE agus Stiúrthóir ar Cubic Telecom

9. Celine Fitzgerald

Ceaptha: 20 Eanáir 2015

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: COIU

Gairm: POF Rigney Dolphin idir 2007 – 2012, bainistíocht caidrimh le custaiméirí i Vodafone agus Eircell

Ceapacháin Seachtracha: A gnó comhairleach féin (Integro Consulting), oifigeach neamhfheidhmiúcháin VHI, Bainisteoir Ginearálta GOAL

10. Finbarr Kennelly

Ceaptha: 11 Nollaig 2012

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúcháireacht, Luach Saothair

Gairm: Poist sinsearach i Gardiner Group, Rialaitheoir Airgeadais an chomhlacht teileachumarsáide Alcatel Business Systems Ireland, iarchomhalta boird de The Housing Finance Agency cpt, meantóir i Plato Ireland.

Ceapacháin Seachtracha: Stiúrthóir Airgeadais agus Oibríochtaí Golf Vacations Ireland

11. Joe O'Flynn

Ceaptha: 20 Eanáir 2015 (agus é ceaptha roimhe sin í mí na Samhna 2008 agus arís eile í mí na Samhna 2013)

Téarma oifige: 3 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar

Gairm: Iar-Ard-Mhéara Chorcaí agus iarchomhairleoir cathrach

Ceapacháin Seachtracha: Rúnaí ginearálta SIPTU, stiúrthóir trí chomhlachta atá cleamhnaithe le SIPTU, Cisteoir Chomhdháil na gCeardchumann agus ball dá Chomhairle Feidhmiúcháin

Mari Hurley

Tony Keohane

Finbarr Kennelly

Celine Fitzgerald



Michael McNicholas

Fred Barry

Tuarascáil an Bhoird

Sa tuarascáil seo cuirtear síos ar phrionsabail agus chleachtais rialála Ervia. Le haghaidh na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2016, bhí cleachtais rialála corparáidí Ervia faoi réir leagan 2009 den Chód Cleachtais um Rialáil Comhlachtaí Stáit ('an Cód'). Sa Tuarascáil tugtar cuntas ar an gcaoi ar chuir Ervia na prionsabail sin i bhfeidhm agus ar chloígh sé leis na forálacha atá leagtha amach sa Chód. Tá bearta cuí curtha i bhfeidhm ag Ervia agus a chuid fochomhlachtaí chun cloí leis an gCód, ina leagtar amach prionsabail an Rialachais Chorparáidigh nach mór do bhoird chomhlachtaí stáit cloí leo, agus is féidir linn a dhearbhu go bhfuiltear ag cloí go hiomlán leis an gCód.

D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Cód athbhreithnithe i Lúnasa 2016 ('an Cód athbhreithnithe'). Bítear ag súil go gcloífeadh comhlachtaí Stáit go hiomlán leis an gCód athbhreithnithe maidir le tréimhsí um thuiriscíú airgeadais ag tosú ar an 1 Meán Fómhair 2016 nó ina dhiaidh. Tugadh faoi mheasúnú ar thionchar an Chóid athbhreithnithe ar struchtúir rialachais Ervia, agus thug Ervia faoi thuiriscíú orthu siúd agus tá bearta cuí á nglacadh chun déanamh cinnte go mbeifear go hiomlán comhlíontach roimh an 1 Meán Fómhair 2017. Tabharfaidh Ervia tuairisc ar chomhlíontacht leis an gCód Athbhreithnithe ina Thuarascáil Bhliantúil 2017.


Ballraíocht an Bhoird

Fágtar ballraíocht an Bhoird faoi chúram an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil ("an tAire"). Tá an bhallraíocht ar an 31 Nollaig 2016 le feiceáil ar leathanach 53.

Ceapachán Chomhaltaí Boird


Ós rud é gurb é an Rialtas atá freagrach as ceapacháin chuig an mBord, ní thugann Ervia faoi mheasúnú ar chomhaltaí aonair den Bhoird. Bíonn plé ag an gCathaoirleach leis an Rialtas roimh cheapacháin chuig an mBord, áfach, chun aird a tharraingt ar na scileanna sonracha atá ag teastáil ar an mBord. Áit a measann an Cathaoirleach go dteastaíonn níos mó éagsúlachta, éagsúlacht inscne san áireamh, déantar plé leis an Aire. Cloíonn ceapacháin chuig an mBord leis na Treoirínte ar Cheapacháin chuig Boird Stáit mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2014.

Bord Inscne




● Mná
● Fir

Comhaltaí Feidhmiúcháin agus Neamhfeidhmiúcháin



● Comhaltaí Feidhmiúcháin
● Comhaltaí Neamhfeidhmiúcháin

Tionóntacht Chomhaltaí Neamhfeidhmiúcháin an Bhoird



● 3+ bliana
● 0-3 bliana

Ionduchtú agus Forbairt Chomhaltaí Nua Boird

Tá clár struchtúrtha ionduchtáin i bhfeidhm a chuimsíonn cruinnithe le comhaltaí d'Fhoireann Fheidhmiúcháin Ervia, láithreachais sonracha gnó agus cuairteanna láithreáin chuig príomhionaid oibriúcháin chun Comhaltaí Boird a chur ar a n-eolas faoi oibríochtaí an ghrúpa.

Déanann an Cathaoirleach agus an Rúnaí Cuideachta athbhreithniú ar riachtanais oiliúna Chomhaltaí an Bhoird agus eagraíonn siad seimineáir agus cainteoirí seachtracha cuí chun freastal ar na riachtanais sin. Freisin pléann an Cathaoirleach riachtanais aonair oiliúna agus forbartha le haghaidh gach Chomhalta Boird mar chuid den phróiseas bliantúil measúnaithe agus moltar do Chomhaltaí Boird tabhairt faoi oiliúint chuí ar chúrsaí ábhartha chun déanamh cinnte go réitíonn a n-eolas agus a dtáithí le riachtanais Ervia.

Neamhspleáchas

Tá an Bord sásta go bhfuil na Comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird neamhspleách ón lucht bainistíochta, neamhspleách ó thaobh carachtair agus breithiúnais agus saor ó chúinsí a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar acu ar a mbreithiúnas, nó a d'fhéadfadh go mbeadh an chuma orthu go mbeadh tionchar acu air. Cuireann gach Comhalta Boird breithiúnas agus neamhspleách chomh maith le meon dúshlánach i bhfeidhm agus cinntí á ndéanamh ag an mBord. Ní mór do Chomhaltaí Boird aon leas nó chaidreamh a fhógairt a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách.

Luach Saothair Chomhaltaí Boird

Is é an tAire a shocraíonn na táillí atá iníoctha le Comhaltaí Boird. Tá táillí agus speansais Chomhaltaí Boird i rith 2016 leagtha amach thíos.

Comhalta Boird	Luach saothair	
Tony Keohane (Cathaoirleach)	€15,427	Cuireadh tús leis an téarma oifige ar an 5 Iúil 2016 - €31,500 in aghaidh na bliana
Michael McNicholas (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa)	-	Ní fhaigheann sé táille Boird i gcomhréir le "Treoirlínte ar Chonarthaí, Luach Saothair agus Coinníollacha Eile Príomhfheidhmeannach agus Bhainistíocht Shinsearach Chomhlachtaí Tráchtála" a eisíodh i Márta 2006
Joe O'Flynn	-	Táille boird tarscaoilte ar bhonn roghnach
Sean Hogan	€15,750	
Peter Cross	€15,750	
Celine Fitzgerald	€15,750	
Mari Hurley	€15,750	
Finbarr Kennelly	€15,750	
Keith Harris	€7,713	Cuireadh tús leis an téarma oifige ar an 5 Iúil 2016 - €15,750 in aghaidh na bliana
Chris Banks	€7,713	Cuireadh tús leis an téarma oifige ar an 5 Iúil 2016 - €15,750 in aghaidh na bliana
Fred Barry	€7,713	Cuireadh tús leis an téarma oifige ar an 5 Iúil 2016 - €15,750 in aghaidh na bliana

Bhí speansais de €6,855 iníoctha le Comhaltaí Boird le haghaidh 2016.

Tuarascáil an Bhoird

(ar lean)

Ról an Bhoird

Tá ról le glacadh ag Bord Ervia ina struchtúr rialachais atá sainithe go soiléir. Déanann an Bord údarás a tharmligean dá chuid Coistí chun cúraimí áirithe a chomhlíonadh thar a cheann, ionas gur féidir leo an méid ceart ama a chaitheamh i mbun díriú agus machnamh ar na hábhair siúd nach mór a mheas ar leibhéal Boird. Tá níos mó sonraí tugtha thíos faoi Choistí Boird Ervia.

Tá an Bord freagrach as bainistíocht cheart agus rath fadtéarmach Ervia agus glacann sé gach cinneadh straitéiseach tábhachtach, coimeádann sé smacht iomlán agus éifeachtach, agus déanann sé freagracht laethúil a tharmligean as bainistíocht agus smacht oibriúcháin agus airgeadais, laistigh de theorannacha sainithe údaráis, chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa agus a Fhoireann Fheidhmiúcháin. Pleanáiltear gnó an Bhoird agus a chuid

Coistí gach bliain chun déanamh cinnte go ndéantar é a mhaoirsiú agus a rialú go héifeachtach. Seo a leanas samplaí de roinnt ábhar a fhorchoimeádtar le haghaidh bhreithniú/fhaomhadh an Bhoird:

Tinreamh an Bhoird i 2016

Comhaltaí	Cruinnithe	
	A	B
Tony Keohane (Cathaoirleach)	5	5
Michael McNicholas	12	12
Sean Hogan	12	12
Peter Cross	12	12
Celine Fitzgerald	12	11
Mari Hurley	12	11
Joe O'Flynn	12	9
Finbarr Kennelly	12	12
Keith Harris	5	5
Chris Banks	5	5
Fred Barry	5	5

Comharthaíonn **Colún A** líon na gcuinnithe a reáchtáladh i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den Bhord

Comharthaíonn **Colún B** líon na gcuinnithe ar freastalaíodh orthu i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den Bhord

Sceideal foirmiúil ábhar a fhorchoimeádtar do Bhord Ervia

- ▶ Cur chuige a ghlacadh ón mbarr aníos agus straitéis fhoriomlán maidir le Sábháilteacht
- ▶ Buiséid Bhliantúla a Fhaomhadh
- ▶ Faomhadh/Athbhreithniú Plean Chorpáraidigh/Pleananna Gnó Fochuideachtaí
- ▶ Faomhadh conarthaí/caiteachais a bhfuil a luach os cionn €10 milliúin
- ▶ Faomhadh na Tuarascála Bliantúla agus Ráiteas Airgeadas
- ▶ Éadáil leasanna i gcuideachtaí nach cuideachtaí Ervia iad
- ▶ Eisiúint urrús in Ervia nó aon fhochuideachta agus aisíocaíocht luath nó leasuithe móra ar chlár urrús
- ▶ Ceapadh/briseadh iniúcháirí, de réir mholadh an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
- ▶ Leasuithe móra ar scéimeanna pinsin Ervia
- ▶ Fochuideachtaí agus comhfhiontair a bhunú

Le haghaidh liosta iomlán ábhar féach ar www.ervia.ie.

Samplaí d'ábhair a ndearna an Bord breithniú orthu/a d'fhaomh siad i 2016:

Straitéis

- ▶ Treoir straitéiseach Ervia
- ▶ Fuarthas tuairiscí suas le dáta ón mbainistíocht maidir le plé leanúnach le príomh-scairshealbhóir Ervia faoi shaincheisteanna straitéiseacha

Airgeadas

- ▶ Torthaí bliantúla foilsithe
- ▶ Tuarascálacha míosúla ó Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséad agus réamhaisnéis chomh maith le torthaí trádála

- ▶ Tuarascáil bhliantúil


- ▶ Díbhinní

- ▶ Maoiniú

Oibríochtaí

- ▶ Tuarascáil ar Oibríochtaí de chuid Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa agus príomhthascairí feidhmíochta san áireamh
- ▶ Tuarascálacha an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta
- ▶ Measúnuithe ar infheistíocht chaipitiúil

Creat Rialachais Ervia



Cathaoirleach

Tá an Cathaoirleach freagrach as ceannaireacht an Bhoird agus as déanamh cinnte go mbíonn sé éifeachtach i ngach gné dá ról. Tá sé freagrach go sonrach as caidreamh oibre éifeachtach a bhunú agus a choimeád le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa, as déanamh cinnte go ndéantar cumarsáid éifeachtach agus chuí le príomh-stocshealbhóir caipitil Ervia agus as déanamh cinnte go bhforbraíonn agus go gcoimeádann comhaltaí den Bhord tuiscint ar thuairimí scairshealbhóirí. Déann an Cathaoirleach ceannaireacht ar an mBord agus é ag cinneadh ar a straitéis agus ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna agus tá siad freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, déanamh cinnte go bhfuil sé éifeachtach agus a chlár oibre a shocrú. Déann an Cathaoirleach cinnte go bhfaigheann comhaltaí Boird eolas cruinn, tráthúil agus soiléir.

Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach

Is í Mari Hurley an Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach (“SNS”). Cuireann an SNS bonn braite ar fáil don Chathaoirleach. Freisin feidhmíonn an SNS mar idirghabhálaí do chomhaltaí eile an Bhoird nuair is gá sin agus maidir le hábhair a bhfuil coimhlint leasa ag an gCathaoirleach ina leith nó nach féidir leo gníomh a ghlacadh ina leith ar chúis eile.

An Rúnaí Cuideachta

Tá teacht ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle agus sheirbhísí an Rúnaí Cuideachta Liam O’Riordain, a chuimsíonn a chuid freagrachtaí déanamh cinnte go sreabhtar eolas i gceart laistigh den Bhord agus dá chuid coistí agus idir an bhainistíocht shinsearach agus Comhaltaí Boird, chomh maith le hionduchtú a éascú agus cabhrú leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach ar chomhaltaí Boird de réir mar is gá. Tá an Rúnaí Cuideachta freagrach as comhairle a chur ar an mBord trí mheán an Chathaoirligh ar chúrsaí rialachais go ginearálta.

Comhdhéanamh Choistí an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach Coiste i bhfeidhm ag an mBord chun cabhrú lena chuid freagrachtaí a chomhlíonadh, agus coistí sainchuspóra bunaithe chun déileáil le hábhair nach mór don Bhord aird faoi leith a thabhairt orthu. Ar an 31 Nollaig 2016, bhí cúig Choiste ag an mBord (Coiste sainchuspóra é an Coiste COIU chun maoirseacht a dhéanamh ar Thionscadal Chreat Oibriúcháin an Tionscail Uisce), agus téarmaí tagartha foirmiúla ag gach ceann acu.

An Coiste Iniúcháireachta

Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta i rith 2016. Ar an 28 Feabhra 2017, roghnaigh an Bord comhdhlúthú a dhéanamh ar na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca mar a bhí ann ag an am chun aon choiste amháin, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, a dhéanamh le déanamh cinnte go ndéantar maoirseacht dhóthanach ar ábhair iniúcháireachta, rialuithe airgeadais agus eile agus ar riosca ar fud an fhiontair.

Comhaltaí	Cruinnithe	
	A	B
Mari Hurley (Cathaoirleach)	6	6
Sean Hogan	4	4
Peter Cross	6	6
Finbarr Kennelly	6	5
Keith Harris	2	2

Comharthaíonn **Colún A** líon na gcrúinnithe a reáchtáladh i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den choiste.

Comharthaíonn **Colún B** líon na gcrúinnithe ar freastalaíodh orthu i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den choiste.

Tá gníomhaíochtaí ar thug an Coiste Iniúcháireachta (mar a bhí ann ag an am) fúthu i 2016 leagtha amach i dTuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar leathanach 62.

Tuarascáil an Bhoird

(ar lean)

An Coiste Riosca

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Riosca i rith 2016.

Comhaltaí	Cruinnithe	
	A	B
Peter Cross (Cathaoirleach)	4	4
Sean Hogan	4	3
Mari Hurley	4	4
Keith Harris	2	2

Comharthaíonn **Colún A** líon na gcruinnithe a reáchtáladh i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den choiste.

Comharthaíonn **Colún B** líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den choiste.

Príomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste Riosca fúthu i 2016 agus ar thug siad tuairisc orthu don Bhord:

Gníomhaíocht

Sonraí

Tuarascálacha Ráithiúla Riosca

- ▶ Tuairisciú ráithiúil ar phróifíl Riosca Ervia lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí nua agus rioscaí ardtionchair/rioscaí nach mór an dóchúlacht go dtarlóidh siad;

Tumadh Domhain Riosca

- ▶ Próifílí riosca d'aonaid ghnó
- ▶ Slándáil soláthair an uisce óil
- ▶ Rioscaí maidir le teicneolaíocht na faisnéise agus cibearshlándáil

Forbhreathnú ar Theacht Aniar Gnó Ervia 2016

- ▶ Forbhreathnú ar leanúnachas gnó agus gníomhaíochtaí agus cleachtaí bainistíochta géarchéime Ervia.

Coiste Infheistíochta/Bonneagair

Bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste Infheistíochta/Bonneagair i rith 2016.

Comhaltaí	Cruinnithe	
	A	B
Joe O'Flynn (Cathaoirleach)	8	8
Michael McNicholas	8	8
Celine Fitzgerald	8	7
Finbarr Kennelly	5	5
Chris Banks	3	3
Fred Barry	3	3

Comharthaíonn **Colún A** líon na gcruinnithe a reáchtáladh i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den choiste.

Comharthaíonn **Colún B** líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den choiste.

Príomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste Bonneagair/Infheistíochta fúthu i 2016:

Dualgas

Gníomhaíocht

Tograí Infheistíochta

- ▶ Rinneadh athbhreithniú ar an gcur chuige i dtreo mheasúnú tionscadal caipitil agus pleanáil infheistíochta;
- ▶ Rinneadh Athbhreithniú ar Thionscadail Mhóra (a raibh luach caipitiúil de níos mó ná €10 milliún orthu) sa Ghás agus san Uisce;
- ▶ Rinneadh athbhreithniú ar chomhaontuithe um cheangal mór;
- ▶ Rinneadh athbhreithniú ar Phlean Infheistíochta Caipitiúla Uisce Éireann go dtí 2021.

An Coiste Luach Saothair

Bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste Luach Saothair i rith 2016.

Comhaltaí	Cruinnithe	
	A	B
Tony Keohane (Cathaoirleach)	2	2
Finbarr Kennelly	9	9
Mari Hurley	9	9
Sean Hogan	8	8

Comharthaíonn **Colún A** líon na gcruinnithe a reáchtáladh i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den choiste.

Comharthaíonn **Colún B** líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den choiste.

Príomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste Luach Saothair fúthu i 2016:

Dualgas

Gníomhaíocht

Spríocanna Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Rinneadh athbhreithniú ar fheidhmíocht le haghaidh 2015; ▶ Socraíodh spríocanna le haghaidh 2016;
Pleanáil Chomharbais	▶ Rinneadh athbhreithniú agus machnamh ar phlean comharbais POF an Ghrúpa / an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin;
Athbhreithniú pá	▶ Dul chun cinn pá agus athbhreithniú ar shamhail pá Ervia.

Coiste Chreat Oibriúcháin an Tionscal Uisce (COTU)

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste COTU i rith 2016.

Comhaltaí	Cruinnithe	
	A	B
Sean Hogan (Cathaoirleach)	4	4
Celine Fitzgerald	4	4
Fred Barry	2	2
Chris Banks	2	2

Comharthaíonn **Colún A** líon na gcruinnithe a reáchtáladh i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den choiste.

Comharthaíonn **Colún B** líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu i rith na tréimhse ina raibh an Comhalta Boird ina gcomhalta den choiste.

Príomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste COTU fúthu i 2016:

Dualgas

Gníomhaíocht

Athbhreithniú ar thograí le haghaidh COTU	<ul style="list-style-type: none"> ▶ Athbhreithniú ar Chomhaontú an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre; ▶ Athbhreithniú ar Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse Uisce Éireann; ▶ Athbhreithniú ar an tsamhail Fóntais Phoiblí; ▶ Bainistíocht Geallsealbhoirí.
---	--

Tuarascáil an Bhoird

(ar lean)

Éifeachtacht agus Measúnú an Bhoird agus Coistí

Measann an Bord go bhfuil cothrom cuí scileanna, taithí, neamhspleáchais agus eolais ar Ervia aige le gur féidir leis a gcuid dualgas agus freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach, go bhfuil sé mór go leor le déanamh cinnte gur féidir leas a bhaint mar is cuí as an gcothrom sin scileanna agus taithí agus gur féidir athruithe ar bhallraíocht an Bhoird a láimhseáil gan chur isteach iomarcach.

Modheolaíochtaí measúnaithe a chuireann an Bord i bhfeidhm chun a éifeachtacht a shocrú:

Measúnú Inmheánach

Le haghaidh 2016, rinneadh an próiseas measúnaithe feidhmíochta le haghaidh an Bhoird agus Choistí an Bhoird go himmheánach, ós rud é go ndearnadh athbhreithniú seachtrach ag deireadh 2015. Tá na céimeanna éagsúla den phróiseas um measúnú inmheánach feidhmíochta ar cuireadh tús leis i mí Eanáir 2017 leagtha amach thíos:

- ▶ Scaipeadh ceistneoir chuig comhaltaí an Bhoird inar clúdaíodh ballraíocht an Bhoird, ábhar agus reáchtáil chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí, rialachas corparáideach, riosca, pleanáil comharbais agus an próiseas oideachais leantair do chomhaltaí Boird;
- ▶ Seoladh ar ais ceistneoirí comhlánaithe, a chuimsigh tuairimí faoi fheidhmíocht agus moltaí um feabhas, díreach ar an gCathaoirleach nó an Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach;
- ▶ Reáchtáil an Cathaoirleach plé ina dhiaidh sin le gach comhalta Boird ar bhonn aonair chun aon phointí a shoiléiriú a ardaíodh sa cheistneoir agus ansin d'ullmhaigh an Cathaoirleach agus an Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach tuarascálacha a choimre ar an mBord agus a chuid Coistí;
- ▶ Tháinig an Bord ar chonclúid fhoirmiúil ar a fheidhmíocht féin, ar fheidhmíocht Coistí agus ar fheidhmíocht comhaltaí aonair an Bhoird, an Cathaoirleach ina measc. Aontaíodh ar roinnt gníomhartha a chuirfidh an Cathaoirleach i bhfeidhm i rith na bliana reatha. Tugadh chun críche gach mír gnímh a d'eascair ó mheasúnú 2015 i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016.

Measúnú ag Comhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird

- ▶ I mí Eanáir 2017, rinne Comhaltaí Boird measúnú feidhmíochta ar an gCathaoirleach agus tuairimí Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa á dtógáil san áireamh. Freisin rinne Comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Bhord measúnú feidhmíochta ar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird i mí Eanáir 2017.

Caidreamh leis an Máthair-Roinn

I mí Eanáir 2016, d'eisigh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil Litir Ionchais Scairshealbhóra chuig Ervia chun treoir a thabhairt don Bhord faoi chuspóirí reatha an Rialtais le haghaidh Ervia. I measc na bpríomhréimsí fócais bhí socrú spriocanna airgeadais, forbairt beartais leanúnaigh ar dhíbhiní, comhaontú maidir leis na leibhéil sainithe d'fhaomhuithe caipitiúla agus measúnú neamhspleách ar Líonraí Gáis Éireann bunaithe ar an gclár comhardaithe deireadh bliana i mí na Nollag 2015. Tá plé ar siúl leis an Roinn maidir leis na hábhair agus meastar go n-eiseofar leagan eile d'ionchais na Scairshealbhóirí i rith 2017.

Cumarsáid le Comhaltaí den Oireachtas

I mí Mheán Fómhair 2016, d'iarr Cléireach na Dála go gcuirfí socruithe i bhfeidhm chun soláthair faisnéise ag comhlachtaí stáit go baill den Oireachtas a éascú. I measc na nósanna imeachta nua um fiosruithe chuig Comhlachtaí Stáit tá: soláthar agus cothabháil sheoladh ríomhphoist sonraithe do chomhaltaí den Oireachtas; fiosruithe a admháil agus freagra a thabhairt orthu laistigh de spriocdhátaí; meicníochtaí inmheánacha agus seachtracha achomhairc; próisis fhoirmiúla aiseolais chun aiseolas a fháil ó chomhaltaí Oireachtais agus gur cheart do gach comhlacht stáit tuairisciú gach bliain ina dTuarascáil Bhliantúil ar chomhlíonadh na gcaighdeán.

Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe oireachtas@ervia.ie bunaithe ag Ervia don chuspóir sin agus fuair siad aon fhiosrú amháin ó bhall den Oireachtas i 2016. D'eisigh Ervia freagra ar an bhfiosrú laistigh den spriocdháta.

Ráiteas ar Rialachas Corparáideach

Tá Ervia geallta chun na gcaighdeán is airde de rialachas corparáideach agus déanann sé athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar a chuid beartas agus nósanna imeachta chun déanamh cinnte go gcloítear leis an dea-chleachtas. Tá an Cód ríthábhachtach maidir le cleachtais agus nósanna imeachta rialachais na heagraíochta, agus tá bearta cuí curtha i bhfeidhm ag Ervia agus a chuid fochomhlachtaí chun go gcloifidís leis an gCód, ina leagtar amach príonsabail an rialachais chorparáidigh nach mór do bhoird chomhlachtaí stáit cloí leo. Tá bearta cuí á gcur i bhfeidhm ag Ervia faoi láthair chun cloí leis an gCód athbhreithnithe agus tabharfaidh sé tuarascáil ar a gcomhlíonadh i dTuarascáil Bhliantúil 2017.

Tháinig Acht na gCuideachtaí, 2014 ("An tAcht") i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2015. Mar chomhlacht reachtúil, níl Ervia faoi réir fhorálacha an Achta. Tá fochuideachtaí Ervia, (Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann san áireamh) faoi réir an Achta, áfach, agus leis sin leagtar ceanglais áirithe ar thréimhsí cuntasaíochta a thosaíonn ar nó tar éis an 1 Meitheamh 2015. Mar a éilítear ag alt 225(2) den Acht, ní mór do na heintitis sin a admháil go bhfuil siad freagrach as déanamh cinnte go gcloíonn an chuideachta sin lena cuid oibleagáidí ábhartha (mar atá sainithe sa reachtaíocht sin). Tá ráitis faoin mbeartas comhlíontachta ceaptha ag stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann, Uisce Éireann agus Ervia Finance Cpt, agus tá socruithe agus struchtúir curtha i bhfeidhm acu atá, dar leis na stiúrthóirí, ceaptha chun comhlíonadh ábhartha na n-oibleagáidí ábhartha a bhaint amach. Rinneadh fochuideachtaí an Ghrúpa a athchlárú mar chuideachtaí "DAC" nó a thiontú go cuideachtaí "LTD", de réir mar ba chúil i rith 2016.

Chun sonraí a fháil faoin bpríomhreachtaíocht faoina n-oibríonn Ervia agus a chuid fochuideachtaí agus chun féachaint ar na príomhcháipéisí atá mar bhonn do struchtúr corparáideach Ervia, féach ar www.ervia.ie.

Trédhearcacht

Mar chomhlacht stáit tráchtála, agus mar mháthairchuideachta Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann, is eagraíocht oscailte í Ervia a fhéachann chuig bheith oscailte agus trédhearcach don phobal. Tá beartas trédhearcachta forbartha ag Ervia chun a fhreagrúlacht a fheabhsú agus mar aitheantas ar a chuid dualgas mar shaoránach corparáideach freagrach.

Nochtadh cosanta agus ábhair inmí a ardú

- ▶ Tá an mheicníocht trína bhféadfadh fostaithe agus bainistíocht shinsearach Ervia ábhair inmí a ardú, nó nochtadh a dhéanamh ar mhaithe leis an bpobal, i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014, leagtha, leagtha amach sa Bheartas ar Nochtadh Cosanta de chuid Ervia;
- ▶ Tá tuilleadh treorach ar ábhair inmí a ardú don bhainistíocht agus d'fhostaithe leagtha amach sa Chód Iompair Ghnó;
- ▶ De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ceanglaítear ar Ervia Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú maidir le nochtadh cosanta arna dhéanamh faoin Acht. I gcomhréir leis an gceanglas sin, dearbhaíonn Ervia go ndearnadh aon nochtadh cosanta amháin dó, le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016. Tuairiscíodh an t-ábhar agus tá sé á fhiosrú i gcomhréir leis an mBeartas ar Nochtadh Cosanta de chuid Ervia.

Brústocaireacht a Rialáil

- ▶ I gcomhréir le ceanglais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015, tá Ervia agus a dhá fochuideachta mhór oibríúcháin (Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann) cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choimeádann an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (www.lobbying.ie) agus tá na tuairisceáin riachtanacha déanta acu le haghaidh na dtréimhsí tuairisceáin i 2016.

Íocaíochtaí Prasa

- ▶ Admhaíonn an Bord go bhfuil sé freagrach as déanamh cinnte go gcloítear le forálacha Threoir 2011/7/CE ón AE mar atá trashuite ag Rialachán 2012 na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dheireanach in Idirbhearta Tráchtála) (na "Rialacháin"), cuimsíonn na forálacha teidlíocht soláthraithe chun úis ar íocaíochtaí deireanacha;
- ▶ Is é an beartas atá ag Ervia ná gach sonrasc soláthraí nach bhfuil aon cheist faoi a íoc laistigh de na téarmaí comhaontaithe íocaíochta chun ceanglais na Rialachán a chomhlíonadh. Tá rialuithe inmheánacha airgeadais cuí i bhfeidhm in Ervia, lena n-áirítear ról agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir agus tuairiscíú agus athbhreithniú míosúil ar chleachtas íocaíochta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí a aithint ar a dtagann sonraisc chun bheith dlite le haghaidh íocaíochta agus chun íocaíochtaí a dhéanamh ar na dátaí sin nó rompu. Soláthraíonn na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnta i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha na Rialachán. Níor íocadh aon ús i dtaobh íocaíochtaí deireanacha i 2016.
- ▶ I 2015 sheol an Rialtas an Cód Iompair um Íocaíochtaí Prasa (an "Cód" ar féidir a fheiceáil ar www.promptpayment.ie). Tá Ervia ina shínteoir don Chód agus de bhun a chuid forálacha, tugann sé gealltanais chun soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe faoi nósanna imeachta íocaíochta agus moladh go nglacfaidh soláthraithe leis an gCód laistigh dá gcuid slabhraí soláthair féin;
- ▶ Tá an Bord sásta gur chomhlíon Ervia ceanglais go léir na Rialachán ar gach bealach ábhartha.

Samhailscéimeanna Foilsithe

Faoi Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (an "tAcht FOI") ceanglaítear ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann, mar chomhlachtaí atá faoi réir an Acht FOI, scéim a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le foilsiú faisnéise ag gach comhlacht. Ní mór go gclóifeadh an scéim le samhailscéim foilsithe arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Faoin scéim, foilsíonn Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann an oiread faisnéise is féidir ar bhealach oscailte agus inrochtana laistigh de Shaoráil Faisnéise ("FOI"), ag féachaint chuig prionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na freagrúlachta mar atá leagtha amach in Alt 8(5) agus 11(3) den Acht FOI.

Foilsíodh Scéimeanna Foilsithe d'Uisce Éireann agus do Líonraí Gáis Éireann faoi seach ar a gcuid láithreán gréasáin faoi seach sula ndeachaigh siad beo ar an 14 Aibreán 2016. Déantar ábhar a fhoilsiú faoin scéim a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Chun rochtain a fháil ar an dá scéim sin, féach ar www.water.ie agus www.gasnetworks.ie. Cé nach bhfuil Ervia féin faoi réir an reachtaíocht FOI, féachann sé chuig prionsabal na trédhearcachta a chur i bhfeidhm ar gach rud a dhéanann sé agus mar sin cloíonn sé leis an tsamhailscéim foilsithe trí fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin.

An Tuarascáil Airgeadais agus Gnó

Tuigeann an Bord go bhfuil sé freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú. Tá freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird maidir le ráitis airgeadais agus gnóthas leantach leagtha amach ar leathanach 66.

Tuarascáil an Bhoird

(ar lean)

Rialú Inmheánach

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as córais rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí is atá siad. Tá an Lucht Bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a shainaithint agus a mheas agus as córais oiriúnacha le haghaidh rialú inmheánach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Tugann na córais sin dearbhú réasúnach nach dearbhú absalóideach é i gcoinne mí-ráiteas ábhartha nó cailleanais.

Seo a leanas mar atá córas Ervia um rialú inmheánach:

- ▶ Struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir, ina bhfuil teorannacha sainithe údaráis agus meicníochtaí um thuairisciú chuig leibhéal níos airde den bhainistíocht agus den Bhord;
- ▶ Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe agus buiséad bliantúil faoi réir fhaomhadh an Bhoird;
- ▶ Córas cuimsitheach um airgeadais. Tugtar tuairisc ar thorthaí iarbhrí míosúla carnacha de réir an bhuiséid agus déanann an Bord breithniú orthu ar bhonn míosúil. Ceistíonn an Bord éagsúlachtaí agus glactar gníomh feabhsúcháin áit is cuí sin;
- ▶ Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Teastaíonn faomhadh an Bhoird le haghaidh tionscadal mór caipitiúil, agus déanann Coiste Infheistíochta/ Bonneagair dlúthmhonatóireacht orthu ar bhonn leanúnach;
- ▶ Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis na bainistíochta agus táscairí feidhmíochta gach ráithe agus úsáid á baint as scórchártaí cothroma idirghaolmhara, a cheadaíonn monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn de réir cuspóirí fadtéarmacha agus buiséad bliantúil, treochtaí a mheasúnú agus gníomh a ghlacadh i gcás éagsúlachtaí;
- ▶ Próiseas bainistíochta riosca a chumasaíonn rioscaí a aithint agus a mheas a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhaint amach cuspóirí comhaontaithe don ghnó agus déanamh cinnte go bhfuil bearta agus rialuithe cuí um maolú curtha i bhfeidhm. Tá Coiste Bainistíochta Riosca ag an nGrúpa a ndéanann Príomhoifigeach Feidhmíocháin an Ghrúpa cathairleacht air agus a thugann tuairisc don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca;
- ▶ Cód eitice a cheanglaíonn ar gach fostaí cloí leis na caighdeáin eitice is airde;
- ▶ Clár cuimsitheach frithchaloise a chuimsíonn beartas frithchaloise, oiliúint agus cumarsáid agus plean um freagairt ar chalois;
- ▶ Freagracht ar an mbainistíocht ar gach leibhéal as rialú inmheánach ar fheidhmeanna gnó faoi seach;
- ▶ Creat um Rialachas Corparáideach, a chuimsíonn rialú airgeadais agus measúnú riosca;
- ▶ Athbhreithnithe córasacha ag an Iniúchadh Inmheánach ar rialuithe airgeadais inmheánacha. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear ag measúnú riosca;
- ▶ Cuimsíonn an Creat um Dhearbhú Comhtháite gníomhaíochtaí thar an tsamhail "Trí Líne Cosanta" agus déanann sé comhdhlúthú agus comhordú breise ar bhealach struchtúrtha gach gníomhaíocht dhearbhaite san eagraíocht. Ar an mbealach sin déantar cinnte go mbíonn Ervia chomh héifeachtúil agus is féidir ó thaobh mhaoirseacht agus rialú rialachais chun go mbeadh an eagraíocht dianseasmhach agus go gcloítear leis an gcleachtas ceannródaíoch a theastaíonn faoi gníomhaíochtaí reachta chun gach oibleagáid comhlíontachta agus riachtanas rialachais a chomhlíonadh.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar a éifeachtaí a bhí an córas rialaithe inmheánaigh suas go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais, athbhreithniú inar clúdaíodh rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus córais bainistíochta riosca le haghaidh 2016 agus déanfaidh sé cinnte go ndéanfar athbhreithniú den chineál céanna i 2017. Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú sonrach inar thug sé tuairisc don Bhord ar a chuid fionnachtana.

Áirítear leis an bpróiseas a úsáideadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh:

- ▶ Athbhreithniú agus breithniú ar an gclár um Iniúchadh Inmheánach agus breithniú ar a thuarascálacha agus a fhionnachtana;
- ▶ Athbhreithniú ar thuairisciú rialta ón Iniúchadh Inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin ina dtuarascálacha féin;
- ▶ Dlúthchaidreamh leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann athbhreithniú ar Thuarascálacha Gníomhaíochta ar Bhainistíocht Riosca ó Choiste Bainistíochta Riosca an Ghrúpa faoi rioscaí, rialuithe agus stádas chur i bhfeidhm phleananna gníomhaíochta;
- ▶ Athbhreithniú agus breithniú ar an tuarascáil ag Príomhoifigeach Feidhmíocháin an Ghrúpa ar a éifeachtaí is atá na córais um rialú inmheánach, idir rialú airgeadais agus oibriúcháin;
- ▶ Athbhreithniú ar thuarascálacha ó iniúcháirí seachtracha, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheisteanna ábhartha maidir le rialú airgeadais inmheánach;
- ▶ Tugann an Fóram um Athbhreithniú ar Dhearbhú Comhtháite tuairisc ar dhearbhu an Aonaid Ghnó maidir leis an gcóras um rialú inmheánach.

Tá creat láidir ag Ervia d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá siad, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus bainistíochta riosca. Tá an Bord sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó.

Bainistíocht Riosca

Tuigeann Ervia go bhfuil riosca ina ghné nádúrtha dár gcuid gníomhaíochtaí gnó, mar atá ár ngealltanas chun é a bhainistiú. Tá freagracht fhoriomlán ar Bhord Ervia as cur chuige na heagraíochta i dtreo riosca. Cuimsíonn sé sin ach go háirithe:

- ▶ Déanamh cinnte go bhfuil próisis agus maoirseacht leordhóthanach agus chomhsheasmhach i bhfeidhm chun tomhas, bainistíocht, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na príomhrioscaí dá bhfuil an Grúpa nocht
- ▶ Déanamh cinnte go ndéantar maoirseacht agus measúnú ar phríomhrioscaí an Ghrúpa, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin agus bearta nó straitéisí bainteacha um maolú agus a n-éifeachtacht;
- ▶ Cultúr oiriúnach riosca a chumhdach.

Rinne an Bord measúnú dian ar na príomhrioscaí atá os comhair na heagraíochta i rith 2016. Tá próiseas ráithiúil leanúnach agus foirmiúil i bhfeidhm chun rioscaí móra a aithint, a thomhas, a bhainistiú agus chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh orthu, atá i bhfeidhm le haghaidh na bliana atá á hathbhreithniú agus suas go dtí dáta faofa na tuarascála bliantúla. Tá na príomhrioscaí siúd agus na rialuithe/gníomhartha maolaithe leagtha amach ar leathanach 22 go 23.

Tá cur chuige láidir glactha ag an mBord ón mbarr aníos maidir le bainistíocht riosca agus tá trédhearcacht agus infheictheacht chuí aige maidir le riosca agus bainistíocht riosca ar fud na heagraíochta. Tá bainistíocht riosca ina chuid lárnach de phróisis Ervia agus tá ról lárnach aige i gcinnteoireacht ar fud na heagraíochta. Leagann an Bord béim ar dhéanamh cinnte go bhfuil dóthain taithí agus scileanna bainistíochta riosca ar fáil ar fud na heagraíochta. Tar éis an t-athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht chórais an Ghrúpa um rialú inmheánach agus bainistíocht riosca le haghaidh 2016, dearbhaíonn an Bord an méid seo a leanas le haghaidh 2016:

- ▶ Tá córas leanúnach ar siúl chun príomhrioscaí an Ghrúpa a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú;

- ▶ Tá córais um rialú inmheánach i bhfeidhm le haghaidh na bliana atá á hathbhreithniú agus suas go dtí dáta faofa na tuarascála bliantúla; Tá na córais i gcomhréir le Treoir an FRC ar Bhainistíocht Riosca, Rialú Inmheánach agus Tuairisciú Gaolmhar ar Airgeadas agus Gnó;
- ▶ Nár aithníodh aon mhainneachtana ná laigí suntasacha san athbhreithniú agus áit ar aithníodh réimsí um feabhas, go bhfuil próisis i bhfeidhm chun déanamh cinnte go nglactar na gníomhartha is gá agus go ndéantar monatóireacht ar dhul chun cinn.

Trína rannpháirtíocht leanúnach i ngníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca, tá an Bord sásta go bhfuil an rialú inmheánach agus an bhainistíocht riosca fós éifeachtach.

Conclúid

Ráiteas Comhlíontachta

Agus a Bheartas Rialachais Chorparáidigh á fhorbairt ag an mBord chun déanamh cinnte go gcomhlíonann sé a ról go héifeachtach, tá an Bord ag iarraidh feidhm a thabhairt don Chód. Thug an Cathaoirleach, a bhí ina SID sular ceapadh i 2016 é, tuairisc don Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar chloí leis an gCód i rith na bliana airgeadais.

Leasanna Chomhaltaí Boird

Ní raibh aon leas ag na Comhaltaí Boird in Ervia ná a chuid fochuideachtaí i rith na bliana. Tá an Rúnaí Cuideachta ina thairbhí de chuid an Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhóstaithe.

Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí neamhfheidhmiúcháin saor ó aon chaidrimh ghnó nó eile a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ábhartha acu, nó a d'fhéadfadh go mba chosúil go mbeadh tionchar ábhartha acu, ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách. D'fhéadfadh go mbeadh stiúrthóireachtaí nó poist feidhmiúcháin nó leasanna ag Comhaltaí Boird i gcuideachtaí tríú-pháirtí, a bhfuil ina measc bainc agus institiúidí airgeadais, a d'fhéadfadh go ndéanfadh cuid acu (nó a gcleamhnaithe), i ngnáthchúrsa an ghnó, idirbhearta ar bhonn feidhmithe neamhspleách. Nochtann aon Chomhalta Boird aon leas agus bíonn iad as láthair ó

aon phlé agus chinntí de chuid an Bhoird áit a bhfuil siad idir dhá chomhairle nó a bhfuil leas díreach nó indíreach acu, de réir mar a éilítear ag an gCód. I gcásanna den sórt sin, coimeádtar taifead ar leithligh (nach bhfuil Rochtain ag an gComhalta Boird) air. Tugtar nochtadh, de réir mar a éilítear, i nóta F4 "Páirtithe Gaolmhara" leis na ráitis airgeadais ar idirbhearta páirtí ghaolmhair áit a bhfuil leas ábhartha ag an gComhalta Boird san eintiteas ábhartha.

Leabhair Chuntais

Creideann na Comhaltaí Boird go bhfuil baill foirne cuntasaióchta fostaithe acu a bhfuil saineolas cuí acu agus go bhfuil dóthain acmhainní curtha ar fáil acu don fheidhm airgeadais chun déanamh cinnte go gcloítear le hoibleagáid Ervia chun taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choimeád. Coimeádtar taifid chuntasaíochta Ervia i Webworks, Sráid Eglinton, Corcaigh.


Iníúcháir Seachtrach

Tá sé curtha in iúl ag an iníúcháir seachtrach, Deloitte, go bhfuil sé sásta leanúint ar aghaidh i mbun oifige le haghaidh 2017. Féach ar thuarascáil Chathaoirleach an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca ar leathanach 62 chun níos mó sonraí a fháil.


Gnóthas Leantach

Ullmhaítear ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, nuair atá an Bord sásta, tar éis dó fiosruithe cuí a dhéanamh, go bhfuil dóthain acmhainní ag Ervia chun leanúint ar aghaidh ag oibriú go ceann i bhfad.

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:



Ball den Bhoird



Ball den Bhoird

Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca



Mari Hurley

Cathaoirleach, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Brollach an Chathaoirligh

I 2017, roghnaigh an Bord comhdhlúthú a dhéanamh ar na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca mar a bhí ann ag an am chun aon choiste amháin, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, a dhéanamh le déanamh cinnte go ndéantar maoirseacht dhóthanach ar ábhair iniúcháireachta, rialuithe airgeadais agus eile agus ar riosca ar fud an fhiontair.

Cuspóir Lárnach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, ar féidir cóip a fháil díobh ar láithreán gréasáin Ervia, www.ervia.ie. Sna Téarmaí Tagartha leagtar amach dualgais an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ▶ Rialuithe Inmheánacha;
- ▶ Ráitis Airgeadais;
- ▶ Iniúchadh Seachtrach;
- ▶ Iniúchadh Inmheánach;
- ▶ Bainistíocht Riosca;
- ▶ Nochtadh Cosanta.

Ceapadh, Neamhspleáchas agus Éifeachtacht Iniúcháirí

Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca breithniú ar athcheapadh iniúcháir sheachtraigh gach cúig bliana agus bíonn an próiseas sin faoi réir tairisceana poiblí. Tugadh an próiseas tairisceana deireanach chun críche i 2014 agus bronnadh conradh trí bliana ar Deloitte agus rogha ann é a shíneadh ar feadh dhá bhliana eile, faoi réir athbhreithnithe tar éis an tréimhse trí bliana. Baineadh leas as an rogha é a shíneadh ar an 28 Feabhra 2017 tar éis go ndearnadh an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an iniúcháir sheachtraigh.

Freisin déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca measúnú ar bhonn leanúnach ar neamhspleáchas an iniúcháir. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca sásta go bhfuil Deloitte neamhspleách agus oibiachtúil chomh maith.

Déantar athbhreithniú gach bliain ar éifeachtacht an iniúcháir sheachtraigh, agus aiseolas ó cheistneoir ar mheasúnú an iniúcháir sheachtraigh á thógáil san áireamh. Dírítear sa mheasúnú ar réimsí mar dhaingne an phróiseas iniúcháireachta, an fhoireann iniúcháireachta, ar chumarsáid agus rialachas. Bhí an t-athbhreithniú an-sásúil ar an iomlán. I rith na bliana bhí cruinniú ag na hiniúcháirí seachtracha leis an gCoiste Iniúcháireachta (a bhí i bhfeidhm ag an am). Ní raibh aon chomhaltáí feidhmiúcháin den Bhord ná den bhainistíocht i láthair ag an gcruinniú sin.


Seirbhísí Neamh-Iniúcháireachta

Tá beartas i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca maidir le soláthar seirbhísí neamh-iniúcháireachta ag an iniúcháir seachtrach. Leis an mbeartas sin tarmligtear freagracht as seirbhísí neamh-iniúcháireachta a fhaomhadh ar Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa, ar choinníoll nach dtagann siad salach ar neamhspleáchas an iniúcháir agus bhfuil na táillí gaolmhara laistigh den uasteorainn caithimh in aghaidh bliana féilire a shocraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Príomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste Iniúcháireachta (mar a bhí ann ag an am) fúthu i 2016:

Gníomhaíocht	Sonraí
Rialuithe Inmheánacha	Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar éifeachtacht chóras an Ghrúpa um bainistíocht riosca agus rialú inmheánach. Chlúdaigh an mhonatóireacht na rialuithe go léir, rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus próisis um bainistíocht riosca. I rith na bliana airgeadais, rinne an Coiste breithniú ar thuarascálacha ón gCeann Iniúchta Inmheánaigh inar tugadh achoimre ar an obair a bhí beartaithe agus ar tugadh fúithi, inar moladh feabhsúcháin agus inar cuireadh síos ar ghníomhartha a ghlac an bhainistíocht.
Ráitis Airgeadais	Rinne an Coiste athbhreithniú ar na dréachtráitis bhliantúla airgeadais sular moladh don Bhord iad a fhaomhadh. Rinne an Coiste athbhreithniú agus plé le POF an Ghrúpa, Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa agus na hiniúcháirí seachtracha ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta suntasacha, na meastachán agus na mbreithiúnas a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, i dteannta le saincheisteanna chur i láthair agus nochtá.
Iniúchadh Seachtrach	D'fhaomh an Coiste luach saothair agus téarmaí fostaíochta an iniúchára sheachtraigh. Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an bplean iniúchta inmheánaigh agus ar na fionnachtana ón iniúcháir seachtrach óna iniúchadh ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Ghlac an Coiste céimeanna cuí chun déanamh cinnte go gcoimeádfáid caidreamh oibiachtúil agus gairmiúil leis an iniúcháir seachtrach. Rinne an Coiste measúnú ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúchára. Chuimsigh sé sin athbhreithniú a dhéanamh ar: <ul style="list-style-type: none"> ▶ a) Nádúr agus fairsinge na seirbhísí arna soláthar, agus na táillí arna dtuilleamh, as obair iniúcháireachta agus obair neamh-iniúcháireachta arna ndéanamh ag an iniúcháir seachtrach; agus ▶ b) cloí le beartas an Ghrúpa a rialaíonn soláthar sheirbhísí neamh-iniúcháireachta don Ghrúpa trína bhfuil rialacha agus teorannacha soiléire i bhfeidhm, a cheadaíonn seirbhísí neamh-iniúcháireachta nach bhfuil aon choimhlint leasa ag baint leo. Níor tharla sé gur fostaíodh an t-iniúcháir chun seirbhísí a chur ar fáil a measadh go dtiocfadh coimhlint leasa dá mbarr. ▶ Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chloí an iniúchára sheachtraigh leis an treoir ábhartha rialála, eitice agus ghairmiúil ar shealáíocht comhpháirtithe, agus freisin rinne sé measúnú gach bliain ar a chuid cáilíochtaí, saineolais, acmhainní agus ar éifeachtacht an phróiseas iniúchta.
Iniúchadh Inmheánach	Rinne an Coiste athbhreithniú ar na pleananna agus an obair ar thug rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa fúthu i rith na bliana agus ar na gníomhartha a aontaíodh leis an mbainistíocht dá mbarr. Thug an Ceann Iniúcháireachta Inmheánaí measúnú don Choiste ar fhionnachtana athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh. Freisin rinne an Coiste breithniú ar dhul chun cinn na bainistíochta maidir le déileáil leis na saincheisteanna ábhartha, nádúr, fairsinge agus luas an fhreagra san áireamh. Rinne an Coiste athbhreithniú agus d'aontaigh siad ar phlean bliantúil bunaithe ar riosca um iniúchadh inmheánach, a chuimsíonn na hacmhainní a theastaíonn agus rinneadh breithniú ar fhócas an iniúchta inmheánaigh a ailíniú leis na réimsí is mó riosca a bhfuil an Grúpa ag tabhairt aghaidhe orthu. Freisin rinne an Coiste measúnú i bhFeabhra 2017 ar fheidhmíocht na hiniúcháireachta inmheánaí le haghaidh 2016.

Thar ceann an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca:



Cathaoirleach,
An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá an Bord freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ghabhann leis a ullmhú, a thugann, dar leis an mBord, léargas ceart agus cóir ar ghnóthaí agus bhrabús don bhliain le haghaidh an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta chomh maith.

Baill foirne i mbun comhrá in Ionad Cóireála
Fuíolluisce an tSeanbhaile i gCuan Íochtair Chorcaí.



Ráitis Airgeadais



Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird	66
Tuarascáil an Iniúcháin Neamhspleách	67
Ráiteas faoi Ioncam Grúpa	68
An t-ioncam a fuair Grúpa Ervia i rith na bliana airgeadais agus caiteachas arna thabhu aige.	
Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile	69
Míreanna ioncaim agus speansais nach n-aithnítear go díreach sa ráiteas ioncaim agus mar sin a dhéantar a mhuirearú chuig cúlchistí nó a chur chun sochair díreach ina gcoinne.	
Clár Comhardaithe Grúpa	70
An ráiteas faoi shócmhainní agus dhliteanais Ghrúpa Ervia ag pointe sonracha ama, deireadh na bliana airgeadais.	
Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe ar Ghnáthscaireanna	71
Gnéithe atá mar chuid de chaipiteal agus cúlchistí Ghrúpa Ervia agus na hathruithe ar gach gné i rith na bliana airgeadais.	
Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid	72
Airgead arna ghiniúint ag Grúpa Ervia agus an chaoi ar úsáideadh an t-airgead sin.	
Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa	73
Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta	117
An t-ioncam a fuair agus an caiteachas a d'fhulaing Máthairchuideachta Ervia i rith na bliana airgeadais.	
Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile	118
Míreanna ioncaim agus speansais nach n-aithnítear go díreach sa ráiteas ioncaim agus mar sin a dhéantar a mhuirearú chuig cúlchistí nó a chur chun sochair díreach ina gcoinne.	
Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta	119
An ráiteas faoi shócmhainní agus dhliteanais Mháthairchuideachta Ervia ag pointe sonracha ama, deireadh na bliana airgeadais.	
Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Ghnáthscaireanna	120
Gnéithe de chaipiteal agus cúlchistí Mháthairchuideachta Ervia agus na hathruithe ar gach gné i rith na bliana airgeadais.	
Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid Tirim	121
Airgead tirim a ghin Máthairchuideachta Ervia agus an chaoi ar úsáideadh an t-airgead tirim sin.	
Nótaí le Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta	122


Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird le haghaidh na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016

Tá an Bord freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ghabhann leis a ullmhú, a thugann, dar leis an mBord, léargas ceart agus cóir ar ghnóthaí agus bhrabús don bhliain le haghaidh an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta chomh maith. Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag an mBord de réir an dlí is infheidhme in Éirinn agus na gCaigndeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach. Coimeádann an Bord taifid chuntasaíochta chuí i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí arna gcur ag na hAchtanna Gáis 1976 go 2009. Tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha a chuimsíonn Airgeadas, Oibriúcháin, Géilliúntas agus Bainistíocht Riosca, agus as tuairisciú air sin don Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní Ervia a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath.


Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá an Bord sásta:

- ▶ Gur roghnaíodh beartais chuntasaíochta oiriúnacha agus gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad.
- ▶ Go n-úsáidtear breithiúnais agus meastacháin atá stuama réasúnta.
- ▶ Go bhfuil ullmhú na ráiteas airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh cuí.

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:



Cathaoirleach



Ball den Bhoird

28 Márta 2017

Dáta Faofa

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách chuig Bail Ervia

Rinne muid iniúchadh ar ráitis airgeadais Ervia le haghaidh na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016 a chuimsíonn Ráiteas faoi Ioncam Grúpa, Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach eile an Ghrúpa, Clár Comhardaithe an Ghrúpa, Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe ar Ghnáthscaireanna, Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid agus na nótaí Grúpa bainteacha A1 go F9, Ráiteas faoi Ioncam Máthairchuideachta, Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach eile na Máthairchuideachta, agus nótaí bainteacha G1 go K3 de chuid na Máthairchuideachta. Is é an creat um tuairiscíú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (CTAInna) mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach.

Is do bhaill Ervia amháin mar chomhlacht, a dhéantar an tuarascáil seo, i gcomhréir le hAlt 15 den Acht Gáis, 1976. Tá ár n-obair iniúcháireachta déanta chun gur féidir linn na nithe sin is gá dúinn a lua a chur in iúl do bhaill na Cuideachta i dtuarascáil iniúcháir agus gan cuspóir ar bith eile i gceist. Chomh fada agus is féidir de réir dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas Ervia agus a chuid ball mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá meáite againn.

Freagrachtaí an Bhoird agus an Iniúcháir faoi seach

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine i Ráiteas Fhreagrachtaí an Bhoird, tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais a thugann léargas ceart agus cóir. Tá sé mar fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a chur in iúl ar na ráitis airgeadais i gcomhréir le dlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An RA agus Éire). Tugann na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Raon feidhme an iniúcháir agus na ráiteas airgeadais

Cuimsíonn iniúchadh fáil fianaise faoi na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais ar leor í chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhí-ráiteas ábhartha, bíodh sé mar gheall ar chalaos nó earráid. Cuimsíonn sé seo measúnú ar: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí do chúinsí Ervia agus ar cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh go himleor iad; réasúnacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne an Bord; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Chomh maith leis sin, léimid an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais go léir i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun neamhréireanna ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun eolas ar bith atá mícheart go hábhartha, de réir cuma, i bhfianaise, nó nach bhfuil i gcomhréir go hábhartha leis an eolas a fhaighimid le linn dúinn an t-iniúchadh a dhéanamh a aithint. Má thugaimid faoi deara go bhfuil mí-ráitis nó neamhréireanna ábhartha ar bith ann, de réir cuma, déanaimid breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil.

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Dar linn:

- ▶ Tugann ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta léargas ceart agus cóir, i gcomhréir le CTAInna de réir mar a ghlac an tAontas Eorpach leo, ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta ar an 31 Nollaig 2016 agus ar bhrabús an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta don bhliain dar chríoch an dáta sin; agus
- ▶ Gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gceart i gcomhréir le riachtanais Acht na gCuideachtaí, 1976 go 2009.

Nithe ar gá dúinn tuairiscíú

- ▶ Tá an t-eolas agus na míniúcháin go léir a measaimid gá a bheith leo ar mhaithe lenár n-iniúchadh faighte againn.
- ▶ Dar linne, choimeád an Mháthairchuideachta taifid chuntasaíochta chuí.
- ▶ Aontaíonn Ráiteas Ioncaim agus Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta leis na leabhair chuntais.
- ▶ Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas atá tugtha i dTuarascáil an Bhoird i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Nithe ar gá dúinn tuairiscíú de réir eisceachta

Faoin gCód Cleachtais um Rialáil Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), is gá dúinn tuairiscíú daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais atá mar cheangal faoin gCód, mar atá san áireamh sa Ráiteas faoi Rialachas Corparáideach i dTuarascáil an Bhoird ar leathanach 52 go 61, mura léiríonn sé cloí an Ghrúpa le halt 13.1 (iii) den Chód nó mura bhfuil sé i gcomhréir leis an eolas atá ar eolas againn ónár n-obair iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscímid mura bhfuil.


Níl aon ní le tuairiscíú againn.

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht
Iniúcháireachta Reachtúla
Baile Átha Cliath
13 Aibreán 2017

Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa le haghaidh na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	Roimh mhíreanna eisceachtúla	Míreanna eisceachtúla	Tar éis míreanna eisceachtúla	Roimh mhíreanna eisceachtúla	Míreanna eisceachtúla	Tar éis míreanna eisceachtúla
		2016 €'000	2016 €'000	2016 €'000	2015 €'000	2015 €'000	2015 €'000
Oibríochtaí leanúnacha							
Ioncam	D1	497,718	-	497,718	491,108	-	491,108
Costais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh)	E1	(174,711)	-	(174,711)	(184,141)	-	(184,141)
Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA)		323,007	-	323,007	306,967	-	306,967
Dímheas agus amúchadh	B4	(127,579)	-	(127,579)	(124,770)	-	(124,770)
Brabús oibriúcháin		195,428	-	195,428	182,197	-	182,197
Ioncam Airgeadais	C4	-	1,175	1,175	-	1,153	1,153
Costais airgeadais	C4	(46,902)	(28,865)	(75,767)	(47,065)	-	(47,065)
Glan(chostais)/ioncam airgeadais	C4	(46,902)	(27,690)	(74,592)	(47,065)	1,153	(45,912)
Brabús/(caillteanas) roimh cháin ioncaim		148,526	(27,690)	120,836	135,132	1,153	136,285
(Speansas)/creidmheas cánach ioncaim	F3	(19,819)	1,649	(18,170)	(19,602)	(144)	(19,746)
Brabús/(caillteanas) don bhliain		128,707	(26,041)	102,666	115,530	1,009	116,539
Brabús inchurtha i leith:							
Úinéirí na Máthairchuideachta		128,707	(26,041)	102,666	115,530	1,009	116,539
Brabús/(caillteanas) don bhliain		128,707	(26,041)	102,666	115,530	1,009	116,539

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

28 Márta 2017

Cathaoirleach

Ball den Bhoird

Dáta Faofa


Nóta:

Mar a mhínítear i nóta F7 ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa. Féach nóta A1 le haghaidh sainmhínte ar mhíreanna eisceachtúla.


Ráiteas an Ghrúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €'000	2015 €'000
Brabús don bhliain		102,666	116,539
Ioncam Cuimsitheach eile			
Earraí nach mbeidh athaicmithe chun brabúis ná cailteanais:			
(Cailteanais)/gnóthachain plean sochair sainithe	E5	(71,686)	42,758
Creidmheas/(speansas) cánach iarchurtha maidir le hoibleagáidí sochair sainithe	F3	8,961	(5,345)
Iomlán na n-earraí nach mbeidh athaicmithe chun brabúis ná cailteanais		(62,725)	37,413
Earraí a d'fhéadfadh a bheith athaicmithe chun brabúis nó cailteanais ina dhiaidh sin:			
Difríochtaí aistrithe maidir le comhdhlúthú fochomhlachtaí eachtracha		(2,553)	2,058
Glanathrú ar luach cóir fhálta sreafa airgid		2,001	7,439
Cáin iarchurtha ar ghluaiseacht fhálta sreafa airgid	F3	(250)	(930)
Iomlán na n-earraí a d'fhéadfadh a bheith athaicmithe chun brabúis nó cailteanais ina dhiaidh sin		(802)	8,567
Iomlán an (speansais)/ioncaim chuimsithigh don bhliain, glan ó cháin ioncaim		(63,527)	45,980
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		39,139	162,519
Ioncam Cuimsitheach iomlán curtha i leith:			
Úinéirí na Máthairchuideachta		39,139	162,519
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		39,139	162,519

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:



Cathaoirleach



Ball den Bhoird

28 Márta 2017

Dáta Faofa



Nóta:

Mar a mhínítear i nóta F7 ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

Clár Comhardaithe an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Sócmhainní			
Acmhainní Neamh-Reatha			
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	B1	2,501,880	2,528,342
Sócmhainní doláimhsithe	B3	28,030	31,232
Trádáil agus infháltais eile	D2	16,300	23,909
Ionstraimí Airgeadais Díorthacha	C5	58,026	54,999
Sócmhainní Neamh-Reatha Iomlána		2,604,236	2,638,482
Sócmhainní Reatha			
Trádáil agus infháltais eile	D2	99,804	88,273
Airgead agus coibhéis airgid	C3	87,915	97,434
Taiscí srianta	E9	43,866	35,022
Ionstraimí Airgeadais Díorthacha	C5	400	6,062
Sócmhainní cánach reatha	F3	-	2,520
Fardail	F6	2,406	1,545
Sócmhainní iomlána reatha		234,391	230,856
Sócmhainní iomlána		2,838,627	2,869,338
Gnáthscaireanna agus dliteanais			
Leasanna			
Tuilleamh coinnithe		(1,041,376)	(1,136,094)
Cúlchiste aistriúcháin		(2,161)	(4,714)
Cúlchiste cosanta sreabhadh airgid		513	2,264
Iomlán na ngnáthscaireanna inchurtha i leith shealbhóirí ghnáthscaireanna na Máthairchuideachta		(1,043,024)	(1,138,544)
Dlíteanais			
Dlíteanais Neamh-reatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	C2	(1,130,380)	(1,023,749)
Oibleagáidí leasa scoir	E5	(129,285)	(51,343)
Ioncam iarchurtha	D4	(12,180)	(12,766)
Deontais rialtais	B2	(65,693)	(70,571)
Soláthair	E7	(12,608)	(14,408)
Trádáil agus iníocthaigh eile	E6	(13,987)	(24,803)
Ionstraimí Airgeadais Díorthacha	C5	(6,846)	(10,879)
Dlíteanais iarchurtha cánach	F3	(194,548)	(197,109)
Dlíteanais Neamh-reatha iomlána		(1,565,527)	(1,405,628)
Dlíteanais reatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	C2	(41,350)	(151,952)
Ioncam iarchurtha	D4	(6,130)	(4,758)
Deontais rialtais	B2	(5,701)	(5,983)
Soláthair	E7	(4,486)	(4,419)
Ionstraimí Airgeadais Díorthacha	C5	(1,901)	(2,805)
Trádáil agus iníocthaigh eile	E6	(169,797)	(155,249)
Dlíteanais chánach reatha	F3	(711)	-
Dlíteanais iomlána reatha		(230,076)	(325,166)
Dlíteanais iomlána		(1,795,603)	(1,730,794)
Dlíteanais iomlána agus cothromais		(2,838,627)	(2,869,338)

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

28 Márta 2017

Cathaoirleach

Ball den Bhord

Dáta Faofa

Nóta:

Mar a mhínítear i nóta F7 ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe ar Ghnáthscaireanna don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Tuilleamh coinnithe €'000	Cúlchiste aistriúcháin €'000	Cúlchiste cosanta sreabhadh airgid €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015	(1,115,299)	(2,656)	8,773	(1,109,182)
Brabús don bhliain	(116,539)	-	-	(116,539)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim	(37,413)	(2,058)	(6,509)	(45,980)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	(153,952)	(2,058)	(6,509)	(162,519)
Díbhinní fógartha (nóta F5)	133,157	-	-	133,157
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015	(1,136,094)	(4,714)	2,264	(1,138,544)
Brabús don bhliain	(102,666)	-	-	(102,666)
Speansas/(ioncam) cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim	62,725	2,553	(1,751)	63,527
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	(39,941)	2,553	(1,751)	(39,139)
Díbhinní fógartha (nóta F5)	134,659	-	-	134,659
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016	(1,041,376)	(2,161)	513	(1,043,024)

Iomlán inchurtha i leith shealbhóirí ghnáthscaireanna na Máthairchuideachta.

Nóta:

Mar a mhínítear i nóta F7 ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €'000	2015 €'000
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	F1	277,602	262,898
Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Fáltais ó dhíolachán an rannán Fuinnimh		1,195	2,200
Íocaíochtaí as réadmhaoín, fearas agus trealamh		(124,743)	(95,705)
Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe		(10,415)	(4,514)
Deontais faighte	B2	4,781	557
Airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(129,182)	(97,462)
Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Athcheannach stoic chaipitil (nóta F7)		(11,119)	(12,243)
Fáltais ó iasachtaí		687,000	67,241
Aisíocaíocht iasachtaí		(681,353)	(78,139)
Íocaíocht as aischeannach bannaí	C4	(21,065)	-
Gluaiseacht ar shocruithe tacaíochta creidmheasa		3,630	-
Díbhinní íoctha	F5	(134,659)	(151,033)
Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin		(157,566)	(174,174)
Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid	C3	(9,146)	(8,738)
Airgead agus coibhéis airgid ar an 1 Eanáir	C3	97,434	105,997
Éifeachtaí luaineachtaí an ráta malairte ar airgead á choimeád	C3	(373)	175
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim ar an 31 Nollaig	C3	87,915	97,434

Nóta:

Mar a mhínítear i nóta F7 ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

A	Nochtuithe suntasacha Sa chuid seo tá nótaí leis na ráitis airgeadais atá tábhachtach go leor go ndéantar níos feiceálaí iad ó thaobh leagain amach.	A1	Bunús an Ullmhúcháin
		A2	Breithiúnais agus Meastacháin Suntasacha
		A3	Iartheagmhais
B	Ár mbonneagar agus na sócmhainní a úsáidimid inár ngnó Tá cuid mhór sócmhainní ag Grúpa Ervia a úsáideann sé ina chuid oibríochtaí. Sna nótaí sa chuid seo tugtar eolas faoi na sócmhainní a bhfuil Grúpa Ervia ina n-úinéirí orthu, sonraí i dtaobh aon deontais arna bhfáil le cúiteamh as infheistíocht sna sócmhainní sin agus anailís ar mhúirear an ráitis ioncaim le haghaidh na bliana i dtaobh na sócmhainní sin.	B1	Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh
		B2	Deontais Rialtais
		B3	Sócmhainní doláimhsithe
		B4	Dímheas agus Amúchadh
C	An chaoi a maoiníonn muid ár ngnó Sa chuid seo tá nótaí leis na ráitis airgeadais ina dtugtar sonraí faoi shocruithe maoinithe Ghrúpa Ervia, chomh maith le sonraí i dtaobh bhainistíocht riosca airgeadais Ghrúpa Ervia.	C1	Anailís ar Ghlanfhiachas
		C2	Iasachtaí agus Fiachas Eile
		C3	Airgead agus coibhéis airgid
		C4	Costais Ghilana Airgeadais
		C5	Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais
		C6	Luach Cóir a Shocrú
D	Na foinsí as a dtagann ár gcuid ioncam Gineann Grúpa Ervia a ioncam ó ghníomhaíochtaí rialaithe agus neamhrialaithe. I measc nithe eile, tugann na nótaí sa chuid seo sonraí faoi fheidhmíocht ioncaim i rith na bliana agus ioncaim le haithint sna blianta atá le teacht.	D1	Ioncam
		D2	Trádáil agus infháltais eile
		D3	Ioncam ó Léas Oibríúcháin Amach Anseo
		D4	Ioncam Iarchurtha
E	An méid a chaitheann muid ar oibríochtaí agus ár bhfoireann Sa chuid sin déantar anailís ar na costais oibríúcháin arna dtabhú ag Grúpa Ervia, agus costais i dtaobh fostaithe san áireamh. I measc nithe eile, tugann na nótaí sa chuid seo freisin eolas i dtaobh méideanna dlite ag deireadh na bliana, anailís ar dhliteanais éiginnte ag deireadh na bliana agus próifíl ar speansais léasa iníoctha sna blianta atá le teacht.	E1	Costais Oibríúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh)
		E2	Míreanna eisceachtúla
		E3	Costais Phárolla
		E4	Cúiteamh na bPríomhbhainisteoirí
		E5	Oibleagáidí leasa scoir
		E6	Trádáil agus iníocthaigh eile
		E7	Soláthairtí agus Teagmhasachtaí
		E8	Gealltanais Léasanna Oibríúcháin
		E9	Taiscí Srianata
F	Nochtuithe eile Sa chuid seo leagtar amach na nochtuithe eile maidir le ráitis airgeadais.	F1	Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí
		F2	Faisnéis Rannóige
		F3	Cáin
		F4	Páirtithe Gaolmhara
		F5	Díbhinní
		F6	Fardal
		F7	Fochomhlachtaí agus Comhfhiontair
		F8	Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta Suntasacha
		F9	Caighdeáin Chuntasaíochta Nua agus Léirmhínithe

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

A Nochtuithe Suntasacha

A1 Bunús an Ullmhúcháin

Grúpa agus Máthairchuideachta

Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976 agus a bhfuil sainchónaí air in Éirinn.

I ráitis airgeadais an Ghrúpa cuirtear le chéile ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus a cuid fochomhlachtaí (a dtagraítear dóibh i dteannta a chéile mar 'an Grúpa'), suas go dtí an 31 Nollaig gach bliain. I gcomhréir le IFRS, ní dhéantar comhdhlúthú ar ghnóthais neamhrialaithe, mar atá leagtha amach i nóta F7.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta i gcomhréir leis na Caighdeáin Tuiriscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) agus le léirmhínithe Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, mar a dtacaíonn an tAE leo, agus atá i bhfeidhm le haghaidh na dtréimhsí cuntasaióchta dar chríoch an 31 Nollaig 2016.

Tá polasaithe cuntasaióchta suntasacha an Ghrúpa leagtha amach i nóta F8. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach na polasaithe sin maidir le gach bliain arna cur i láthair sna ráitis airgeadais, agus cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud an Ghrúpa. Agus na polasaithe cuntasaióchta sin á gcur i bhfeidhm is gá breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna n-aithint sna ráitis airgeadais. Féach ar nóta A2 chun tuilleadh sonraí a fháil faoi mheastacháin agus bhreithiúnais arna gcur i bhfeidhm..

Tá an ráiteas faoi ghnóthas leantach sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird mar chuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais sin ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin sócmhainní agus dliteanas áirithe a dhéantar a thomhas ar luach cóir. Sainítear luach cóir mar an bpraghas a bhfaighfí as sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ar dháta an tomhais.

Mar atá ceadaithe ag IAS1 Cur i láthair Ráiteas Airgeadais, nocht an Grúpa faisnéis bhreise i dtaobh atomhas áirithe agus míreanna eisceachtúla ar éadan an ráitis ioncaim, chun cabhrú le tuiscint ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa. Cuirtear iad sin i láthair sa cholún "Míreanna Eisceachtúla".

Maidir le hatomhais áirithe is atomhais iad a thagann chun cinn ar ionstraimí airgeadais a dtugtar cuntas ina leith amhail is dá mbeidís á gcoimeád le haghaidh trádála nó mar fháluithe luacha chóir i gcomhréir le polasaí cuntasaióchta an Ghrúpa. Ní bhaineann an Grúpa úsáid as díorthaigh chun críocha na hamhantraíochta. Tá tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a thagann laistigh de raon feidhme IAS 39 leagtha amach i bpolasaí cuntasaióchta 11.

Déileáiltear mar mhír eisceachtúil le mír a mheastar a bheith neamhghnách ó thaobh nádúir agus scála agus atá suntasach go leor gur gá nochtadh ar leithligh a dhéanamh chun go dtuigfí i gceart na ráitis airgeadais, lena n-áirítear atomhais áirithe a thagann chun cinn ar ionstraimí airgeadais mar atá leagtha amach thuas.

A2 Breithiúnais agus Meastacháin Suntasacha

Grúpa agus Máthairchuideachta

Agus na polasaithe airgeadais sin á n-ullmhú, is gá breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar chur i bhfeidhm pholasaithe cuntasaióchta an Ghrúpa (féach ar nóta F8) agus ar mhéideanna tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus speansas.

Nuair is gá, úsáideann an Grúpa breithiúnas chun socrú cén polasaí cuntasaióchta é an polasaí is oiriúnaí a chuirfidh faisnéis ábhartha agus iontaofa ar fáil chun a chuid ráiteas airgeadais a ullmhú. Is ar bhonn taithí stairiúil agus fachtóirí eile, lena n-áirítear ionchas imeachtaí sa todhchaí, a chreidtear a bheith réasúnta ar na cúinsí, a dhéantar an meastachán agus na toimhduithe. D'fhéadfadh torthaí iarbhrí a bheith difriúil leis na meastacháin seo. Déantar athmheasúnú i gcónaí ar mheastacháin agus aithnítear athruithe ar mheastacháin ar bhonn ionchasach. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh go mbeadh tionchar ábhar ag an éagsúlú ar roinnt meastachán agus toimhdí ar na torthaí tuairiscithe.

A2 Breithiúnais agus Meastacháin Suntasacha

(ar lean)

Áirítear leis na breithiúnais agus na meastacháin agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, na cinn seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:

i. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh / sócmhainní doláimhsithe

Tá an chuid is mó de bhonn sócmhainní an Ghrúpa agus cuid mhór de chaiteachas bliantúil an Ghrúpa déanta suas de réadmhaoin, gléasra agus threalamh / sócmhainní doláimhsithe. Mar sin tá na meastacháin agus na toimhdí arna n-úsáid agus na luachanna tugtha anonn agus dímhéas / amúchadh gaolmhar á mheas ríthábhachtach d'fheidhmíochta agus do sheasamh an Ghrúpa.

Aithníonn an Grúpa réadmhaoin, gléasra agus trealamh / sócmhainní doláimhsithe áit a gcomhlíonann an caiteachas sin critéir an IFRS ábhartha (i.e. caiteachas feabhsúcháin etc.), nó aicmítear an caiteachas mar chothabháil agus cuirtear leis na speansais é sa tréimhse ina bhfulaingtítear é. Ceist suibiachtúil í an deighilt idir caiteachas feabhsúcháin agus cothabhála, go háirithe agus an dá ghné ag baint le go leor tionscadal.

Bunaítear saol eacnamaíoch úsáideach measta na sócmhainní ar bhreithiúnas agus thaithí. Déantar leasú ar bhonn ionchasach ar aon athruithe riachtanacha, agus mar gheall ar shuntasacht infheistíocht sócmhainní sa Ghrúpa, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar dearfach nó diúltach ag éagsúlachtaí idir saol eacnamaíoch úsáideach iarbhir agus saol eacnamaíoch úsáideach measta ar thorthaí oibriúcháin amach anseo.

Ceanglaítear ar an nGrúpa luachanna tugtha anonn sócmhainní um bearnúchán a mheasúnú pé uair a thugann cúinsí le tuiscint, dar leis an nGrúpa, go bhféadfadh nach mbeifí in ann luach tugtha anonn na sócmhainní sin a aisghabháil. Chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhearnúchán teastaíonn breithiúnais suibiachtúla maidir leis na sreafaí airgeadais, rátaí fáis agus rátaí lascaine na n-aonad giniúna airgid atá á n-athbhreithniú.

Tá níos mó sonraí tugtha sna nótaí ábhartha agus i bpolasaithe cuntasáíochta an Ghrúpa.

ii. Oibleagáidí leasa scoir

Tá luach na n-oibleagáidí sochair scoir bunaithe ar luachálacha achtúireacha atá íogair do thiomhdí. Cuirtear i láthair i nóta E5 na príomhthiomhdí achtúireacha arna n-úsáid chun na hoibleagáidí sochair scoir sin a ríomh ar an 31 Nollaig 2016. Déantar nuashonrú ar na toimhdí sin gach bliain. Socraíodh na toimhdí (ach amháin an ráta lascaine) ionas go bhfuil siad comhionann leis an meastachán is fearr ar thaithí na scéime amach anseo. I gcleachtas d'fhéadfadh nach mbeadh an taithí amach anseo ag teacht leis na toimhdí arna nglacadh. Ciallaíonn sé sin nach léiríonn na dliteanais atá taispeánta i nóta E5 ach dearcadh amháin ar an todhchaí agus go bhféadfadh go mbeadh na fíorchostais difriúil leo siúd atá taispeánta. Mar shampla d'fhéadfadh go mairfeadh baill níos faide ná mar a tuaradh nó d'fhéadfadh go mbeadh boilsciú níos ísle ná mar a ceadaíodh dó agus an oibleagáid sochair sainithe á ríomh. Aithneofar difríochtaí idir taithí iarbhir agus ionchais trí ioncam cuimsitheach eile de réir mar a thagann siad chun cinn agus d'fhéadfadh go gcuirfeadh siad le luaineacht sheasamh an chláir chomhardaithe.

iii. Cánachas

Tá an Grúpa faoi réir cánacha ioncaim i ndlínsí difriúla. Ceanglaíonn na forálacha le haghaidh dliteanas cánach ar an nGrúpa meastacháin a dhéanamh maidir le ríomhaireachtaí cánach. Tá na méideanna a chuirtear ar fáil bunaithe ar léirmhíniú an Ghrúpa ar dhlíthe cánach atá sonracha do thíortha agus is ionann iad agus meastachán is fearr an Ghrúpa ar mhéideanna chánacha ioncaim iníochta i dtreimhsí amach anseo. Áit a mbeidh an toradh deireanach cánach difriúil leis na méideanna a taifeadadh ar dtús, beidh tionchar ag na difríochtaí sin ar na soláthairtí um cháin reatha agus cháin iarchurtha sna tréimhsí ina shocraítear an méid sin.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid go bhfuil dóchúlacht ann go mbeidh fáil ar bhrabúis inchánacha sa todhchaí a d'fhéadfaí na caillteanais chánach neamhúsáidte agus na creidmheasa cánach neamhúsáidte a úsáid ina gcoinne. Measann an Grúpa an méid is dóchúlacha do bhrabúis inchánach sa todhchaí, agus úsáid á baint as toimhdí a thagann leo siúd a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ag tógáil san áireamh an reachtaíocht chánach is infheidhme sa dlínse ábhartha. Is gá meastacháin a úsáid chun na ríomhaireachtaí sin a dhéanamh. Féach nóta F3.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

A2 Breithiúnais agus Meastacháin Suntasacha

(ar lean)

iv. Soláthairtí, teagmhasachtaí, fabhruithe agus dliteanais eile

Rinneadh na measúnuithe ar tugadh fúthu chun soláthairtí, teagmhasachtaí, fabhruithe agus dliteanais eile a aithint de réir an IFRS ábhartha agus pholasaithe cuntasáíochta an Ghrúpa. Is ionann na méideanna atá aitheanta mar sholáthar agus meastachán is fearr an Ghrúpa ar an gcaitechas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Braitheann an toradh ar imeachtaí na todhchaí atá éiginnte ó nádúr. Agus an toradh dóchúil á mheas, bunaíonn an Grúpa a mheasúnú ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile a mheastar a bheith réasúnta ar na cúinsí. Mar sin tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe chun déanamh cinnte go bhfreagraíonn na méideanna arna bhfabhrú don mheastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Grúpa sa deireadh. D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar mhéideanna arna dtabhú de thoradh aon difríochtaí suntasacha mar gheall ar na meastacháin athbhreithnithe sin.

v. Socruithe a bhfuil léasa ag gabháil leo

Chuaigh an Grúpa i mbun roinnt socruithe a thagann laistigh de raon feidhme IFRIC 4, toisc go mbaineann siad le húsáid agus rialú sócmhainne ar leith. Nuair a chuirtear socrú i bhfeidhm, socraíonn an Grúpa cibé acu an bhfuil léasa ag gabháil leis an socrú sin. Agus polasaí cuntasáíochta an Ghrúpa á chur i bhfeidhm, tá sé socraithe go bhfuil gach ceann de na socruithe sin comhionann le léasanna oibriúcháin. Meastar gur tuilleadh gach fáltas ó na socruithe sin, laistigh de raon feidhme IFRIC 4, mar chuid d'oibriúcháin lárnacha an Ghrúpa agus dá réir sin aithnítear an t-ioncam léasa mar ioncam sa ráiteas ioncaim. Féach ar nóta D3.

vi. Luach cóir shócmhainní agus dhliteanais airgeadais a shocrú

Tá luacháil ionstraimí airgeadais áirithe bunaithe ar roinnt fhachtóirí agus thiomhdí breithiúnais ar gá nach mbeidís bunaithe ar ionchuir inbhraite. Féach ar nóta C6 le haghaidh níos mó sonraí.

A3 Iartheagmhais

Níor tharla teagmhais eile ar bith idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais, arbh teagmhais iad arbh ghá na ráitis airgeadais a choigeartú nó nochtuithe breise a dhéanamh dá mbarr.

Leanann Bord Ervia ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar obair an Chomhchoiste ar Mhaoiniú Seirbhísí Uisce Tí in Éirinn sa Todhchaí maidir le hUisce Éireann, rud a dtugtar cur síos níos sonraí air i Ráiteas an Chathaoirligh. Agus é á thabhairt faoi deara nach gcomhdhlúthaíonn Ervia Uisce Éireann, mar ata leagtha amach i nóta F7, níl aon tionchar airgeadais ag an imeacht ina dhiaidh sin ar ráitis airgeadais Ervia.

B. Ár mBonneagar agus na sócmhainní a úsáidimid inár ngnó

B1 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Talamh agus Foirgnimh €'000	Fearas, píblíne agus innealra €'000	Sócmhainní atá á dtógáil €'000	Iomlán €'000
Costas				
Ar an 1 Eanáir 2015	88,497	3,865,285	37,568	3,991,350
Breiseanna	-	66,758	35,955	102,713
Aistrithe sa bhliain	174	12,584	(12,758)	-
Diúscairtí	-	(3,487)	-	(3,487)
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	-	13,097	90	13,187
Ar an 31 Nollaig 2015	88,671	3,954,237	60,855	4,103,763
Breiseanna	-	3,680	112,719	116,399
Aistrithe sa bhliain	198	109,875	(110,073)	-
Diúscairtí	-	(2,876)	-	(2,876)
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	-	(35,518)	(324)	(35,842)
Ar an 31 Nollaig 2016	88,869	4,029,398	63,177	4,181,444
Cailteanais fhabhráithe dímheasa agus bearnúcháin				
Ar an 1 Eanáir 2015	(30,476)	(1,423,536)	-	(1,454,012)
Dímheas don bhliain	(1,732)	(116,909)	-	(118,641)
Diúscairtí	-	1,739	-	1,739
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	-	(4,507)	-	(4,507)
Ar an 31 Nollaig 2015	(32,208)	(1,543,213)	-	(1,575,421)
Dímheas don bhliain	(1,816)	(119,926)	-	(121,742)
Diúscairtí	-	2,818	-	2,818
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	-	14,781	-	14,781
Ar an 31 Nollaig 2016	(34,024)	(1,645,540)	-	(1,679,564)
Méid ar iompar				
Ar an 31 Nollaig 2015	56,463	2,411,024	60,855	2,528,342
Ar an 31 Nollaig 2016	54,845	2,383,858	63,177	2,501,880

I rith na bliana, rinne an Grúpa ús de €0.4 milliún a chaipitliú (2015: €0.9 milliún). Ba é an ráta caipitlithe ná 4.4% (2015: 4.7%). I rith na bliana freisin rinne an Grúpa €11.1 milliún de chostais phárolla a chaipitliú (2015): €10.7 milliún).

Chuaigh Líonra Gáis Éireann (IOM) Teoranta, fochomhlacht laistigh den Ghrúpa, isteach i socrú um maoiniú tionscadal i 2003. Déantar an t-iarmhéid gan íoc de €10.3 milliún ar an 31 Nollaig 2016 (2015: €13.3 milliún) ar an áis iasachta seo a bhfuil iontaofacht theoranta ag gabháil leis a urrú thar shócmhainní Líonraí Gáis Éireann (IOM) Teoranta (nóta C2).

Gealltanais chaipitil

	2016 €'milliún	2015 €'milliún
Conraithe do	76	89

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

B2 Deontais Rialtais

	2016 €'000	2015 €'000
Ar an 1 Eanáir	(76,554)	(80,379)
Faighte sa bhliain	(4,781)	(557)
Amúchta sa bhliain	5,831	6,057
Éifeachtaí gluaiseachta i rátaí malairte	4,110	(1,675)
Ar an 31 Nollaig	(71,394)	(76,554)
	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Anailísithe mar seo a leanas:		
Neamh-Reatha	(65,693)	(70,571)
Reatha	(5,701)	(5,983)
Iomlán	(71,394)	(76,554)

Ar chúinsí áirithe d'fhéadfadh go dtiocfadh deontais chun bheith in-aisíoctha mura gcloíff leis na coinníollacha arna leagan síos sna comhaontuithe deontais. Níl aon choinníollacha neamhchomhlíonta ag gabháil le deontais rialtais a fuarthas roimh 2015.

I rith 2015 agus 2016, tugadh faomhadh don Ghrúpa le haghaidh chúnamh deontais AE ar luach €40.1 milliún ón Innovation and Networks Executive Agency (INEA) le haghaidh an tionscadail um chúpláil bonneagair agus an tionscadal um ghás nádúrtha comhbhrúite. Fuarthas €4.8 milliún san iomlán i rith na bliana (2015: €0.6 milliún) ón INEA le haghaidh na dtionscadal sin idir lámha.

B3 Sócmhainní Doláimhsithe

	Bogearraí agus eile €'000	Bogearraí i mbun forbartha €'000	Iomlán €'000
Costas			
Ar an 1 Eanáir 2015	121,094	1,128	122,222
Breiseanna (forbartha go himmheánach san áireamh)	-	6,029	6,029
Aistrithe sa bhliain	5,671	(5,671)	-
Éifeachtaí gluaiseachta i rátaí malairte	32	-	32
Ar an 31 Nollaig 2015	126,797	1,486	128,283
Breiseanna (forbartha go himmheánach san áireamh)	114	8,362	8,476
Aistrithe sa bhliain	1,813	(1,813)	-
Éifeachtaí gluaiseachta i rátaí malairte	(97)	-	(97)
Ar an 31 Nollaig 2016	128,627	8,035	136,662
Cailteanais fhabhráithe dímheasa agus bearnúcháin			
Ar an 1 Eanáir 2015	(84,749)	-	(84,749)
Amúchadh don bhliain	(12,186)	-	(12,186)
Éifeachtaí gluaiseachta i rátaí malairte	(116)	-	(116)
Ar an 31 Nollaig 2015	(97,051)	-	(97,051)
Amúchadh don bhliain	(11,668)	-	(11,668)
Éifeachtaí gluaiseachta i rátaí malairte	87	-	87
Ar an 31 Nollaig 2016	(108,632)	-	(108,632)
Méid ar iompar			
Ar an 31 Nollaig 2015	29,746	1,486	31,232
Ar an 31 Nollaig 2016	19,995	8,035	28,030

Chaipitligh an Grúpa an tsuim de €1.8 milliún i gcostais phárolla i rith na bliana (2015: €1.5 milliún).

B4 Dímheas agus Amúchadh

	2016 €'000	2015 €'000
Dímheas	(121,742)	(118,641)
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	(11,668)	(12,186)
Amúchadh deontas	5,831	6,057
Iomlán	(127,579)	(124,770)

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

C. An chaoi a maoiníonn muid ár ngnó

C1 Anailís ar Ghlanfhiachas

Tá glanfhiachas déanta suas d'iasachtaí, glan ó fháluithe luacha chóir arna n-aithint laistigh d'iasachtaí agus glan ó thaiscí saora airgid thirim.

		31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Iomlán na n-iasachtaí	C2	(1,171,730)	(1,175,701)
Lúide fáluithe luacha chóir aitheanta laistigh d'iasachtaí	C5	55,818	56,693
Lúide taiscí saora airgid	C3	87,915	97,434
Glanfhiachas		(1,027,997)	(1,021,574)

		2016 €'000	2015 €'000
Réiteach glanfhiachais			
Ar an 1 Eanáir		(1,021,574)	(1,010,149)
Airgead tirim ó oibríochtaí		326,755	324,545
Ús íoctha		(42,608)	(37,610)
Cáin a íocadh		(6,545)	(24,037)
Glanchaiteachas caipitil		(130,377)	(99,662)
Díbhinní íoctha	F5	(134,659)	(151,033)
Íocaíocht as fuascailt bannaí	C4	(21,065)	-
Míreanna airgid thirim eile		(6,294)	(10,043)
Míreanna neamhairgid		8,370	(13,585)
Ar an 31 Nollaig		(1,027,997)	(1,021,574)

C2 Iasachtaí agus Fiachas Eile

Sa nóta seo tugtar eolas faoi théarmaí conarthacha na n-iasachtaí úsmhara de chuid an Ghrúpa. Féach ar nóta C5 chun níos mó eolais a fháil faoi nochtadh an Ghrúpa do ráta úis, ráta malairte agus riosca leachtachta.

Aibíocht iasachtaí agus fiachais eile de réir cineáil (táillí bainteacha san áireamh)

	iasachtaí ó institiúidí airgeadais ¹			iasachtaí ó institiúidí airgeadais ¹		
	Bannaí 31-Noll-16 €'000	lomlán 31-Noll-16 €'000	Bannaí 31-Noll-15 €'000	lomlán 31-Noll-15 €'000		
Níos lú ná aon bhliain amháin	-	(41,350)	-	(151,952)	(151,952)	
Reatha	-	(41,350)	-	(151,952)	(151,952)	
Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana	-	(510,463)	(499,672)	(386,671)	(886,343)	
Níos mó ná cúig bliana	(619,917)	-	(619,917)	-	(137,406)	(137,406)
Neamh-Reatha	(619,917)	(510,463)	(1,130,380)	(499,672)	(524,077)	(1,023,749)
Iomlán	(619,917)	(551,813)	(1,171,730)	(499,672)	(676,029)	(1,175,701)

¹ agus nótaí láithrithe phríobháidigh san áireamh.

Cuimsíonn méid iomlán na n-iasachtaí €426.4 milliún (2015: €374.1 milliún) d'fhiachas ráta chomhlúthaigh, €10.3 milliún (2015: €13.3 milliún) d'fhiachas nasctha le boilsciú €735.0 milliún (2015: €788.3 milliún) d'fhiachas ráta sheasta a tarraingíodh aníos ó iasachtóirí éagsúla. Tá an fiachas atá nasctha le boilsciú urraithe thar shócmhainní Líonraí Gáis Éireann (IOM), atá déanta suas den chuid is mó de phíblíne tarchurtha gáis go hOileán Mhanann. Tá na hioncain ón bpíblíne seo innéacsaithe chuig an R.A. Praghasinnéacs Tomhaltóirí (UK RPI). Dá réir sin, chun riosca an bhoilscithe ísil a mhaolú, nasctar an fiachas sin leis an UK RPI freisin agus fálú innéacsnasctha á úsáid.

Tá iasachtaí bainc atá ainmnithe i steirling cuimsithe in iasachtaí, agus úsáideadh iad mar fhálú d'infheistíocht an Ghrúpa i bhfochomhlacht ainmnithe i steirling sa Ríocht Aontaithe. Ba é luach tugtha anonn na n-iasachtaí ar an 31 Nollaig 2016 ná €117.0 milliún (2015: €135.6 milliún).

Coimeádtar iasachtaí áirithe le páirtithe gaolmhara, féach ar nóta F4 chun na sonraí iomlána a fháil faoi nochtuithe ag páirtí gaolmhar.

C3 Airgead agus Coibhéis Airgid

Coimeádtar airgead agus coibhéis airgid chun críocha riachtanais leachtachta a chomhlíonadh.

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Taiscí gearrthéarmacha	69,000	75,500
Airgead tirim	18,915	21,934
Iomlán	87,915	97,434
	2016 €'000	2015 €'000
Ar an 1 Eanáir	97,434	105,997
Laghdú ar airgead tirim agus choibhéis airgid thirim sa ráiteas faoi shreafaí airgid	(9,146)	(8,738)
Éifeachtaí luaineachtaí an ráta malairte ar airgead á choimeád	(373)	175
Ar an 31 Nollaig	87,915	97,434

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

C4 Glanchostais Airgeadais

	2016 €'000	2015 €'000
Roimh mhíreanna eisceachtúla		
Ioncam Airgeadais		
Ioncam úis ar thaiscí gearrthéarmacha	-	-
Iomlán an ioncaim airgeadais	-	-
Costais airgeadais		
Ús	(31,753)	(36,186)
Ús caipitlithe	448	948
Muirear maoinithe	(169)	(253)
Glanús ar an glandliteanas sochair sainithe	(1,247)	(1,750)
Costais airgeadais eile	(14,181)	(9,824)
Iomlán na gcostas airgeadais	(46,902)	(47,065)
Míreanna eisceachtúla		
Glanathruithe ar luach cóir díorthach maoinithe	(i) 1,175	1,153
Íocaíocht as aisceannach bannaí	(ii) (21,065)	-
Athrú ar mheastachán ar shreabhadh airgid ar chomáin theagmhasach	(iii) (7,800)	-
Iomlán na míreanna eisceachtúla	(27,690)	1,153
Iomlán		
Ioncam Airgeadais	1,175	1,153
Costais airgeadais	(75,767)	(47,065)
Costais Ghlana Airgeadais	(74,592)	(45,912)

- (i) Is é atá iontu siúd ná atomhais a thagann chun cinn ar ionstraimí airgeadais a dtugtar cuntas ina leith amhail is dá mbeidís á gcoimeád le haghaidh trádála nó mar fháluithe luacha chóir i gcomhréir le polasaí cuntasáíochta an Ghrúpa. Ba é tionchar na n-atomhas sin ar ghlanchoistais airgeadais le haghaidh 2016 ná gnóthachan €1.2 milliún (2015: gnóthachan €1.2 milliún). Tá tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a thagann laistigh de raon feidhme IAS 39 leagtha amach i bpolasaí cuntasáíochta 11 (nóta F8).
- (ii) Ar an 5 Nollaig 2016, d'eisigh Líonraí Gáis Éireann €625.0 milliún de bhannaí agus iad deighilte thar dhá haibíocht ar a bhfuil meántoradh ualaithe de 1.60%. Ina dhiaidh sin d'fhuascail Líonraí Gáis Éireann an banna €500.0 milliún 3.625% a bhí dlite le teacht in aibíocht i mí na Nollag 2017. Ba é an méid a bhí iníoctha chun an banna a fhuascailt os cionn a pharlúacha ná €21.1 milliún agus tuairiscíodh mar mhír eisceachtúil é i ráiteas ioncam an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016.
- (iii) D'aithin an Mháthairchuideachta cailteanas atomhais neamhairgid de €7.8 milliún i rith 2016 mar gheall ar athruithe ar shreafaí airgid ionchais don todhchaí a bhaineann le comáin theagmhasach a aithníodh roimhe sin. Féach ar nóta C6 le haghaidh níos mó sonraí.

C5 Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

Aicmithe cuntasafóichta agus luachanna córa

Sa tábla seo a leanas leagtar amach luach tugtha anonn shócmhainní agus dhliteanais airgeadais an Ghrúpa (tomhaiste ar luach cóir nó costas amúchta), lena n-áirítear a leibhéal in ordlathas na luachanna córa. Féach ar nóta C6 le haghaidh nochtuithe faoi IFRS 13 i dtaobh thomhas luachanna córa. Ní áirítear sa tábla seo an t-eolas faoi luach cóir le haghaidh ionstraimí airgeadais nach ndearnadh a thomhas ar luach cóir má tá an luach tugtha anonn comhionann le measúchán réasúnta luacha chóir.

	Ordlathas luachanna córa			Méid iomlán á choimeád ag costas amúchta	Iomlán	Iomlán i ngaolmhaireacht fálaithe
	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3			
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ar an 31 Nollaig 2016						
Sócmhainní airgeadais						
Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis	-	58,003	-	58,003	-	58,003
Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh	-	423	-	423	-	-
Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh)	-	-	-	-	108,993	108,993
Airgead agus coibhéis airgid	-	-	-	-	87,915	87,915
Taiscí srianta	-	-	-	-	43,866	43,866
Iomlán na sócmhainní airgeadais	-	58,426	-	58,426	240,774	299,200
Dlíteanais airgeadais						
Iasachtaí agus fiachas eile ¹	-	(55,818)	-	(55,818)	(1,115,912)	(1,171,730)
Díorthaigh ráta úis	-	(8,262)	-	(8,262)	-	(8,262)
Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh	-	(485)	-	(485)	-	(485)
Trádáil agus iníocthaigh eile	-	-	-	-	(183,784)	(183,784)
Iomlán na ndlíteanais airgeadais	-	(64,565)	-	(64,565)	(1,299,696)	(1,364,261)
Glan(dlíteanais)/sócmhainní airgeadais	-	(6,139)	-	(6,139)	(1,058,922)	(1,065,061)
Ar an 31 Nollaig 2015						
Sócmhainní airgeadais						
Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis	-	59,899	-	59,899	-	59,899
Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh	-	1,162	-	1,162	-	1,162
Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh)	-	-	-	-	104,570	104,570
Airgead agus coibhéis airgid	-	-	-	-	97,434	97,434
Taiscí srianta	-	-	-	-	35,022	35,022
Iomlán na sócmhainní airgeadais	-	61,061	-	61,061	237,026	298,087
Dlíteanais airgeadais						
Iasachtaí agus fiachas eile ¹	-	(56,693)	-	(56,693)	(1,119,008)	(1,175,701)
Díorthaigh ráta úis	-	(12,328)	-	(12,328)	-	(12,328)
Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh	-	(1,356)	-	(1,356)	-	(1,356)
Trádáil agus iníocthaigh eile	-	-	-	-	(180,052)	(180,052)
Iomlán na ndlíteanais airgeadais	-	(70,377)	-	(70,377)	(1,299,060)	(1,369,437)
Glandlíteanais airgeadais	-	(9,316)	-	(9,316)	(1,062,034)	(1,071,350)

¹Ba é luach cóir iasachtaí agus fiachais eile amháil 31 Nollaig 2016 ná €1,180.0 milliún (2015: €1,207.6 milliún).

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

C5 Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

(ar lean)

Sócmhainní agus dliteanais díorthacha aitheanta mar fháluithe

Cuireann an Grúpa na critéir atá sainithe ag IAS 39 i bhfeidhm agus díorthaigh á n-aicmiú mar fháluithe. Ní cháilíonn ach ionstraimí díorthacha atá lasmuigh den Ghrúpa le tógáil san áireamh um chuntasaíocht fálaíthe. Úsáideann an Grúpa na catagóirí seo a leanas le haghaidh fálaíthe:

(i) Fáluithe luacha chóir

Déanann na hionstraimí sin fálú ar nochtadh athruithe ar luach cóir sócmhainne nó dliteanais arna thaifeadadh sa chlár comhardaithe, nó gealltanais daingean chun sócmhainn a cheannach nó a dhíol. Ba é cion neamhéifeachtach na bhfáluithe luacha chóir ná €nialais le haghaidh 2016 (2015: €nialas). Ba é luach cóir na ndíorthach fálaíthe i bhfálú luacha chóir sa chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016 ná sócmhainn €55.7 milliún (2015: sócmhainn €56.8 milliún).

(ii) Fálta sreafa airgid

Déanann na hionstraimí sin fálú ar idirbhearta a bhfuil gach cosúlacht ar an scéal go dtarlóidh siad sa todhchaí áit a ndéantar an éagsúlacht i sreafaí airgid arna nginiúint ag an idirbheart a fhritháireamh ag athruithe ar luach an ionstraim fálaíthe. Ba é an méid a athaicmíodh ó ghnáthscaireanna go brabús nó caillteanas mar thoradh ar neamhéifeachtacht ar fháluithe sreafa airgid i rith 2016 ná caillteanas €0.3 milliún (2015: €nialas). Ba é an neamhéifeachtacht ag eascairt ó fháluithe sreafa airgid a aithníodh sa bhrabús nó caillteanas i 2016 ná gnóthachan €0.1 milliún (2015: €nialas).

Próifíl aibíochta na bhfáluithe ar an sreabhadh airgid

Seo a leanas na tréimhsí ina meastar go dtarlóidh fálaíthe ar an sreabhadh airgid agus a mbeidh tionchar acu dá bharr sin ar bhrabús nó caillteanas:

	<1 bhliain €'000	1-2 bhliain €'000	2-5 bliana €'000	>5 bliana €'000	Iomlán €'000
Ar an 31 Nollaig 2016					
Babhtálacha ráta úis	(1,344)	-	-	-	(1,344)
Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis	-	-	759	-	759
Díorthaigh ó fhálú ar an sreabhadh airgid	(1,344)	-	759	-	(585)
Ar an 31 Nollaig 2015					
Babhtálacha ráta úis	(1,450)	(2,650)	-	-	(4,100)
Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis	(279)	-	818	973	1,512
Díorthaigh ó fhálú ar an sreabhadh airgid	(1,729)	(2,650)	818	973	(2,588)

Bainistíocht riosca airgeadais

Bhunaigh an Grúpa polasaithe bhainistithe riosca chun na rioscaí atá ann don Ghrúpa a shainiú agus a anailísiú, chun srianta agus rialúcháin riosca a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus a dhéanamh cinnte go gcloítear leis na teorainneacha atá leagtha síos. Déantar polasaithe agus córais bhainistithe riosca airgeadais a athbhreithniú go rialta chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí an Ghrúpa. Déanann an Grúpa iarracht, trína chaighdeán agus a nósanna imeachta oiliúna, timpeallacht le smacht an-eagraithe agus fiúntach a fhorbairt, timpeallacht ina dtuigeann na fostaithe ar fad a ról agus a n-oibleagáidí.

Agus díorthaigh á n-úsáid, comhlíonann an Grúpa Ceanglais an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992 agus faoi Shonraíocht an Aire Airgeadais. Ní oibrítear feidhm ciste an Ghrúpa mar ionad brabúis agus déantar bainistíocht ar sheasaimh bhrabúis ar bhealach drogallach roimh rioscaí. Tá fáth gnó bailí taobh thiar de gach idirbheart ciste agus tá dianchosc ar sheasaimh amhantracha.

(i) Riosca creidmheasa

Sainítear riosca creidmheasa mar an gcaillteanas iomlán a d'fhulaingeodh an Grúpa ar a chuid idirbheart gnó agus margaidh dá loicfeadh frithpháirtí agus dá mainneodh sé a chuid oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh. Cuimsítear leo siúd sócmhainní arna gcoimeád le bainc agus institiúidí airgeadais, idirbhearta i ndáil le hionstraimí airgeadais díorthacha agus nochtuithe creidmheasa a thagann chun cinn ó chaidrimh trádála le custaiméirí. Is é cuspóir an bhainistíochta riosca creidmheasa ná nochtuithe riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha.

C5 Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

(ar lean)

Is ionann luach tugtha anonn sócmhainní airgeadais agus an t-uasnochtadh creidmheasa. Ba é an t-uasnochtadh do riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe ná

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí ná méideanna dlite ag gnóthais neamhrialaithe san áireamh)	79,934	82,898
Airgead agus coibhéis airgid	87,915	97,434
Taiscí srianta	43,866	35,022
Ionstraimí Airgeadais Díorthacha	58,426	61,061
Iomlán	270,141	276,415

(i) (a) Riosca creidmheasa bainteach le ciste

Is é polasaí an Ghrúpa ná riosca creidmheasa bainteach le ciste a bhainistiú trí húsáid a bhaint as teorannacha creidmheasa frithpháirtí, a thógann san áireamh, i measc fachtóirí ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Déanann feidhm ciste an Ghrúpa monatóireacht ar nochtadh do riosca creidmheasa ar airgead tirim agus ionstraimí airgeadais díorthacha. Is é polasaí an Ghrúpa ná go gcuirtear airgead i dtaisce den chuid is mó le hinstiúidí a choimeádann rátáil creidmheasa de ghrád infheistíochta. Déanann an Grúpa measúnú agus tomhas go rialta ar nochtuithe frithpháirtí a chiste. Áit a bhféadfadh go mbeadh an nochtadh ar ionstraimí díorthacha ábhartha do ghlanfhiúchas an Ghrúpa, smaoinoidh an Grúpa ar dhul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa.

Forbraíonn agus coimeádann an Grúpa caidrimh le líon beag bhainc príomhchaidrimh a bhfuil gealltanais fadtéarmacha acu don Ghrúpa, a thuigeann an gnó, agus a chuireann maoiniú ar fáil ar théarmaí iomaíochta. Déanann an Grúpa cinnte go bhfaightear seirbhísí bainc éireachta agus ciste ar phraghsanna iomaíochta. Tá Ceann Chiste an Ghrúpa, agus tacaíocht acu ó Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa agus bainisteoirí sinsearachta cuí eile, freagrach as caidrimh a bhainistiú agus a choimeád.

(i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach ar nóta D2 chun anailís a fheiceáil de nochtadh an Ghrúpa do riosca creidmheasa bainteach le trádáil.

(ii) Riosca leachtachta

Is é atá i riosca leachtachta ná an riosca nach mbeadh foinsí oiriúnacha maoinithe don Ghrúpa ar fáil, nó nach mbeadh an Grúpa in ann a chuid sócmhainní a dhíol ar an margadh agus dá bharr sin nach mbeadh sé in ann ceanglais ghearrthéarmacha airgeadais a chomhlíonadh ná oibleagáidí a shocrú. Bheadh tionchar diúltach ag staid den sórt sin ar thorthaí an Ghrúpa toisc gurbh é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air ná go bhfulaingeoifaí speansais iasachta níos airde chun oibleagáidí a chomhlíonadh.

Is é cur chuige an Ghrúpa i dtreo leachtacht a bhainistiú ná déanamh cinnte, chomh fad agus is féidir, go mbeidh leachtacht dhóthanach aige i gcónaí chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, ar ghnáthdhálaí agus dhálaí anáis, gan cailteanas do-ghlactha a thabú ná an riosca go ndéanfaí dochar do cháil an Ghrúpa.

(ii) (a) Maoiniú

Bhí seasamh maoinithe an Ghrúpa láidir arís i 2016. I mí Iúil 2016, shínigh an Grúpa a shaoráid creidmheasa rothlaigh go grúpa de 8 mbanc intíre agus idirnáisiúnta, rud a chuir leibhéal ard leachtachta suas go dtí 2021 ar fáil don Ghrúpa. I mí na Nollag 2016, bhunaigh Líonraí Gáis Éireann clár nua Nóta Meántéarmach Euro faoinar ardaigh Líonraí Gáis Éireann €625 milliún ar an Margadh Eorabhanna, agus é deighilte thar dhá haibíocht, €500 milliún thar 10 mbliana agus €125 milliún thar 20 bliain. Tá saoráidí rótharraingte ar fáil do Ervia agus dá phríomh-fhochohlachtaí le bainc chaidrimh.

Is é polasaí an Ghrúpa ná féachaint chuig déanamh cinnte go bhfuil meascán d'fhoinsí maoinithe aige ar théarmaí agus choinníollacha inghlactha chun forbairt an ghnó a mhaoiniú agus chun oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Leanann an Grúpa ar aghaidh ag coimeád phróifíl chothrom aibíochta, chun an riosca aisíocaíochtaí buaice athmhaoinithe a choimeád chomh híseal agus is féidir. Ar an 31 Nollaig 2016, bhí €1,532.4 milliún de shaoráidí tiomanta ag an nGrúpa (2015: €1,511.3 milliún). Ba é luach na n-iasachtaí ar an 31 Nollaig 2016 ná €1,171.7 milliún (2015: €1,175.7 milliún).

Eagraíonn an Grúpa a chuid saoráidí tiomanta ionas go gclúdódh siad 120% de riachtanais réamh-mheasta lárnacha thar thréimhse aon-bhliain amháin. Eagraítear saoráidí le cúnaint chuí airgeadais agus oibriúcháin agus déantar cinnte go bhfuil dóthain solúbthachta ag an lucht bainistíochta agus a ngnó á oibriú acu.

Bogadh rátáil chreidmheasa an Ghrúpa go Líonraí Gáis Éireann i 2015. Tá Líonraí Gáis Éireann rátáilte mar A ag Standard & Poor's agus A3 ag Moody's Investor Services. Leis an rátáil chreidmheasa dhaingean sin cuirtear ar chumas na cuideachta rochtain a bheith acu ar rogha leathan d'fhoinsí maoinithe agus déantar cinnte gur féidir leis an nGrúpa maoiniú ar chostas íseal a ardú.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

C5 Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

(ar lean)

(ii) (b) Barrachais airgid

Déantar comhthiomsú airgid agus déantar iarmhéideanna cuntais a ghlanluacháil áit is féidir chun ligin airgid thirim a íoslaghdú agus chun an nochtadh d'ús a íoslaghdú. Is chun críocha laghdú a dhéanamh ar an leibhéal d'fhiachas go príomha a úsáidtear barrachais airgid. Ní ar bhonn córasach a chuireann an Grúpa cistí i dtaisce agus a thógann siad ar iasacht iad, cé go dtagann cúinsí chun cinn ó am go chéile áit go bhfuil gá le hairgead a choimeád i dtaisce nó a bhfuil sé ina bhuntáiste. Is féidir barrachais airgid a infheistiú sna nithe seo a leanas cé nach bhfuil siad teoranta dóibh Cuntais Taisce, Taiscí Ama, Páipéar Tráchtála, Billí Stáitchiste, Bannaí Rialtais, Cistí Margaidh Airgid agus Deimhnithe Taisce. Déanfaidh an Grúpa airgead barrachais a infheistiú in euro nó in airgeadra infheistíochtaí thar lear.

(ii) (c) Nochtadh do riosca leachtachta

Seo a leanas na haibíochtaí conarthacha um dhliteanais airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis gan lascaine a bhaineann le hiasachtaí agus na glansreafaí airgid gan lascaine atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais. Cuimsíonn an nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthach a bhfuil ollsocráíocht airgid chomhuaineach ag gabháil leo, e.g. reámhchonarthaí i malairt eachtrach.

	Méid ar iompar €'000	Sreafaí airgid conarthacha €'000	<1 bhliain €'000	1-2 bhliain €'000	2-5 bliana €'000	<5 bliana €'000
Ar an 31 Nollaig 2016						
lasachtaí	(1,171,730)	(1,288,035)	(71,535)	(31,526)	(547,474)	(637,500)
Trádáil agus iníochtaigh eile	(183,784)	(183,913)	(169,797)	(8,630)	(5,279)	(207)
Dlíteanais airgeadais neamhdhíorthacha	(1,355,514)	(1,471,948)	(241,332)	(40,156)	(552,753)	(637,707)
Díorthaigh ráta úis	(8,262)	(8,649)	(3,377)	(1,646)	(3,626)	-
Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis	58,003	83,125	11,252	11,430	60,443	-
Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh	(62)	(62)	(62)	-	-	-
Glansócmhainní airgeadais díorthacha	49,679	74,414	7,813	9,784	56,817	-
Glandlíteanais airgeadais	(1,305,835)	(1,397,534)	(233,519)	(30,372)	(495,936)	(637,707)
Ar an 31 Nollaig 2015						
lasachtaí	(1,175,701)	(1,294,771)	(195,406)	(539,774)	(426,339)	(133,252)
Trádáil agus iníochtaigh eile	(180,052)	(181,050)	(155,249)	(19,273)	(6,028)	(500)
Dlíteanais airgeadais neamhdhíorthacha	(1,355,753)	(1,475,821)	(350,655)	(559,047)	(432,367)	(133,752)
Díorthaigh ráta úis	(12,328)	(13,580)	(5,627)	(2,941)	(5,012)	-
Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis	59,899	85,783	15,559	10,599	40,040	19,585
Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh	(194)	(194)	(194)	-	-	-
Glansócmhainní airgeadais díorthacha	47,377	72,009	9,738	7,658	35,028	19,585
Glandlíteanais airgeadais	(1,308,376)	(1,403,812)	(340,917)	(551,389)	(397,339)	(114,167)

(iii) Riosca margaidh

Is é atá i riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar rátaí malairte airgeadra nó rátaí úis ar luach shócmhainní airgeadais, dlíteanais nó sreafaí airgid ionchais an Ghrúpa don todhchaí. Is é cuspóir an bhainistíocht riosca airgeadais ná nochtuithe do riosca margaidh a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha agus an toradh a bharrfheabhsú.

Laistigh den Ghrúpa, tá an fheidhm ciste freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí úis agus rátaí malairte airgeadra. Ceannaíonn agus díolann an Grúpa díorthaigh, agus freisin tabhaíonn sé dlíteanais airgeadais, chun rioscaí margaidh a bhainistiú. Déantar gach idirbheart i gcomhréir leis na treoirlínte arna socrú ag an bPolasaí Ciste. Is gnách go bhféachann an fheidhm ciste chuig cuntasáíocht fáilithe a chur i bhfeidhm chun luaineacht ó thaobh brabúis nó caillteanais a láimhseáil.

C5 Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

(ar lean)

(iii) (a) Riosca an ráta malairte

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d'oibríochtaí an Ghrúpa in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú.

Tá coiste Brexit forbartha ag Ervia, a oibríonn i ndlúthpháirt lena cuid páirtithe leasmhara ábhartha chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí sa réimse sin.

Is féidir nochtadh do riosca an ráta malairte a achoimriú mar seo a leanas:

► Fochuideachtaí a oibríonn in airgeadra eachtrach (steirling)

Aistrítear go euro, ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadail. Aistrítear torthaí na n-oibríochtaí eachtracha go euro ar mheánrátaí malairte don tréimhse, nuair is ionann iad agus measúchán réasúnta ar na rátaí iarbhír arna dtabhú. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de ghnáthscaireanna (cúlchiste aistrithe). Déanann Ciste an Ghrúpa monatóireacht ar an riosca sin, agus má mheastar gur riosca ábhartha é, déanann siad fálú ar an riosca agus margáí malairte eachtraí á n-úsáid.

Aistrítear cistiú In-Ghrúpa d'fhochoimplachtaí airgeadra eachtraigh go Euro agus úsáid á baint as na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe. Tógtar an brabús/caillteanas a thagann chun cinn ar aistriú chistiú in-ghrúpa go fochomhlachtaí eachtracha chuig an ráiteas ioncaim. Tógtar an brabús/caillteanas a eascraíonn ó aistriú iasachtaí in airgeadra eachtracha, sa mhéid is go n-úsáidtear iad chun airgeadas a chur ar fáil do chistiú in-ghrúpa i bhfochoimplachtaí eachtracha nó fál a chur ar fáil ina choinne, chuig an ráiteas ioncaim. Is é an Polasaí ná na gluaiseachtaí ar an dá cheann díobh sin a mheaitseáil, an oiread is féidir agus idirbhearta airgeadra eachtraigh á n-úsáid.

► Nochtadh idirbheart

Ó am go chéile déanann an Grúpa ceannacháin in airgeadraí eachtracha. Is é polasaí an Ghrúpa ná nochtadh na n-idirbheart sin a bhainistiú trí fhéachaint chuig ceannacháin agus díolacháin arna n-ainmniú in airgeadraí eachtrach a mheaitseáil an oiread is féidir. Áit nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar nochtuithe a fhálú agus úsáid á baint as díorthaigh atá ceadaithe faoin bPolasaí Ciste. Déanfar nochtuithe a fhálú agus na rioscaí airgeadais agus an timpeallacht rialála á dtógáil san áireamh.

Is é an Polasaí Ciste freisin ná go ndéanfar measúnú ar gach nochtadh measta a sháraíonn méid coibhéseach le €300,000 in airgeadraí eachtracha i dtaobh na rioscaí gnó agus, áit is cuí, déanfar fálú ar rioscaí airgeadra chun an seans go dtiocfadh drochéagsúlachtaí chun cinn ó ghluaiseachtaí airgeadra a íoslaghdú.

► Fiachas in airgeadra eachtrach

Tá Socraíochtaí Príobháideacha ag an nGrúpa atá ainmnithe i ndollar SAM agus a tiontaíodh go euro agus úsáid á baint as babhtálacha ráta úis airgeadra. Úsáidtear fiachas i steirling chun fálú a dhéanamh ar an infheistíocht i bhfochoimplacht atá ainmnithe i steirling.

Mar thoradh ar na gníomhartha sin arna nglacadh ag an nGrúpa chun maolú a dhéanamh ar a íogaireacht bhunaidh go luaineachtaí sa ráta malairte, níl anailís íogaireachta curtha i láthair ag an nGrúpa toisc nach tábhachtach aon éagsúlacht fhéideartha.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

C5 Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

(ar lean)

(iii) (b) Riosca rátaí úis

Tagann riosca rátaí úis chun cinn ó athruithe ar rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dhliteanais an Ghrúpa agus ar leibhéal na muirear airgeadais. Is é cuspóir an Ghrúpa ná costas cobhsaí agus íseal fiachais a bhaint amach, agus rioscaí gnó go ginearálta á dtógáil san áireamh agus go háirithe an timpeallacht rialála um rialú praghsanna.

Clúdaíonn nochtadh an Ghrúpa do luaineachtaí i rátaí úis dhá chineál riosca:

- (i) riosca go dtiocfadh athrú ar na sreafaí airgid a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach agus
- (ii) riosca go dtiocfadh athrú ar luach sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta seasta.

Is ar bhonn na bliana féilire a ndéanann an Grúpa monatóireacht ar nochtadh do riosca ráta úis. Is é beartas an Ghrúpa ná monatóireacht a dhéanamh ar sheasaimh maidir le nochtadh do rátaí úis oscailte, agus cruth reatha agus ionchais an chuar toraidh á thógáil san áireamh, agus é mar aidhm leas a bhaint as timpeallachtaí ráta úis ísil chun oibleagáidí ráta úis an Ghrúpa a shocrú agus cinnteacht a mhéadú maidir le próifíl an Ghrúpa ó thaobh speansais ráta úis. Baineann an Grúpa úsáid as roinnt modhanna, lena n-áirítear díorthaigh ráta úis chun an riosca ráta úis ar a phunann fiachais a bhainistiú.

Seo a leanas mar a bhí an céatadán d'fhiachas ráta sheasta agus chomhdhlúthaigh an Ghrúpa ar an 31 Nollaig:

	2016 €'000	2016 %	2015 €'000	2015 %
Ag rátaí seasta ¹	(734,995)	62.7%	(788,326)	67.1%
Ag rátaí comhlúthacha	(426,454)	36.4%	(374,075)	31.8%
Fiachas nasctha le boilsciú	(10,281)	0.9%	(13,300)	1.1%
Iomlán	(1,171,730)	100.0%	(1,175,701)	100.0%

¹ agus malairtí san áireamh.

Bhí €621.7 milliún d'fhiachas ráta sheasta ag an nGrúpa (gan malairtí ráta úis san áireamh) ar an 31 Nollaig 2016 (2015: €499.7 milliún).

Ar an 31 Nollaig 2016, bhí malairtí rátaí úis amuigh ag an nGrúpa de phríomhshuim bharúlach €43.1 milliún agus £60.0 milliún. Rinneadh €43.1 milliún ar cuireadh tús leis ar an 31 Deireadh Fómhair 2012 a bhabhtáil ar feadh cúig bliana ag meánráta de 1.7% agus rinneadh £60.0 milliún ar cuireadh tús leis ar an 31 Deireadh Fómhair 2012 a bhabhtáil ar feadh cúig bliana ag meánráta de 1.8%.

Ar an 31 Nollaig 2016, ba é meánráta úis ualaithe an phunann fiachais seasta ná 1.58% (2015: 3.26%), a bhí déanta suas de dhá bhanna de €621.7 milliún agus punann bhabhtálacha ráta úis de €43.1 milliún agus £60.0 milliún.

Déantar rátaí úis ar iasachtaí ráta athraithe a athshocrú ar bhonn tréimhsiúil ar feadh aon, trí nó sé mhíosa thar an ngnáthráta margaidh.

Ar an 31 Nollaig 2016, bhí fiachas ráta sheasta amuigh de US\$290.0 milliún ag an nGrúpa (2015: US\$327.0 milliún) (€275.0 coibhéis milliúin (2015: €300.9 milliún) in idirbheart Láithrithe Príobháidigh i ndollar SAM a cuireadh i gcrích ar an 31 Márta 2009. Chun na nochtuithe bainteacha do ráta malairte dhollar SAM a fhálú go hiomlán agus na rátaí úis bunaidh a thiontú go rátaí comhlúthacha, tá roinnt bhabhtálacha trasairgeadra ráta úis ag an nGrúpa a réitíonn le próifíl aibíochta an fiachais.

C5 Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

(ar lean)

Anailís ar shreabhadh airgid um fhiachas ráta chomhlúthaigh

Is í aidhm bheartais agus phróisis an Ghrúpa um bainistiú agus rialú riosca ráta úis, mar atá leagtha amach thuas, ná laghdú ar dhéanamh ar thionchar luaineachta gearrthéarmacha sa ráta úis ar thuillimh an Ghrúpa. Mar sin féin, beidh tionchar ag athruithe fadtéarmacha ar rátaí úis ar thuillimh an Ghrúpa.

Meastar go mbeadh tionchar ag gluaiseacht 50 bonnphointe i rátaí úis ar an 31 Nollaig ar bhrabús roimh chánachas de réir na méideanna atá taispeánta thíos, agus go mbeadh an t-athrú luach cóir ar fháluithe sreafa airgid agus a dtionchar ar ioncam cuimsitheach eile mar atá taispeánta thíos:

	Brabús roimh cháin 31-Noll-16 €'000	Brabús roimh cháin 31-Noll-15 €'000	Ioncam Cuimsitheach eile 31-Noll-16 €'000	Ioncam Cuimsitheach eile 31-Noll-15 €'000
Méadú 50 bp	(1,994)	(1,653)	643	2,132
Laghdú 50 bp	1,982	1,637	(49)	(345)

Glacadh na toimhdí seo a leanas i dtaobh an anailís íogaireachta thuas:

- ▶ fanann gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh ach go háirithe, mar an gcéanna;
- ▶ ní bhaineann ach le hionstraimí airgeadais díorthacha agus fiachas comhlúthach;
- ▶ glactar leis go bhfuil díorthaigh arna sainiú mar fháluithe sreafa airgid i gcoinne gluaiseachtaí i rátaí úis éifeachtach go hiomlán, arna dtaifeadadh go hiomlán laistigh de ghnáthscaireanna agus gan aon tionchar acu ar an ráiteas ioncain;
- ▶ ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha ach ar an ráiteas ioncain amháin; agus
- ▶ déileáiltear leis an gcéim chomhlúthach d'aon mhalairt nó aon fhiachas ráta chomhlúthaigh amháin is nach mbeadh aon ráta úis socraithe cheana féin, mar sin bíonn tionchar ag athrú ar rátaí úis ar feadh 12 mhíosa don chion úis fhabhráithe de na ríomhaireachtaí íogaireachta.

A mhalairt de thionchar a bhíonn ag méadú/laghdú de 50 bonnphointe ar ioncam cuimsitheach eile agus ar an ráiteas ioncain, ach níl sé comhionann ó thaobh méide toisc go mbíonn tionchar freisin ag na hathruithe ráta ar anailís íogaireachta ar na cuair lascaine arna n-úsáid le haghaidh na sreafaí airgid ábhartha do dhíorthaigh ráta úis.

C6 Luach Cóir a Shocrú

Tá tomhas luachanna cothroma le haghaidh sócmhainní agus dliteanais airgeadais de dhíth ar roinnt pholasaithe chuntasaíochta agus faisnéisithe an Ghrúpa. Agus luach cothrom de shócmhainn nó de dliteanas á mheas úsáideann an Grúpa sonraí margaidh inbhraite a oiread agus atá siad ar fáil.

Déantar luachanna cothroma a chatagóiriú i leibhéal éagsúla de réir grádú ar luach cothrom bunaithe ar ionchuir a mbaintear úsáid astu sna teicnící luachála seo a leanas:

- ▶ Leibhéal 1: praghasanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais comhionanna..
- ▶ Leibhéal 2: ionchuir seachas praghasanna luaite laistigh de Leibhéal 1 atá inbhraite le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, pé acu díreach e.g. mar phraghasanna) nó go hindíreach (i.e. díorthaithe ó phraghsanna).
- ▶ Leibhéal 3: ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cothrom sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéal áirithe de ghrádú an luacha chothroim, ansin déantar an tomhas luacha chothroim a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ghrádú luacha chothroim mar an t-ionchuir luacha chothroim is isle atá suntasach don tomhas ina iomláine. Aithníonn an Grúpa aistriú idir leibhéil d'ordlathas luacha chóir ag deireadh an tréimhse tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

C6 Luach Cóir a Shocrú

(ar lean)

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na teicnící luachála a chuireann an Grúpa i bhfeidhm chun luach cóir a thomhas, i dteannta le haon ionchuir dobhraitheacha suntasacha.

Cineál	Teicníc luachála	Inchur dobhraitheacha suntasacha
Conarthaí réamh-mhalairte (Féach ar nóta C5)	<p>Bíonn luach cóir conarthaí réamh-mhalairte ar aghaidh bunaithe ar a bpraghas luaite, má tá sé ar fáil.</p> <p>Mura bhfuil praghas luaite ar fáil, meastar luach cóir mar an difríocht idir praghas ar aghaidh na conartha agus an praghas ar aghaidh reatha um aibíocht iarmharach na conartha.</p> <p>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2</p>	Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite.
Bábhtálacha ráta úis agus bábhtálacha trasairgeadra ráta úis (Féach ar nóta C5)	<p>Tógtar san áireamh i luach cóir na mbabhtálacha ráta úis agus na mbabhtálacha trasairgeadra ráta úis na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana.</p> <p>Socraítear luach cóir na mbabhtálacha atá nasctha le boilsciú agus úsáid á baint as teicníc luachála a chuimsíonn iolraí margaidh agus anailís ar shreabhadh airgid lascainithe ina n-úsáidtear sreafaí airgid ionchais don todhchaí agus ráta lascaine a bhaineann leis an margadh.</p> <p>Léiríonn luachanna córa riosca creidmheasa na hionstraime agus cuimsíonn siad coigeartuithe chun riosca creidmheasa eintiteas agus comhpháirtí an Ghrúpa a thógáil san áireamh nuair is cuí sin.</p> <p>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2</p>	Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite.
Láithriú Príobháideach (cion den fhálú luacha chóir) (Féach ar nóta C5)	<p>Déantar luach cóir an ráta fiachais seasta a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú ó na glanluachanna reatha agus úsáid á baint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe.</p> <p>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2</p>	Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite.
Trádáil agus infháltais eile (Féach ar nóta D2)	<p>Le díolachán an ghnó Fuinnimh déantar soláthar do ghné de chomaoine ceannacháin teagmhasaigh. Rinneadh luach cóir na comaoine teagmhasaí sin a shocrú agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú ó na glanluachanna reatha. Déantar na sreafaí airgid ionchais don todhchaí a shocrú agus na nithe seo a leanas á meas: suíomhanna féideartha spriocanna na dtuilleamh tuartha agus síneadh starrach fheirmeacha gaoithe, na sreafaí airgid don todhchaí i ngach cás agus an dóchúlacht go dtarlódh a leithéid de rud.</p> <p>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 3</p>	Spriocanna tuilleamh tuartha agus síneadh starrach fheirmeacha gaoithe.

D. Na foinsí as a dtagann ár gcuid ioncam

D1 Ioncam

	2016 €'000	2015 €'000
Rialaithe	435,340	427,970
Neamhrialaithe	62,378	63,138
Iomlán	497,718	491,108

Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha, i margá rialaithe agus neamhrialaithe, a thagann ioncaim an Ghrúpa. Forbraíonn, oibríonn agus cothabhálann na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann siad seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Freisin oibríonn an Grúpa agus tá siad ina n-úinéirí ar an dá phíblíne idirnascaire gáis idir Albain agus Éire agus tá sócmhainní bonneagair líonra acu i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Cuimsíonn ioncam an Ghrúpa freisin ioncam ó léasa oibriúcháin, a aithnítear i gcomhréir le IFRIC 4 (féach ar nóta D3).

D2 Trádáil agus Infháltais Eile

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Infháltais trádála	4,086	2,291
Infháltais trádála - neamhbhilleáilte	55,375	46,788
Réamhíocaíochtaí	7,111	7,612
Méideanna dlite ó ghnóthais neamhrialaithe	29,059	21,672
Infháltais Eile	20,473	33,819
Iomlán	116,104	112,182

Anailísithe mar seo a leanas:

Neamh-Reatha	16,300	23,909
Reatha	99,804	88,273
Iomlán	116,104	112,182

Sonraítear infháltais trádála glan ó líuntais um bearnúchán. Is ionann infháltais trádála go príomha agus infháltais i dtaobh úsáid ioncam córais in Éirinn agus muirir as úsáid píblíne tarchuir an Iarthuaiscirt agus an bpíblíne thuaidh-theas i dTuaisceart Éireann. Féach ar nóta F4 le haghaidh níos mó sonraí faoi iarmhéideanna le páirtithe gaolmhara.

Riosca creidmheasa

Tá úsáid ioncam córais in Éirinn déanta suas d'ioncam as Úsáid Dáileacháin Córais (DUoS) agus ioncam as Úsáid Tarchuir Córais (TUoS). Is iad na téarmaí creidmheasa le haghaidh DUoS agus TUoS ná deich lá gnó agus tá sé cinn déag de lastóirí seachtracha ann faoi láthair. Déanann an Grúpa billeáil ioncam TUoS agus DUoS agus bailíonn siad iad. Tá sonrasc le tabhairt do na lastóirí as an ioncam ceadaithe ar bhonn míosúil deich lá gnó tar éis dheireadh na míosa agus íocaíocht dlite deich lá oibre ó dháta an tsonrais. I dtaobh ghnó an Líonra i dTuaisceart Éireann, tagann ioncam go príomha ó mhuirir as úsáid píblíne tarchuir an Iarthuaiscirt agus an píblíne thuaidh-theas. Is é an riarthóir a eisióinn sonraisc agus bíonn muirear úis laethúil le híoc i gcás nach ndéantar íocaíocht astu. Déantar íocaíochtaí i dtaobh ceangal nua nó athruithe sula ndéantar an obair. Déantar riosca creidmheasa ar gach infháltas eile a bhainistiú trí mhonatóireacht agus bhainistíocht ar iarmhéideanna agus grinnscrúdú creidmheasa (áit a bhaineann).

Eisítear réamhíocaíochtaí ná méideanna dlite ag gnóthais neamhrialaithe ón anailís ar nochtadh creidmheasa thíos. Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar an uasnochtadh do riosca creidmheasa le haghaidh infháltas trádála agus eile ar an dáta tuairiscithe:

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Infháltais trádála	4,086	2,291
Úsáid infháltas córais - neamhbhilleáilte	55,375	46,788
Infháltais Eile	20,473	33,819
Iomlán	79,934	82,898

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

D2 Infháiltas Trádála agus Eile

(ar lean)

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar an uasnochtadh do riosca creidmheasa le haghaidh infháiltas trádála agus eile ar an dáta tuairisicthe de réir réigiúin gheografaigh:

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Éire	70,964	80,839
An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh)	8,970	2,059
Iomlán	79,934	82,898

Seo a leanas mar a aosaítear infháiltas trádála agus eile, glan ó bhearnúchán:

	Glaninfháiltas 31-Noll-16 €'000	Glaninfháiltas 31-Noll-15 €'000
Ní thar an dáta dlite	77,765	82,600
0 – 30 lá	516	207
31 – 120 lá	1,348	91
> 120 lá	305	-
Iomlán	79,934	82,898

Ba í seo a leanas an ghluaiseacht sa liúntas le haghaidh bearnúcháin maidir le hinfháiltas trádála i rith na bliana:

	2016 €'000	2015 €'000
Ar an 1 Eanáir	(326)	(944)
Caillteanas bearnúcháin (aitheanta)/freaschurtha	(60)	160
Soláthar úsáidte	71	458
Ar an 31 Nollaig	(315)	(326)

D3 Ioncam ó Léas Oibriúcháin Amach Anseo

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Níos lú ná aon bhliain amháin	28,109	28,994
Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana	96,608	98,211
Níos mó ná cúig bliana	146,037	174,523
Iomlán	270,754	301,728

Baineann ioncam léasa oibriúcháin an Ghrúpa don todhchaí le comhaontuithe a cheadaíonn do thrú páirtithe codanna den chóras Iompair Líonra Gáis a úsáid. I gcomhréir le polasaí cuntasáíochta an Ghrúpa, meastar gur tuilleadh gach fáiltas ó na socruithe sin, mar chuid d'oibríochtaí lárnacha an Ghrúpa agus dá réir sin aithnítear an t-ioncam léasa mar ioncam sa ráiteas ioncaim. Tá próifíl thuas d'ioncam don todhchaí ó léasaí oibriúcháin nach féidir a chur ar ceal, a aithneofar mar ioncam sna blianta atá le teacht. Bíonn faid de idir 3 agus 14 bliana ag téarmaí neamhéagtha na léasaí.

D4 Ioncam Iarchurtha

	2016 €'000	2015 €'000
Ar an 1 Eanáir	(17,524)	(20,257)
Faighte sa bhliain	(4,391)	(4,055)
Curtha chun sochar an ráiteas ioncaim	3,605	6,788
Ar an 31 Nollaig	(18,310)	(17,524)

Anailísithe mar seo a leanas:

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Neamh-Reatha	(12,180)	(12,766)
Reatha	(6,130)	(4,758)
Iomlán*	(18,310)	(17,524)

Déantar ranníocaíochtaí custaiméara a fhaightear roimh sholáthar seirbhísí mar ioncam iarchurtha, ansin nuair atá na seirbhísí curtha ar fáil, aithnítear go na ranníocaíochtaí go hiomlán mar ioncam sa ráiteas ioncaim.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

E. An méid a chaitheann muid ar oibríochtaí agus ár bhfoireann

E1 Costais Oibriúcháin (gan dímhéas ná amúchadh san áireamh)

	2016 €'000	2015 €'000
Speansas párolla	(69,674)	(73,577)
Seirbhísí fruilithe agus conraithe	(33,858)	(32,203)
Ábhair agus cothabháil bonneagair	(42,851)	(49,717)
Cíos, rátaí agus saoráidí	(29,101)	(30,764)
Speansais oibriúcháin eile	(34,770)	(34,805)
Athmhuirir ar ghnóthais neamhrialaithe (nóta F4)	35,543	36,925
Iomlán	(174,711)	(184,141)

Sonraítear costais oibriúcháin tar éis go ngearrtar muirir:

	2016 €'000	2015 €'000
Luach saothair an iniúcháora		
- seirbhísí iniúcháireachta reachtúla	(154)	(154)
- seirbhísí dearbhaithe eile a bhaineann le hiniúchadh	(127)	(117)
- seirbhísí comhairleacha cánach	(38)	(32)
- seirbhísí eile nach seirbhísí iniúcháireachta iad	(30)	-
Iomlán	(349)	(303)

Luachanna saothair chomhaltaí boird

- táillí	(117)	(102)
- luach saothair Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa	(335)	(334)
Iomlán	(452)	(436)

Tá sonraí faoi chostas cuimsitheach an phacáiste luach saothair de chuid Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa déanta suas mar seo a leanas:

Tuarastal bliantúil bunúsach Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa	(250)	(250)
I measc na sochar eile tá costais phinsin, costas an ghluaisteán cuideachta agus árachas sláinte	(85)	(84)
Iomlán	(335)	(334)

E2 Míreanna Eisceachtúla

Féach ar nóta C4 le haghaidh sonraí faoi chostais eisceachtúla arna dtabhú i 2016 agus 2015.

E3 Costais Phárolla

	2016 €'000	2015 €'000
Pá agus tuarastail	(63,707)	(64,954)
Costais árachais sóisialta	(7,022)	(7,165)
Costais phinsean – pleananna sochar sainithe	(11,112)	(13,119)
Costais phinsean – pleananna ranníocaíochta sainithe	(789)	(572)
	(82,630)	(85,810)
Párolla caipitlithe agus aistrithe eile párolla	12,956	12,233
Costais phárolla curtha de mhúirear brabúis nó cailteanais	(69,674)	(73,577)

Ba é meánlíon na bhfostaithe de chuid an Ghrúpa ná 904 le haghaidh 2016 (2015: 909).

E4 Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí

	2016 €'000	2015 €'000
Sochair fhostaí ghearrthéarmacha	(1,403)	(1,425)
Sochair iarfhostaíochta	(172)	(173)
Iomlán*	(1,575)	(1,598)

Tá na príomhbhainisteoirí déanta suas de Bhord Ervia, POF Ervia agus a chuid tuarascálacha díreacha.

*Glan ó athmhúirir ar ghnóthais neamhrialaithe.

E5 Oibleagáidí Leasa Scoir

Oibríonn an Grúpa scéim sochair sainithe agus scéim ranníocaíochta sainithe.

Scéim sochair sainithe

Oibríonn an Grúpa scéim pinsin sochair sainithe amháin in Éirinn atá maoinithe go seachtrach. Braitheann leibhéal na sochar ar fhad seirbhíse na mball agus ar a dtuarastal inphinsin nuair a imíonn siad ón scéim, i.e. scéim 'tuarastail deireanaigh'. Is gnách go gcuirtear méaduithe ar phinsin ar fáil ar bhonn roghnach agus sprioc fhadtéarmach um boilsciú praghsanna i gceist.

Is é an Bord Iontaobhaithe ar a bhfuil ionadaithe baill agus fostóra a riarann an scéim sochair sainithe. Tá an Bord Iontaobhaithe freagrach as an scéim a bhainistiú agus a rialáil, rud a chuimsíonn cloí leis na dlíthe agus na rialacháin ábhartha go léir. Coimeádtar sócmhainní na scéime ar leithligh ó shócmhainní an Ghrúpa i gcistí arna riar ag iontaobhaithe.. Tá an scéim faoi réir luachálacha achtúireacha gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh an luacháil ba dheireanaí ar an scéim ranníocaíochta sainithe ag achtúire cáilithe ar an 1 Iúil 2014. Tá an chéad luacháil achtúireach eile dlite agus dáta éifeachtach an 1 Aibreán 2017 i gceist.

Leis an scéim nochtar an Grúpa do roinnt rioscaí, seo a leanas na cinn is suntasaí:

Riosca úis

Déantar dliteanais an scéim pinsin a mheas agus úsáid á baint as torthaí margaidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán chun na dliteanais a lascaíniú. Toisc go bhfuil sócmhainní eile ar nós gnáthscaireanna i seilbh an scéim pinsin d'fhéadfadh nach ngluaisfeadh luach sócmhainní agus dliteanas ar an gcaoi chéanna.

Riosca infheistíochta

Is ionann an glaneasnamh arna aithint i gclár comhardaithe an Ghrúpa luach reatha an oibleagáid sochair sainithe lúide luach cóir shócmhainní na scéimeanna. Má tá an toradh iarbhir ar shócmhainní na scéime níos lú ná an ráta lascaine, cruthófar easnamh scéime. Faoi láthair tá an scéim infheistithe i bpunann réasúnta éagsúlaithe agus tá urrúis ghnáthscaire, ionstraimí fiachais, foraoiseacht agus aicmí infheistíochta oiriúnacha eile ina seilbh. Mar gheall ar nádúr fadtéarmach dhliteanais na scéimeanna, measann iontaobhaithe na scéimeanna gur cuí cion réasúnta de shócmhainní na scéime a infheistiú i bpunann éagsúlaithe d'urrúis ghnáthscaire agus i sócmhainní eile a iarrann toradh chun an toradh arna ghiniúint ag an gciste a ghiaráil. Déanann comhairleoirí ar infheistíocht sheachtrach athbhreithnithe infheistíochta go rialta chun an straitéis infheistíochta is oiriúnaí a shocrú agus luachálacha sócmhainne, nádúr agus fad dliteanas agus riachtanais chistithe á dtógáil san áireamh.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

E5 Oibleagáidí Leasa Scoir

(ar lean)

Riosca fadsaolaí

Déantar luach reatha an oibleagáidí sochair sainithe a ríomh trí fhéachaint chuig an meastachán is fearr ar mhortlaíocht rannpháirtithe na scéime. Dá dtiocfadh méadú ar ionchas saoil na rannpháirtithe scéime méadófaí an oibleagáidí sochair sainithe.

Riosca tuarastail

Déantar luach reatha an oibleagáidí sochair sainithe a ríomh trí fhéachaint chuig tuarastail na rannpháirtithe scéime sa todhchaí. Dá bharr sin, mhéadófaí dliteanas na scéime i gcás méadaithe ar thuarastal sa bhreise ar thiomhde an achtúire.

Riosca boilsicthe

Ní ráthaítear méaduithe pinsin ar íocaíocht agus is ar bhonn roghnach a dheonaítear iad. Meastar má dheonaítear méaduithe pinsin amach anseo go mbeidh siad ar aon dul le boilsciú praghsanna. Dá bharr sin, dá mbeadh boilsciú ní b'airde ná an méid a ndearnadh talamh slán de i dtiomhdí an achtúire, mhéadófaí dliteanas na scéime. Tá cion de shócmhainní na scéime infheistithe in urrúis atá nasctha le boilsciú chun an riosca sin a mhaolú.

Rioscaí eile

D'fhéadfadh go dtiocfadh caighdeán níos airde um chistiú áitiúil chun cinn mar thoradh ar ghníomhartha arna nglacadh ag an rialaitheoir áitiúil, agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ábhartha acu ar an gcostas as cistiú.

Anailís ar shócmhainní an phlean agus an glandliteanas pinsin arna aithint ar an gclár comhardaithe

	2016 €'000	%	2015 €'000	%
Infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha:				
Gnáthscaireanna	178,708	44.3%	156,261	42.3%
- margaí forbartha	160,733		140,558	
- margaí ag teacht chun cinn	17,975		15,703	
Bannaí	191,214	47.4%	178,794	48.4%
- Fiachas an Rialtais	174,699		163,498	
- Fiachas nach fiachas rialtais é	16,515		15,296	
Cistí infheistíochta	25,661	6.4%	26,622	7.2%
Airgead tirim	-	0.0%	131	0.0%
Infheistíochtaí neamhluaithe:				
Réadmhaoin/foraoiseacht	4,727	1.2%	4,724	1.3%
Gnáthscaireanna príobháideacha/caipiteal fiontair	3,033	0.8%	2,616	0.7%
Luach cóir iomlán shócmhainní an phlean ar an 31 Nollaig	403,343	100.0%	369,148	100.0%
Oibleagáidí sochair sainithe	(532,628)		(420,491)	
Glandliteanas pinsin ar an 31 Nollaig	(129,285)		(51,343)	

Anailís ar mhéideanna arna n-aithint sa ráiteas ioncaim i dtaobh an scéim pinsin sochair sainithe

	2016 €'000	2015 €'000
Costas reatha seirbhíse	(11,112)	(13,119)
Glanús ar an glandliteanas sochair sainithe	(1,247)	(1,750)
Speansais riaracháin	(272)	(272)
Costas iomlán pinsin arna aithint sa ráiteas ioncaim	(12,631)	(15,141)

E5 Oibleagáidí Leasa Scoir

(ar lean)

Anailís ar mhéid arna mhuirearú ar sholáthairtí

	2016 €'000	2015 €'000
Costas reatha seirbhíse	(660)	(1,064)
Méid arna mhuirearú ar sholáthairtí	(660)	(1,064)

Atomhais arna n-aithint in ioncam cuimsitheach eile

	2016 €'000	2015 €'000
Toradh ar shócmhainní plean gan ioncam úis san áireamh	25,387	(1,846)
Gnóthachain taithí ar dhliteanais	7,936	215
Éifeachtaí na n-athruithe ar thiomhdí airgeadais	(105,009)	44,389
Iomlán an (chailteanas)/ghnóthachan pinsin aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	(71,686)	42,758

Gluaiseacht i luach cóir sócmhainní

	2016 €'000	2015 €'000
Luach cóir oscailte shócmhainní an phlean	369,148	364,599
Ioncam úis ar shócmhainní plean	9,952	8,008
Toradh ar shócmhainní plean (gan ioncam úis san áireamh)	25,387	(1,846)
Ranníocaíochtaí ag fostóirí	7,871	7,370
Ranníocaíochtaí a rinne na baill	2,680	2,715
Speansais riaracháin	(272)	(272)
Sochair a íocadh	(11,423)	(11,426)
Luach cóir deiridh shócmhainní an phlean	403,343	369,148

Gluaiseacht i luach reatha an oibleagáid sochair sainithe

	2016 €'000	2015 €'000
Oibleagáid sochair sainithe oscailte	(420,491)	(449,376)
Costais seirbhíse	(12,608)	(14,672)
Costas úis	(11,199)	(9,758)
Ranníocaíochtaí a rinne na baill	(2,680)	(2,715)
Sochair a íocadh	11,423	11,426
(Cailteanas)/gnóthachan achtúireach	(97,073)	44,604
Oibleagáid sochair sainithe deiridh	(532,628)	(420,491)

Ba é meánfhad ualaithe an oibleagáid sochair sainithe ar an 31 Nollaig 2016 ná tuairim is 22 bhliain (2015: 20 bliain). Measann an Grúpa go ranníocfaidh siad €8.7 milliún lena bplean pinsin i 2017.

Seo a leanas na príomhthiomhdí achtúireacha a úsáideadh:

	2016	2015
Ráta lascaine	1.80%	2.7%
Toimhde maidir le boilsciú	1.65%	1.5%
Ráta an mhéadaithe ar thuarastail	2.15%	2.0%
Ráta méadaithe ar íocaíocht pinsin	1.65%	1.5%

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

E5 Oibleagáidí Leasa Scoir

(ar lean)

Seo a leanas an meánionchas saoil don todhchaí a tógadh san áireamh sa luacháil, bunaithe ar dhul ar scor ag 65 bliana d'aois, le haghaidh fostaithe atá ar scor faoi láthair agus a rachaidh ar scor amach anseo:

	2016	2015
Ag dul ar scor inniu		
Fir	22.0	21.9
Mná	24.6	24.5
Dul ar scor in 25 bliain		
Fir	25.1	24.9
Mná	27.2	27.1

Anailís leochaileachta le haghaidh príomhbhoinn tuisceana a úsáidtear chun dliteanais scéime a thomhas

Tá éiginnteachtaí nádúrtha ag baint leis na toimhdí airgeadais agus déimeagrafacha arna nglacadh agus an luach achtúireach á ríomh um oibleagáidí sochair sainithe an Ghrúpa. Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar an tionchar measta ar dhliteanais na scéime de thoradh athruithe ar phríomhthoimhdí achtúireachta, agus na toimhdí eile go léir coimeáda mar an gcéanna i gcónaí.

Bonn tuisceana	Athrú ar thiomhde	Ús ar dhliteanais na scéimeanna
Ráta lascaine	Méadú/laghdú ag 0.25%	Laghdú ag 5.3%/méadú ag 5.7%
Boilsciú praghsanna	Méadú/laghdú ag 0.25%	Méadú ag 5.7%/laghdú ag 5.3%
Tuarastal	Méadú/laghdú ag 0.25%	Méadú ag 2.3%/laghdú ag 2.2%
Mortlaíocht	Méadú/laghdú ag aon bhliain amháin	Méadú ag 2.9%/laghdú ag 2.9%

Scéim ranníocaíochta sainithe

Roimh mhí na Nollag 2016, d'oibrigh an Grúpa Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta le haghaidh gach fostaí a cháiligh dó. Tugadh cuntas ina leith siúd mar scéim pinsin ranníocaíochta sainithe i gcomhréir le polasaí cuntasíochta an Ghrúpa dó sin. I gcomhréir le forálacha Acht na bPinsean 1990 (mar atá leasaithe), cheap Ervia soláthraithe Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (CCSP). I rith 2016 bunaíodh Scéim Ranníocaíochta Sainithe Ervia, agus cuireadh tús leis i mí na Nollag 2016. Ón dáta sin ar aghaidh níor éascaíodh a thuilleadh na CCSPanna.

I rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016, ranníoc Ervia €0.8 milliún (2015: €0.6 milliún), i dtaobh CCSPanna/Scéim Ranníocaíochta Sainithe Ervia, thar ceann a chuid fostaithe, a rinneadh a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim.

E6 Suimeanna Iníoctha Trádála agus Eile

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Suimeanna iníoctha trádála	(12,597)	(13,641)
Fabhruithe	(74,934)	(88,752)
Nótaí gealltanais (nóta F7)	(15,875)	(26,993)
Íocaíochtaí Eile	(63,984)	(38,293)
Creidiúnaithe cánachais agus árachais sóisialta ¹	(16,394)	(12,373)
Iomlán	(183,784)	(180,052)

Anailísithe mar seo a leanas:

Neamh-Reatha	(13,987)	(24,803)
Reatha	(169,797)	(155,249)
Iomlán	(183,784)	(180,052)

1 Creidiúnaithe cánachais agus árachais sóisialta

ÍMAT/ÁSPC/árachas sóisialta	(1,643)	(1,874)
CBL	(14,751)	(10,499)
Iomlán	(16,394)	(12,373)

E7 Soláthairtí agus Teagmhasachtaí

Soláthair

	Athstruchtúrú €'000	Timpeallachta €'000	Éilimh fhéinárachaithe €'000	Iomlán €'000
Ar an 1 Eanáir 2016	(2,925)	(7,530)	(8,372)	(18,827)
Muirear maoinithe	(48)	(121)	-	(169)
Soláthairtí déanta i rith na bliana	-	-	(1,410)	(1,410)
Soláthairtí úsáidte i rith na bliana	255	1,090	1,967	3,312
Ar an 31 Nollaig 2016	(2,718)	(6,561)	(7,815)	(17,094)

Anailísithe mar seo a leanas:

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Neamh-Reatha	(12,608)	(14,408)
Reatha	(4,486)	(4,419)
Iomlán	(17,094)	(18,827)

Athstruchtúrú

I rith 2013, d'fhógair an Grúpa clár deonach scarúna agus luathscoir le haghaidh fostaithe a chomhlíon critéir cháilitheacha áirithe. Aithníodh na sochair fhoirceanta i dtaobh na scéime i ráiteas ioncaim 2013 mar mhír eisceachtúil. Meastar go mbeidh an chuid is mó de na dliteanais sin glanta faoi 2017.

Timpeallachta

Cuimsítear sa soláthar dheireadh bliana meastachán cuí ar an gcostas as dí-éilliú láithreán oidhreacht Oibreacha Gáis, oibleagáidí as leasú láithreán agus costais le tabhú agus rialacháin chomhshaoil chomh maith le hoibleagáidí inchiallaithe á gcomhlíonadh. Meastar go mbeidh an chuid is mó de na dliteanais sin glanta faoi 2018.

Éilimh fhéinárachaithe

Tá an Grúpa féinárachaithe i dtaobh éileamh áirithe as díobháil agus dochar. Déantar an soláthar dheireadh bliana le haghaidh na gcostas measta as teagmhais a tharla suas go dtí an 31 Nollaig 2016. Déantar íocaíochtaí de réir mar a shocraítear cásanna. Cuimsítear an muirear sa ráiteas ioncaim faoi chostais oibriúcháin. Mar gheall ar nádúr na n-éileamh sin níltear cinnte faoi dháta um shocrú ach measann an Grúpa go mbeidh an chuid is mó d'éilimh socraithe faoi 2018.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

E7 Soláthairtí agus Teagmhasachtaí

(ar lean)

Teagmhasachtaí

Tá dliteanais teagmhasacha i dtaobh dheontais rialtais nochta i nóta B2.

I ngnáthchúrsa a chuid gnó, téann an Grúpa i mbun gealltanais agus áirithe chun tríú páirtithe i dtaobh oibleagáidí le comhlíonadh faoi shocruithe conarthacha. Déantar oibleagáidí chun tríú páirtithe a ráthú trí litreacha creidmheasa nó trí bhannaí feidhmíochta arna n-eisiúint ag institiúidí airgeadais. Ar an 31 Nollaig 2016, chuir an Grúpa €1.4 milliún (2015: €3.6 milliún) ar fáil mar ráthaíochtaí ag institiúidí airgeadais do thríú páirtithe. Ba é luach cóir na ráthaíochtaí ná €nialas milliún ar an 31 Nollaig 2016 (2015: €nialas).

E8 Gealltanais Léasanna Oibriúcháin

Tá na léasaí oibriúcháin seo a leanas iníoctha ag an nGrúpa agus is gnách go mbaineann siad le ligean ar cíos talún agus foirgneamh. Níl aon srianta suntasacha ná neamhghnácha gearrtha ag téarmaí na léasaí oibriúcháin. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Níos lú ná aon bhliain amháin	(880)	(872)
Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana	(1,258)	(2,036)
Níos mó ná cúig bliana	(110)	(149)
Iomlán	(2,248)	(3,057)

Ba iad na méideanna a cuireadh san áireamh sa ráiteas ioncaim i dtaobh shocruithe léasa um thalamh agus fhoirgnimh ná €0.9 milliún (2015: €0.9 milliún).

E9 Taiscí Srianta

Cuimsítear i méideanna srianta méideanna arna gcoimeád i dtaobh shocruithe tacaíochta creidmheasa agus taiscí slándála a bhaineann leis an líonra gáis.

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Reatha	43,866	35,022
Iomlán	43,866	35,022

F. Nochtuithe eile

F1 Airgead arna Ghiniúint ó Oibríochtaí

	Nótaí	2016 €'000	2015 €'000
Sreabhadh airgeadais ó ghníomhaíochtaí oibríochta			
Brabús don bhliain		102,666	116,539
Coigeartuithe le haghaidh:			
Dímheas agus amúchadh	B4	127,579	124,770
Costais Ghilana Airgeadais	C4	74,592	45,912
Costas as sochair scoir		5,009	7,574
Costais cáin ioncaim	F3	18,170	19,746
		328,016	314,541
Athruithe ar chaipiteal oibre:			
Athrú ar fhardail		(861)	35
Athruithe ar infháltais trádála agus eile		(9,971)	6,052
Athruithe ar iníocthaigh trádála agus eile		10,687	6,382
Athrú ar ioncam iarchurtha		786	(2,733)
Athrú ar sholáthairtí		(1,902)	268
Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		326,755	324,545
Ús íoctha		(42,608)	(37,610)
Cáin ioncaim a íocadh		(6,545)	(24,037)
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		277,602	262,898

F2 Faisnéis Rannóige

I rith 2015, d'aistrigh an Mháthairchuideachta a chuid fiachas go léir chuig a fochomhlacht nuachorpraithe, Líonraí Gáis Éireann. Dá bharr sin, níl an Grúpa laistigh de raon feidhme IFRS 8 Deighleoga Oibriúcháin, ach roghnaigh sé an fhaisnéis rannóige seo a leanas a chur i láthair.

Rannóg	Ionad geografach	Cur síos ar tháirgí agus sheirbhísí
Líonraí Gáis Éireann	Éire agus an RA	Forbraíonn, oibríonn agus cothabhálann gnó Líonraí Gáis Éireann na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann siad seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Freisin oibríonn an Grúpa agus tá siad ina n-úinéirí ar an dá phíblíne Idirnascaire gáis idir Albain agus Éire agus tá sócmhainní bonneagair líonra acu i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha a thagann ioncaim an Ghrúpa.
Máthairchuideachta Ervia	Éire	Cuimsíonn oibríochtaí Máthairchuideachta Ervia réimsí nach dtagann laistigh de rannóg gnó Líonraí Gáis Éireann, a bhfuil ina measc; <ul style="list-style-type: none"> ▶ Seirbhísí Roinnte, a chuireann seirbhísí tacaíochta idirbhiort ar fáil don Ghrúpa sna réimsí Airgeadas, Cuntais Iníoctha, Soláthar, Párolla, Acmhainní Daonna, Saoráidí agus tacaíocht TF, ▶ Ionad Grúpa atá déanta suas d'oifig Phríomhfheidhmeannach an Ghrúpa, Airgeadas Grúpa, AD Grúpa, Cúrsaí Dlí, Straitéis agus Rialáil Tráchtála, agus ▶ Tionscadail Mhóra, lárionad feabhais chun príomhthionscadail straitéiseacha um bonneagar gáis agus uisce a chur i gcrích. <p>Déantar costais i dtaobh Ervia a athmhúirearú ar rannóga gnó Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann. Tá costais oibriúcháin na rannóige seo leagtha amach thíos glan ó na hathmhúirir agus is é atá iontu go príomha ná costais phinsin nach costais airgid thirim iad.</p>

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

F2 Faisnéis Rannóige

(ar lean)

I gcomhréir le IFRS 10, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa (mar a mhínítear i nóta F7). Dá bharr sin, níl Uisce Éireann cuimsithe sa nóta sin.

	Líonraí Gáis Éireann 2016 €'000	Máthairchuideachta Ervia 2016 €'000	Comhdhlúthú agus díothú 2016 €'000	lomlán 2016 €'000	Líonraí Gáis Éireann 2015 €'000	Máthairchuideachta Ervia* 2015 €'000	Comhdhlúthú agus díothú 2015 €'000	lomlán 2015 €'000
Ioncam	497,718	-	-	497,718	490,967	2,448	(2,307)	491,108
Costais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh)	(170,912)	(3,940)	141	(174,711)	(178,547)	(7,901)	2,307	(184,141)
Brabús/(cailteanas) oibriúcháin roimh amúchadh agus dhímheas (EBITDA)	326,806	(3,940)	141	323,007	312,420	(5,453)	-	306,967
Dímheas agus amúchadh	(127,196)	(383)	-	(127,579)	(124,192)	(578)	-	(124,770)
Brabús/(cailteanas) oibriúcháin	199,610	(4,323)	141	195,428	188,228	(6,031)	-	182,197

(a) Ioncam

Seo a leanas an t-ioncam seachtrach agus é roinnte de réir ionaid gheografaigh:

	2016 €'000	2015 €'000
Éire	456,872	451,780
An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh)	40,846	39,328
lomlán	497,718	491,108

Ní bhraitheann an Grúpa ar aon chustaiméirí seachtracha móra.

(b) Caiteachas Caipitiúil

	Breiseanna caipitil le réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta B1)		Breiseanna caipitil le sócmhainní doláimhsithe (nóta B3)	
	2016 €'000	2015 €'000	2016 €'000	2015 €'000
Líonraí Gáis Éireann	116,399	98,204	8,476	5,996
Máthairchuideachta Ervia	-	4,509	-	33
lomlán	116,399	102,713	8,476	6,029

(c) Sócmhainní neamhreacha de réir ionaid gheografaigh

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Éire	2,228,514	2,259,720
An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh)	317,696	323,763
lomlán	2,546,210	2,583,483

Cuimsíonn sócmhainní neamhreacha don chuspóir sin réadmhaoin, fearas, trealamh, sócmhainní doláimhsithe agus infháltais trádála agus eile. Tá ionstraimí airgeadais díorthacha agus sócmhainní cánach iarchurtha eisiata.

*Tá Gaslink, an t-oibreoir córais neamhspleách don líonra dáileacháin agus tarchurtha gáis nádúrtha a d'éirigh as trádáil ar an 1 Lúnasa 2015 curtha san áireamh i dtorthaí 2015 de chuid Máthairchuideachta Ervia. Cuimsíonn torthaí 2015 Máthairchuideachta Ervia, mar atá léirithe i Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta na torthaí ábhartha de chuid ghnó líonraí na Máthairchuideachta roimh an 1 Lúnasa 2015. Féach ar nóta G5 le haghaidh níos mó sonraí.

F3 Cáin

	2016 €'000	2015 €'000
Speansas reatha cánach		
Cáin reatha	(16,220)	(27,940)
Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo	2,589	(88)
	(13,631)	(28,028)
Speansas cánach iarchurtha		
Údarú agus freaschur difríochtaí sealadacha	(3,193)	8,662
Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo	(1,346)	(380)
	(4,539)	8,282
Iomlán an speansas cáinoncaim	(18,170)	(19,746)
An ráta cánach éifeachtach a idir-réiteach		
	2016 €'000	2015 €'000
Brabús roimh cháin	120,836	136,285
Cáin gearrtha ag 12.5% (2015: 12.5%)	(15,105)	(17,036)
Speansais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach	(4,515)	(2,113)
Éifeacht cánach na gcaillteanas breise ar aghaidh/na ndliteanas breise dlite	-	621
Athmheasúnú ar iarmhéideanna cánach iarchurtha	-	260
Ioncam nach bhfuil inchánach	496	496
Brabúis ar gearradh cáin orthu ag rátaí níos airde	(3,115)	(2,097)
Éifeacht an athraithe ar an ráta cánach	1,523	-
Coigeartú malartaithe	1,303	591
Coigeartuithe ar an muirear cánach i dtaobh na mblianta roimhe	1,243	(468)
Iomlán an speansas cáinoncaim	(18,170)	(19,746)

Féach ar ráiteas an Ghrúpa faoi ioncam cuimsitheach eile ina bhfuil sonraí faoi na tionchair chánach.

Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Sócmhainní cánach reatha	-	2,520
Dlíteanais chánach reatha	(711)	-

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

F3 Cáin

(ar lean)

Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

	Oibleagáid leasa scoir €'000	Caillteanais chánach ar aghaidh €'000	Ionstraimí Airgeadais Díorthacha €'000	Réadmhaoin, gléasra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe €'000	Ús €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
Ar an 1 Eanáir 2015	10,597	2,985	1,253	(208,795)	(5,168)	607	(198,521)
Aitheanta sa ráiteas ioncaim	1,166	(2,985)	-	7,662	2,571	(132)	8,282
Aitheanta i gcothromas	(5,345)	-	(930)	-	-	-	(6,275)
Coigeartú malartaithe	-	-	-	(1,170)	575	-	(595)
Ar an 31 Nollaig 2015	6,418	-	323	(202,303)	(2,022)	475	(197,109)
Aitheanta sa ráiteas ioncaim	782	-	-	(5,831)	615	(105)	(4,539)
Aitheanta i gcothromas	8,961	-	(250)	-	-	-	8,711
Aistriú chuig cáin reatha	-	-	-	(3,662)	-	-	(3,662)
Coigeartú malartaithe	-	-	-	3,287	(1,236)	-	2,051
Ar an 31 Nollaig 2016	16,161	-	73	(208,509)	(2,643)	370	(194,548)

Níor aithníodh na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas sa chlár comhardaithe toisc nach dócha go ndéanfar iad a aisghabháil go ceann i bhfad. Níl aon dáta éaga maidir le cathain is féidir sócmhainní cánach a úsáid.

	2016 €'000	2015 €'000
Caillteanais chaipitil	3,600	3,300
Caillteanais ar aghaidh	108	125
Soláthair	55	55

F4 Páirtithe Gaolmhara

		Ioncam/(speansas) luach idirbhirt		Iarmhéid ar dháta an tuairiscithe infhaighte/ (iníochta)	
		2016 €'000	2015 €'000	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Uisce Éireann	(iv)				
lasacht fostaithe	(iv) (a)	844	4,236		
Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta	(iv) (b)	34,699	32,689		
		35,543	36,925	29,059	21,672

(i) Máthairghnóthas deiridh

Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976. Tá Stát na hÉireann ina úinéir tairbhiúil 100% ar Stát na hÉireann.

(ii) Comhlachtaí urraithe ag an Rialtas

Cosúil le go leor einteachas eile, déileálann an Grúpa i ngnáthchúrsa a ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, ar nós an Bord Soláthair Leictreachais, Eirgrid agus Údarás Áitiúla.

(iii) Bainc faoi úinéireacht Stát na hÉireann

I ngnáthchúrsa a ghnó, déanann an Grúpa idirbhirt le bainc Éireannacha áirithe atá rialaithe go hiomlán nó i bpáirt ag Rialtas na hÉireann. Is de réir gnáth-thearmaí tráchtála a dhéantar idirbhirt go léir an Ghrúpa leis na bainc sin. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an nGrúpa le haon bhanc den sórt sin i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2016.

(iv) Uisce Éireann

Meastar gur páirtí gaolmhar de chuid an Ghrúpa é Uisce Éireann, ar bhunús phátrún na bhfíricí atá leagtha amach i nóta F7.

(iv) (a) lasacht fostaithe

Déantar na costais a bhaineann leis na fostaithe sin a athmhúirearú go hUisce Éireann ar bhonn modha um ghnóthú iomlán costas agus ní thuilltear aon chorrlach.

(iv) (b) Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta

Cuireann an Grúpa seirbhísí sna réimsí straitéis, rialáil, bainistíocht riosca, bainistíocht sholáthar caipitil agus idirbhirt agus tacaíochta ar fáil d'Uisce Éireann trí Lárionad an Ghrúpa, réimsí na Mórthionscadal agus an tríd an Lárionad Seirbhísí Roinnte. Tá an Lárionad Seirbhísí Roinnte deartha chun seirbhísí idirbhirt agus tacaíochta a chur ar fáil sna réimsí Airgeadais, Soláthar, Saoráidí, AD agus TF. Ina theannta sin déantar Uisce Éireann a athmhúirearú as úsáid réadmhaoin an Ghrúpa.

Comhfhiontair

I ngnáthchúrsa a chuid gnó, déanann Uisce Éireann idirbhirt leis an nGrúpa i dtaobh a gcomhthionscadail fónais. Ní chuireann na cuideachtaí aon fhorchostas ná corrlaigh i bhfeidhm, agus mar sin déantar costais arna dtabhú a athmhúirearú go díreach. Tá iarmhéideanna amuigh i dtaobh na n-idirbheart sin curtha san áireamh sa tábla thuas.

Costais phinsean

Oibríonn an Grúpa scéim pinsin sochair sainithe. Glacann roinnt fostaithe de chuid Uisce Éireann páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar an bPlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Aithníonn an Máthairchuideachta, mar an bhfostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair sainithe, agus ní aithníonn Uisce Éireann ach an costas as ranníocaíochtaí iníochta don bhliain i dtaobh fostaithe Uisce Éireann. Cuimsíonn costais seirbhíse reatha an Ghrúpa le haghaidh 2016 (mar atá leagtha amach i nóta E5) ná €0.8 milliún (2015: €0.5 milliún) atá comhionann le ranníocaíochtaí iníochta don bhliain i dtaobh fostaithe Uisce Éireann. Níl na costais sin cuimsithe i gcostais phárolla an Ghrúpa.

(v) Leasanna chomhaltaí boird

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag baill an Bhoird ag aon uair i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2016. Tá an Rúnaí ina thairbhí de chuid an Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe.

(vi) Gnóthais fhochohlachta agus comhfhiontair

I ráitis airgeadais an Ghrúpa déantar comhdhlúthú ar thorthaí na Máthairchuideachta agus a cuid fochomhlachtaí agus cuimsítear torthaí a sciar de chomhfhiontair a chuimsiú mar doiciméadaithe sna polasaithe cuntasáíochta. Tá liosta de na fochomhlachtaí agus na comhfhiontair curtha ar fáil i nóta F7. Téitear i mbun idirbheart le páirtithe gaolmhara i ngnáthchúrsa an ghnó. Déantar díolacháin chuig agus ó, i dteannta le hiníochtaigh agus infháiltais amuigh chuig agus ó fhochohlachtaí, a dhíbirt agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú, i gcomhréir le IFRS 10.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

F5 Díbhinní

Díbhinní fógartha

	2016 €'000	2015 €'000
Chuig an Státhchiste	134,659	133,157
Iomlán	134,659	133,157

Díbhinn íoctha

	2016 €'000	2015 €'000
Díbhinn bliantúil 2014 íoctha leis an Státhchiste	-	17,876
Díbhinn bliantúil 2015 íoctha leis an Státhchiste	-	33,157
Díbhinn bliantúil 2016 íoctha leis an Státhchiste	34,659	-
Díbhinn speisialta ar dhíolachán an ghnó Fuinnimh íoctha leis an Státhchiste	100,000	100,000
Iomlán	134,659	151,033

Íocadh díbhinn €134.7 milliún (2015: €151.0 milliún) leis an Státhchiste i rith na bliana. Bíonn díbhinní bliantúla bunaithe ar 30% de bhrabús na bliana roimhe sin roimh mhíreanna eisceachtúla. I ndíbhinn 2016 a íocadh cuimsítear íocaíocht díbhinne speisialta breise de €100.0 milliún tar éis gur díoladh an fuinneamh Gnó.

Ní raibh aon díbhinn iníoctha le hlontaobhas Scair-Úinéireacht Fostaithe (ISUF) Ervia mar thoradh ar chealú chearta an stoic chaipitil a bhí i seilbh Iontaobhas Scair-Úinéireacht Fostaithe Ervia roimhe sin.

F6 Fardal

	31-Noll-16 €'000	31-Noll-15 €'000
Stoc gáis agus ábhair innealtóireachta	2,406	1,545

I 2016 ba é méid iomlán na bhfardal a aithníodh sa ráiteas ioncaim ná €1.1 milliún (2015: €1.3 milliún). Níor díscríobhadh aon fhardail chuig glanluach inréadaithe i 2016 (2015: €nialas).

F7 Fochomhlachtaí agus Comhfhiontair

Ar an 31 Nollaig 2016 bhí na fochomhlachtaí agus na comhfhiontair seo a leanas ag an nGrúpa:

An chuideachta	Nádúr an Ghnó	Sciar an Ghrúpa
1 Sudanor Limited	Nach bhfuil ag Trádáil	100%
2 Aurora Telecom DAC	Nach bhfuil ag Trádáil	100%
3 Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC	Tarchur Gáis	100%
4 Natural Gas Finance Limited	Nach bhfuil ag Trádáil	100%
5 Ervia Finance Cuideachta Theoranta Phoiblí	Nach bhfuil ag Trádáil	100%
6 Conservation Engineering Limited	Nach bhfuil ag Trádáil	100%
7 Platin Power Trading Limited	Nach bhfuil ag Trádáil	100%
8 Ervia Energy Trading Limited	Nach bhfuil ag Trádáil	100%
9 Ervia Holdings Limited	Nach bhfuil ag Trádáil	100%
10 Oisín Power Generation Limited	Nach bhfuil ag Trádáil	50% féach (c) thíos
11 GNI (UK) Limited	Tarchur Gáis	100%
12 Líonraí Gáis Éireann	Tarchur Gáis	100%
13 Gaslink Independent System Operator DAC	Nach bhfuil ag Trádáil	100%
Gnóthas neamhrialaithe		
14 Ervia ESOP Trustee DAC	Iontaobhaí don Phlean Scair-Úinéireacht Fostaithe	féach (a) thíos
15 Uisce Éireann	Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce	féach (b) thíos
Is í oifig chláráithe 1 go 3 agus 12 go 14 ná:	Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire.	
Is í oifig chláráithe 4 go 10 ná:	Webworks, Sráid Eglinton, Corcaigh, Éire.	
Is í oifig chláráithe 11 ná:	6 St. Andrew Street, 5ú hUrlár, Londain, EC4A 3AE, Ríocht Aontaithe.	
Is í oifig chláráithe 15 ná:	Teach Colvill, 24/26 Sráid Thalbóid, Baile Átha Cliath 1, Éire.	

(a) Ervia ESOP Trustee DAC a chorprú mar iontaobhaí de chuid Iontaobhas Scair-Úinéireacht Fostaithe Ervia agus de chuid Scéim Roinnte Brabúis Faofa Ervia. Níl sé de chumas ná de cheart ag an nGrúpa sócmhainní na lucht bainistíochta an ghrúpa a rialú. Déanann stiúrthóir gairmiúil neamhspleách cathaoirleacht ar an mBord Stiúrthóirí, tá ceathrar stiúrthóirí mar ionadaithe ar fhostaithe Ervia agus ceapann Ervia beirt stiúrthóirí. I gcomhréir le IFRS 10, níl ráitis airgeadais Ervia ESOP Trustee DAC comhdhlúite le torthaí an Ghrúpa.

Tagadh ar chomhaontú i Márta 2014 maidir le ceannach amach an 3.27% de stoc caipitil Ervia a bhí á choimeád ag an Iontaobhaí thar ceann thairbhíthe ESOP. Sa chomhaontú rinneadh soláthar do shealbhú an stoic chaipitil go léir arna eisiúint go ESOT Ervia mar mhalairt ar nótaí gealltanais arna n-eisiúint ag Ervia le fuascailt le linn na tréimhse 2014 go 2018. Ní iompraíonn na nótaí gealltanais cúpón agus iad á n-eisiúint. Féach ar nóta E6.

(b) Ar an 31 Nollaig 2016, bhí aon scair vótála amháin ag an nGrúpa in Uisce Éireann, agus gan aon chearta eacnamaíochta inchurtha i leith na scaire sin. Bhí 55 scair Chearta Eacnamaíoch Uisce (CEE) in aghaidh an duine ag an Aire Airgeadais agus an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil nach raibh aon chearta vótála ag gabháil leo ach a raibh na cearta eacnamaíochta go léir ag gabháil leo arbh ghlé leo chun go mbainfí leas as gníomhaíochtaí Uisce Éireann.

Sonraítear in IFRS 10 "tá infheisteoir i gceannas ar institiúid infheistiúcháin nuair a nochtar an t-infheisteoir do nó a bhfuil cearta acu chun, torthaí éagsúla óna bplé leis an institiúid infheistiúcháin agus nuair atá sé de chumas acu dul i bhfeidhm ar na torthaí sin trína gcumhacht thar an institiúid infheistiúcháin". Is ionann scair vótála amháin an Ghrúpa in Uisce Éireann cearta a bhí ann cheana féin ar an 31 Nollaig 2016 trína dtugtar cumhacht don Ghrúpa chun polasaithe airgeadais agus oibriúcháin Uisce Éireann a rialáil. Ós rud é nach féidir an chumhacht sin a úsáid chun torthaí éagsúla a bhaint amach, áfach, agus toisc nach bhfuil cearta ag an nGrúpa chun torthaí éagsúla Uisce Éireann ar an dáta sin, de réir mar a cheanglaítear ag IFRS 10, agus mar sin chun ceanglais IFRS a chomhlíonadh, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

(c) Ar an 31 Nollaig 2016, iompraíodh infheistíocht an Ghrúpa i gcomhfhiontair ag €nialas (2015: €nialas).

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

F8 Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

1 Bunús an Chomhdhlúthaithe

i. Fochuideachtaí

Is é atá i bhfochuideachtaí ná eintitis faoi smacht an Ghrúpa. Tá smacht i gceist nuair atá an Grúpa neamhchosanta ar, nó nuair a bhfuil cearta aige chun thorthaí inathraitheacha an eintitis de bharr na bainte atá aige leis agus go bhfuil sé de chumas aige dul i bhfeidhm ar na tuairisceáin sin trína chumhacht thar an eintiteas. Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí i ráitis airgeadais an Ghrúpa ón dáta ar a dtosaítear smacht go dtí an dáta ar a dtagann deireadh le smacht.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, cuirtear infheistiúcháin i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide aon mhuirir bhearnúcháin.

ii. Idirbhearta a chuirtear as an áireamh i ndiaidh chomhdhlúthaithe

Déantar iarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa agus ioncam/speansais neamhréadaithe ar bith ó idirbhearta inghrúpa a dhíchur in ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa. Déantar gnóthachain neamhréadaithe a thagann chun cinn ó idirbhearta le hinstiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a dhíbirt i gcoinne na hinfeistiúchta sa mhéid is atá leas ag an nGrúpa san instiúid infheistiúcháin. Déantar cailleanais neamhréadaithe a dhíbirt ar an gcaoi chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ag díreach sa mhéid is nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnú.

iii. Comhcheangail ghnó

Déantar cuntas ar chomhcheangail ghnó tríd an modh éadála amhail ar an dáta éadála, (.i. nuair a aistrítear rialú chuig an nGrúpa).

Déantar dea-thoil a thomhas ar an dáta éadála mar:

- ▶ luach cóir na comaoine arna haistriú, móide
- ▶ méid aitheanta aon leasanna neamhrialaitheacha san eintiteas arna fháil, móide
- ▶ má bhaintear amach an comhcheangal gnó i gcéimeanna, luach cóir leas reatha gnáthscaireanna an eintitis san eintiteas arna fháil, lúide
- ▶ glanmhéid aitheanta na sócmhainní inaitheanta arna bhfáil agus na ndliteanas arna nglacadh.

Nuair atá barrachas diúltach i gceist, aithnítear gnóthachan cheannach sladmhargaidh láithreach i mbrabús nó cailleanas.

Ní chuimsíonn an chomaoin aistrithe méideanna a bhaineann le socraíocht gaolmhaireachtaí a bhí ann cheana féin. Aithnítear méideanna den sórt sin sa bhrabús nó sa chailleanas. Cláraítear mar chaiteachas costais a bhaineann leis an éadail, seachas iad siúd a bhaineann le ceist na n-urrús fiachais nó gnáthscaire, a fhulaingíonn an Grúpa i ndáil leis an gcomhcheangal gnó de réir mar a fhulaingítear iad.

iv. Cailliúint rialaithe

Nuair a chailltear smacht, dí-aithníonn an Grúpa sócmhainní agus dliteanas na fochuideachta agus aon ghnéithe de ghnáthscaireanna a bhaineann leis an bhfochuideachta. Aithnítear i mbrabús nó cailleanas aon bharrachas nó easnamh a thagann chun cinn nuair a chailltear smacht. Aithnítear mar luach cóir aon chomaoin theagmhasach infhála mar chuid d'idirbheart díolacháin nó de dhiúscairt ar an dáta nuair a thugtar an díolachán chun críche. Aithneofar athruithe ina dhiaidh sin ar luach cóir na comaoine teagmhasaí i gcomhréir le IAS 39 i mbrabús nó cailleanas.

2 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

i. Aithint

Déantar réadmhaoin, fearas agus gléasra a thomhas ag costas lúide dímheas carntha agus cailleanais bhearnúcháin fhabhráithe air sin. Cuimsítear i gcostais costais díreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostais), costais díchoimisiúnaithe nó athchóirithe agus ús arna thabhu chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a thógann tógáil tréimhse ama nach beag le críochnú.

Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, fearas agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

F8 Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

(ar lean)

ii. Dímhneas

Déantar dímhneas ar mhíreanna réadmhaoine, fearais agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil le húsáid.

Ríomhtar an muirear as dímhneas go príomha chun costas na réadmhaoine, an fhearais agus an trealaimh a dhíscríobh, lúide costas iarmharach measta, ar bhonn líne díri thar a saol úsáideach measta. Déantar dímhneas ar shócmhainní léasaithe thar théarma an léasa nó a saol úsáideach, cibé acu is giorra. Is iad na haicmithe móra sócmhainne agus a saol úsáideach measta ná:

- ▶ Foirgnimh: 40 bliain
- ▶ Fearas, píblíne agus innealra: 3-60 bliain

Ní ghearrtar dímhneas ar thalamh ná sócmhainní arna dtógáil.

Déantar an modh dímhneas, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

iii. Caiteachais ina dhiaidh sin

Aithnítear caiteachas ina dhiaidh sin, mar shampla, an costas as cuid nó mír réadmhaoine, fearais agus trealaimh a athsholáthar, i luach tugtha anonn na míre más dócha go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíochta a bheidh ag baint leis an mír sa todhchaí chuig an nGrúpa, agus más féidir a costas a thomhas go hiontaofa. Déantar luach tugtha anonn na coda athsholáthraithe a dhí-aithint. Aithnítear na costais as seirbhísíú laethúil ar réadmhaoin, fhearas agus threalamh sa bhrabús nó cailleanas de réir mar a aithnítear iad.

iv. Costais iasachta

Déantar costais iasachta a chaipitliú mar chostas sócmhainne má tá siad inchurtha go díreach i leith éadail, thógáil nó tháirgeadh sócmhainne cáilithe. Is é atá i sócmhainn cháilitheach ná sócmhainn ar gá tréimhse shubstaintiúil ama a chaitheamh chun é a ullmhú dá n-úsáid bheartaithe nó le haghaidh díolacháin. Tagann deireadh le caipitliú úis nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó áit ar cuireadh isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fada ama.

Aithnítear gach costas iasachta eile i mbrabús nó cailleanas sa bhliain ina bhfulaingtítear iad.

3 Sócmhainní doláimhsithe

i. Bogearraí agus bogearraí arna bhforbairt

Cuimsíonn costais as bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go himheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go himheánach a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá rialaithe ag an nGrúpa. Aithnítear na costais sin mar shócmhainní doláimhsithe má mheastar gur dócháil go mbeidh tairbhí eacnamaíochta ag baint leis na táirgí sin a sháróidh na costais. Ní dhéantar na costais sin a chaipitliú ach má chomhlíontar na critéir atá leagtha amach in IAS 38. Cuimsíonn an caiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá n-úsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire faighte a chaipitliú ar bhonn na gcostas arna dtabhú chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu.

ii. Taighde agus forbairt

Déantar caiteachas taighde agus forbartha a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim mar chaiteachas fulaingthe, ach amháin caiteachas áirithe forbartha a dhéantar a chaipitliú laistigh de shócmhainní doláimhsithe nuair a chomhlíontar na critéir atá leagtha amach in IAS 38 Sócmhainní Doláimhsithe.

iii. Dea-mhéin

Cuirtear dea-mhéin a thagann chun cinn ar éadail fochuideachtaí laistigh de shócmhainní doláimhsithe. Féach ar pholasaí cuntasaíochta 1 (iii) don tomhas ar dhea-mhéin ag an aithint tosaigh. Ina dhiaidh sin, déantar dea-mhéin ag costas tar éis costas bearnúcháin. Féach ar pholasaí cuntasaíochta 4 thíos le haghaidh pholasaí cuntasaíochta an Ghrúpa maidir le bearnú.

iv. Amúchadh sócmhainní doláimhsithe

Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh ar bhonn líne díri i mbrabús agus cailleanas thar a saol úsáideach measta, ón dáta a bhfuil siad ar fáil le húsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe a amúchadh, ar bhonn líne díri, thar a saol úsáideach measta de suas go seacht mbliana.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

F8 Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

(ar lean)

Athbhreithnítear modhanna amúchta, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

v. Costais iasachta

Féach ar pholasaí cuntasaíochta 2 (iv).

4 Bearnú Sócmhainní

i. Sócmhainní nach bhfuil faoi réir amúchta

Déantar sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saol úsáideach éiginnte acu nó nach bhfuil réidh le húsáid fós, a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin.

ii. Sócmhainní nach bhfuil faoi réir dímheasa/amúchta

Déantar méideanna tugtha anonn na sócmhainní sin a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha de bhearnúchán. Má tá comhartha ann go bhfuil bearnú i gceist, déantar méid in-aisghabhála na sócmhainne a mheas.

iii. Caillteanas bearnúcháin a aithint

Chun críocha bearnúcháin a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpaí ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar féidir a aithint astu féin (aonaid giniúna airgid nó AGAnna). Aithnítear caillteanas bearnúcháin le haghaidh na méide ag a sháraíonn méid tugtha anonn sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is é atá sa mhéid in-aisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas as diúscairt nó luach úsáide sócmhainne, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtaobh AGAnna a leithdháileadh ar dtús chun an méid glanluacha d'aon dea-thoil dáilte ar an AGA a laghdú, agus ina dhiaidh sin leithdháiltear iad chun laghdú a dhéanamh ar mhéid glanluacha na sócmhainní eile san AGA ar bhonn pro rata.

iv. Caillteanas bearnúcháin a aithint

Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a fhreaschur maidir le dea-thoil. I dtaobh sócmhainní eile, déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtréimhsí roimhe sin a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon chomharthaí gur tháinig laghdú ar an gcaillteanas nó nach ann dó a thuilleadh. Ní fhreaschuirtear caillteanas bearnúcháin ach amháin chomh fada is nach sáraíonn méid glanluacha na sócmhainne an méid a shocrófaí, glan ó dhímheas nó amúchadh, dá mba rud é nár aithníodh caillteanas bearnúcháin sa chéad áit.

Déanfar freaschur chaillteanas bearnúcháin do AGA a leithdháileadh ar shócmhainní an aonaid, ach amháin dea-thoil, pro rata le méideanna tugtha anonn na sócmhainní sin. Aithnítear an freaschur láithreach i mbrabús nó caillteanas, ach amháin má thugtar an tsócmhainn anonn ag méid athluacháilte, agus sa chás sin déileálfar leis an bhfreaschur mar mhéadú ar athluacháil. Agus úsáid á baint as méid tugtha anonn athbhreithnithe na sócmhainne déantar soláthar do dhímheas/amúchadh ar bhonn líne díri thar an saol úsáideach fágtha atá measta don tsócmhainn.

5 Airgeadra Eachtrach

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta agus airgeadra chur i láthair an Ghrúpa chomh maith.

i. Idirbhearta airgeadra eachtraigh

Aistrítear idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Tá sócmhainní agus dliteanais airgid arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha aistrithe go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag na rátaí atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe. Aithnítear i mbrabús nó i gcaillteanas an gnóthachan nó caillteanas airgeadra eachtraigh a thagann chun cinn tar éis an t-aistriú a dhéanamh. Déantar na sócmhainní neamhairgeadaíochta a thomhaistear ar chostas stairiúil in airgeadra eachtrach a aistriú agus úsáid á baint as an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt, agus ní aistrítear arís iad ina dhiaidh sin.

ii. Oibríochtaí eachtracha

Aistrítear go euro, ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadail. Aistrítear torthaí na n-oibríochtaí eachtracha go euro ar mheánrátaí malairte don tréimhse, nuair is ionann iad agus measúchán réasúnta ar na rátaí iarbhir arna dtabhú. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de ghnáthscaireanna (cúlchiste aistrithe).

F8 Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

(ar lean)

6 Ioncam

Déantar ioncam a thomhas ag luach cóir na comaoine arna fáil nó infhála agus is ionann é agus méideanna infhaighte le haghaidh earraí agus seirbhísí (ioncam léasa san áireamh) i ngnáthchúrsa an ghnó, glan ó lascainí, CBL agus cánacha eile a bhaineann le díolacháin. Aithnítear ioncam ó acmhainn iompair (billeáilte agus neambhilleáilte) ar aon dul leis an gconradh bunúsach agus aithnítear aon ioncam a bhaineann le tráchtarraí ar bhonn an tréichir don tréimhse le haghaidh gach custaiméara.

Braitheann roinnt foinsí ioncaim de chuid an Ghrúpa ar fhaomhadh a fháil ón rialaitheoir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh. Ar chúinsí áirithe d'fhéadfadh go mbeadh an t-ioncam atá "ceadaithe" de réir na rialachán bheith róghnóthaithe nó tearc-ghnóthaithe sa bhliain airgeadais. Is féidir aon róghnóthú nó tearcghnóthú a chuimsiú, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Ní dhéantar aon choigeartú um róghnóthú nó tearcghnóthú sa bhliain ina dtagann siad chun cinn.

I gcomhréir le IFRIC 18 Aistriú Sócmhainní ó Chustaiméirí, aithnítear ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíochta arna bhfáil sa ráiteas ioncaim mar ioncam i gcomhréir le IAS 18 Ioncam. Aithnítear ranníocaíochtaí in ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad, agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad i gcomhréir le comhlíonadh oibleagáidí feidhmíochta.

7 Léasanna

Aicmítear mar léasaí airgeadais léasaí a nglacann an Grúpa cuid mhór de na rioscaí agus na luachanna saothair a bhaineann lena n-úineireacht. Déantar an luach cóir, nó más ísle é, luach reatha na sócmhainní arna bhfáil faoi léasaí airgeadais, a chuimsiú faoi réadmhaoin, ghléasra agus trealamh agus déantar é a dhíscríobh thar théarma an léasa nó saol úsáideach measta na sócmhainne, cibé acu is ísle. Cuimsítear mar dhliteanas na gnéithe caipitil a bhaineann le hoibleagáidí sa todhchaí. Déantar ús ar an oibleagáid léasa atá fágtha a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim thar thréimhse an léasa. Ríomhtar an muirear sin ionas go gcruthaítear ráta tréimhsiúil síoraí de mhuirearú ar an iarmhéid den oibleagáidí atá fágtha le haghaidh gach tréimhse cuntasaíochta.

Aithnítear íocaíochtaí léasa mar speansas ar bhonn líne díri thar théarma an léasa, ach amháin áit a bhfuil bonn córasach eile níos ionadaí ar an bpátrún ama a mbaintear leas as na tairbhí eacnamaíocha ó na sócmhainní léasaithe lena linn. Aithnítear mar speansas cíosanna teagmhasacha a thagann chun cinn faoi léasaí oibriúcháin sa tréimhse ina bhfulaingítear iad. I gcás go bhfaightear dreasachtaí léasaí chun dul i mbun léasaí oibriúcháin, aithnítear na dreasachtaí sin mar dhliteanas. Aithnítear tairbhe comhiomlán dreasachtaí mar laghdú ar speansais chíosa ar bhonn líne díri, ach amháin áit a bhfuil bonn córasach eile níos ionadaí ar an bpátrún ama a mbaintear leas as na tairbhí eacnamaíocha ón tsócmhainn léasaithe lena linn.

Cuntasaíocht i gcomhair socruithe a bhfuil léasa ag gabháil leo

Chun socrú cibé acu an gcuimsíonn socrú léasa is é atá i gceist ná cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann an socrú le húsáid sócmhainne ar leith agus smacht uirthi. Meastar gur tuilleadh gach fáltas ó na socruithe sin, laistigh de raon feidhme IFRIC 4, mar chuid d'oibríochtaí lárnacha an Ghrúpa agus dá réir sin aithnítear an t-ioncam léasa mar ioncam sa ráiteas ioncaim. Aicmítear léasaí mar léasaí airgeadais má aistrítear den chuid is mó na rioscaí agus na luachanna saothair a bhaineann le húsáid agus an socrú á dhéanamh. Déantar gach léasa eile a chatagóiriú mar léasaí oibriúcháin.

8 Deontais

Aithnítear deontais rialtais mar dhliteanas ar dtús ar an gclár comhardaithe nuair atá dearbhú réasúnta tugtha go bhfaighfear é agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a ghabhann leis. Aithnítear na deontais ioncaim atá mar chúiteamh don Ghrúpa as speansais arna dtabhú sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sna blianta céanna ina dtabhaítear na speansais. Déantar deontais a chúitíonn an Grúpa as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaol úsáideach na sócmhainne chun an muirear dímhéasa a mheaitseáil.

9 Soláthairtí agus dliteanas theagmhasacha

Aithnítear soláthar más amhlaidh, mar thoradh ar imeacht san am atá thart go bhfuil oibleagáid dlí nó inchiailithe reatha ar an nGrúpa ar féidir a mheas go hiontaofa, agus más dócha go mbeidh eis-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh. San áit a bhfuil an éifeacht ábhartha, déantar na soláthairtí a shocrú trí na sreafaí tuartha airgid amach anseo a asbhaint ag úsáid ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha margaidh ar an luach ama airgid agus na rioscaí ar leith a bhaineann leis an dliteanas. Aithnítear an muirear maoinithe bainteach i gcostais airgeadais. Aithnítear soláthar um athstruchtúrú nuair atá plean sonrath agus foirmiúil athstruchtúraithe faofa ag an nGrúpa, agus nuair atá athstruchtúrú tosaithe nó fógartha go poiblí. Ní dhéantar soláthar i gcomhair léasaí oibriúcháin amach anseo. Déantar soláthar freisin i gcomhair costas measta as dí-éilliú láithreán oidhreacht Oibreacha Gáis, oibleagáidí as leasú láithreán agus costais le tabhú agus rialacháin chomhshaoil chomh maith le hoibleagáidí inchiailithe á gcomhlíonadh.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

F8 Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

(ar lean)

D'fhéadfadh go dtiocfadh dliteanais teagmhasacha chun cinn i dtaobh comhaontuithe conarthacha dá bhfuil eintiteas de chuid an Ghrúpa ina pháirtí. Déantar iad siúd a mheas (más féidir) ar bhonn an eolais atá ar fáil maidir leis an gcostas féideartha a bhainfeadh le táirgeacht ó aon imeachtaí den sórt sin atá i gceist ar an dáta tuairiscithe. Is dliteanais iad siúd, le cois iad siúd a ndéantar soláthar dóibh sna ráitis airgeadais, a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mar thoradh ar tharlú nó neamhtharlú ceann amháin nó níos mó d'imeachtaí éiginnte sa todhchaí ach mar gheall ar nádúr na dteagmhasachtaí, ní féidir soláthar a dhéanamh dóibh sna ráitis airgeadais (i gcomhréir le IFRS).

10 Oibleagáidí leasa scoir

Oibríonn an Grúpa scéimeanna pinsin sochair sainithe agus ranníocaíochta sainithe araon.

i. Scéim pinsin sochair sainithe

Is scéim sochair iarfhóstaíochta í scéim sochair sainithe seachas plan ranníocaíochta sainithe, rud a dtugtar sonraí faoi thíos.

I gcás scéimeanna sochair sainithe, déantar an costas as sochair a chur ar fáil a mheas agus úsáid á baint as Modh na n-Aonad Réamh-mheasta Creidmheasa agus déantar athbhreithnithe achtúireacha ar gach lá tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a aithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Aithnítear lasmuigh de bhrabús nó chaillteanas iad agus cuirtear i láthair in ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear an costas iar-seirbhíse láithreach. Déantar an costas seirbhíse reatha agus gnóthachain agus cailteanais agus a mhuirearú ar chostais oibriúcháin, nó ar sholáthairtí i gcásanna ina ndearnadh soláthar ar dtús i gcomhar na gcostas bainteach mar chuid de sholáthar athstruchtúraithe a aithint. Déantar an glanchostas úis as pinsean a ríomh tríd an ráta lascaine ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm ar an nglanlíteanas nó an nglansócmhainn sainithe.

Is ionann an oibleagáid sochair scoir arna aithint sa chlár comhardaithe luach reatha an oibleagáid sochair sainithe le haghaidh na scéime agus luach cóir shócmhainní na scéime.

ii. Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe

Is ionann scéim ranníocaíochta sainithe agus scéim sochair iarfhóstaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh, agus ní bheidh aon oibleagáid dlí ná inchiallaithe ar bith air méideanna breise a íoc. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar bhrabús nó chaillteanas sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

11 Sócmhainní agus Dlíteanais Airgeadais

i. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun ráta úis agus nochtadh airgeadra a fháil. Déantar gach díorthach den sórt sin a aithint ag luach cóir agus déantar iad a atomhas go luach cóir ar an dáta tuairiscithe. Sainítear formhór na n-ionstraimí airgeadais díorthacha mar bheith á gcoimeád chun críocha fálaithe.

Socraítear sainiú na gaolmhaireachta fálaithe nuair a thionscnaítear an Conradh agus cuirtear nósanna imeachta i bhfeidhm chun déanamh cinnte go bhfuil an díorthach an-éifeachtach ó thaobh a chuspóir a chomhlíonadh agus gur féidir éifeachtacht an fhálaithe a thomhas go hiontaoifa. Braitheann an chaoi a ndéileáiltear le gnóthachain agus cailteanais ar atomhas ar aicmiú an fhálaithe agus ar cibé acu an bhfuil an ghaolmhaireacht fálaithe sainithe mar fhálú 'luacha chóir' nó mar fhálú 'sreafa airgid'.

Déileáiltear le díorthaigh nach bhfuil mar chuid de ghaolmhaireachtaí fálaithe éifeachtacha amhail is dá mbeidís á gcoimeád i gcomhair trádála, agus déantar gach gluaiseacht luacha chóir a thaifeadh trí bhrabús nó chaillteanas.

(a) Fálta sreafa airgid

Áit a sainítear ionstraim airgeadais dhíorthach mar fhálú den éagsúlacht ar shreafaí airgeadais de chuid dliteanais aitheanta, gealltanais daingin, nó idirbheart tuartha ar mór an dóchúlacht go ndéanfar é, aithnítear an chuid éifeachtach d'aon ghnóthachan nó cailteanas ar an ionstraim airgeadais dhíorthach go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a aithnítear sócmhainn nó dliteanas mar thoradh ar an ngealltanais daingean nó an idirbheart tuartha, baintear an gnóthachan nó cailteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus cuimsítear é sa tomhas tosaigh ar an tsócmhainn nó an dliteanas. Mura ndéantar sin baintear an gnóthachan nó cailteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear i mbrabús nó cailteanas é ag an am céanna leis an idirbheart fálaithe. Aithnítear an chuid neamhéifeachtach d'aon ghnóthachan nó chaillteanas sa ráiteas ioncaim láithreach.

F8 Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

(ar lean)

Nuair a chuirtear deireadh le hionstraim nó gaolmhaireacht fálaithe ach nuair a mheastar go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe fós, fanann an gnóthachan nó cailteanas carnach ag an bpointe sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é i gcomhréir leis an bpolasaí thuas nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Murar dóchúil a thuilleadh go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, maidir leis an ngnóthachan carnach neamhréadaithe atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile, aithnítear i mbrabús nó cailteanas é láithreach.

(b) Fáluithe luacha chóir

Áit a bhfuil ionstraim airgeadais dhíorthach sainithe mar fhálú luacha chóir, aithnítear athruithe ar luach cóir an díorthaigh i mbrabús nó cailteanas. Freisin sonraítear an mhír fhálaithe ag luach cóir i dtaobh an riosca arna fhálú; aithnítear an gnóthachan nó cailteanas atá inchurtha i leith an riosca fhálaithe i mbrabús nó cailteanas agus coigeartú déanta ar mhéid tugtha anonn na míre fálaithe.

ii. Iasachtaí úsmhara

Aithnítear iasachtaí úsmhara ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. Tar éis iad a aithint ar dtús, sonraítear iasachtaí nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe luacha chóir ag costas amúchta agus úsáid á baint as modh an úis ghlain agus déantar iasachtaí i ngaolmhaireacht fálaithe luacha chóir a choigeartú i gcomhair gluaiseachtaí luacha chóir ar rioscaí fálaithe.

iii. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha

Trádáil agus infháltais eile

Déantar infháltais trádála agus eile a thaifeadadh ar dtús ag luach cóir, ar gnách gurb é méid bhunaidh an tsonraisic glan ó chostais idirbhirt, agus tugtar anonn ina dhiaidh sin iad ag an gcostas sin lúide liúntas cuí i gcomhair cailteanas bearnúcháin.

Déantar soláthairtí sonracha áit nach bhfuil aon fhianaise oibiachtúil ar bhearnúcháin, mar shampla áit nach féidir íoc. Déantar soláthar breise ar bhonn punainne chun cailteanais tabhaithe breise a chlúdach bunaithe ar anailís ar an taithí roimhe sin ar chailteanas agus é tugtha suas chun dáta chun coinníollacha reatha an mhargaidh a léiriú.

Airgead agus coibhéis airgid

Cuimsíonn airgead agus coibhéis airgid, airgead ar láimh, taiscí inaisíochta ar éileamh agus infheistíochtaí gearrthéarmacha eile atá an-leachtach a bhfuil aibíochtaí bunaidh acu de thrí mhí nó níos lú, lúide rótharraingtí inaisíochta ar éileamh.

Trádáil agus infóthaigh eile

Déantar infháltais trádála agus eile a thaifeadadh ar dtús ag luach cóir, ar gnách gurb é méid bhunaidh an tsonraisic glan ó chostais idirbhirt, agus tugtha anonn ina dhiaidh sin ag costas amúchta agus úsáid á baint as modh an úis ghlain.

Sócmhainní airgeadais ar luach cóir de bharr brabúis nó cailteanais (FVTPL)

Aicmítear sócmhainní airgeadais mar FVTPL nuair (i) atá an tsócmhainn airgeadais á coimeád le haghaidh trádála, (ii) nuair atá sé sainithe mar FVTPL nó (iii) mar chomaoin theagmhasach a d'fhéadfadh éadálaí a íoc mar chuid de chomhcheangal gnó lena mbaianeann IFRS 3.

Sonraítear sócmhainní airgeadais ag FVTPL ag luach cóir agus gan aon ghnóthachain nó chailteanais ag teacht chun cinn ar atomhas aitheanta i mbrabús nó cailteanas. Déantar luach cóir a shocrú sa bhealach mar a shainítear i nóta C6.

Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol

Is é atá i sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol ná sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha atá sainithe mar ar fáil le díol nó nach bhfuil aicmithe in aon cheann de na catagóirí eile de shócmhainní airgeadais (i gcomhréir le IAS 39). Aithnítear sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol ag luach cóir ar dtús móide aon chostais atá inchurtha i leith an idirbhirt. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, déantar iad a thomhas ar luach cóir agus aithnítear na hathruithe iontu in ioncam cuimsitheach eile (ach amháin athruithe mar thoradh ar chailteanais bhearnúcháin agus difríochtaí airgeadra eachtraigh, a aithnítear i mbrabús nó cailteanas). Nuair a dhí-aithnítear infheistíocht, déantar an gnóthachan nó an cailteanas a carnadh sa chothromas a athaicmiú agus a aistriú go dtí an cuntas brabúis agus cailteanas.

12 Glanchoistais Airgeadais

Tá ioncam airgeadais déanta suas d'ioncam úis ar chistí infheistithe agus ioncam ó dhíbhinní. Aithnítear ioncam úis de réir mar a thabhaítear é i mbrabús nó cailteanas, agus úsáid á baint as modh as úis ghlain. Aithnítear ioncam ó dhíbhinní sa bhrabús nó cailteanas ar an dáta a shocraítear ceart an Ghrúpa chun íocaíocht a fháil.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

F8 Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

(ar lean)

Cuimsíonn costais airgeadas ús iníoctha ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthairtí, cailteanas bhearnúcháin arna n-aithint ar shócmhainní airgeadais (seachas infháltais trádála), gluaiseachtaí luacha chóir ar shócmhainní airgeadais arna n-aicmiú mar luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas agus glanchostais úis phinsin. Maidir le costais iasachta nach bhfuil inchurtha go díreach i leith éadail, thógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí, aithnítear i mbrabús nó cailteanas iad agus úsáid á baint as modh an úis ghlain. Déantar an glanchostas úis as pinsean a ríomh tríd an ráta lascaire ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm ar an nglanluiteanas nó an nglansócmhainn sainithe.

Cuirtear i láthair coigeartuithe luacha chóir ar ionstraimí maoinithe a aithníodh i mbrabús nó cailteanas, mar ioncam airgeadais nó costais airgeadais, de réir mar is cuí (féach ar nóta A1 le haghaidh níos mó sonraí).

13 Cáin ioncaim

Cuimsíonn costas cáin ioncaim cáin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear cáinioncaim sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid go bhfuil sé bainteach le comhcheangail ghnó, nó le míreanna a aithnítear go díreach mar chothromas nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó cailteanas inchánach don bhliain, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na mblianta roimhe sin.

Aithnítear cáin iarchurtha maidir le gach difríocht shealadach idir méideanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánachais. Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil leo sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil le freaschur na ndifríochtaí sealadacha i bhfianaise rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoin dáta tuairiscithe.

Féachtar ar shócmhainn chánach iarchurtha mar in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í ach, ar bhonn fianaise atá ar fáil, nuair is dóchúil go mbeidh brabús oiriúnacha inchánach ann ónar féidir freaschur na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha amach anseo a asbhaint.

Déantar sócmhainní agus dliteanas chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

14 Fardail

Déantar fardail a thomhas agus úsáid á baint as costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, agus úsáid á baint as an bhfoirmle costais is túisce isteach is túisce amach (FIFO) i gcomhréir le Fardail IAS 2. Tá costas déanta suas de phraghas ceannaigh agus gach costas díreach a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt chuig a n-ionad reatha agus a riocht reatha. Is é atá i nglanluach inréadaithe ná an costas díola iarbhir nó measta lúide gach costas atá le tabhú roimh dhiúscairt.

Déantar soláthar sonrath le haghaidh nithe a bhfuil dochar déanta dóibh, atá imithe as feidhm nó nach féidir a úsáid, nuair is cuí sin.

15 Brabús oibriúcháin

Sonraítear brabús oibriúcháin roimh ghlanhostais airgeadais agus chánachas.

16 Bearta Neamh-GAAP

Sainítear EBITDA mar thuillimh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iomlán na n-iasachtaí agus é coigeartuithe do thionchar fháluithe luacha chóir lúide taiscí airgid saor in aisce. Baineann an Grúpa úsáid as na bearta sin neamh-GAAP chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus mhaoiniú a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do stocshealbhóirí agus pháirtithe leasmhara seachtracha.

17 Aistriú sócmhainní agus dliteanas chuig eintiteas faoi smacht choitianta

Áit a n-aistrítear sócmhainní agus dliteanas atá faoi smacht choitianta ar dháta an aistrithe, ní dhéantar na sócmhainní ná na dliteanas a thomhas ag a luachanna córa ach seachas sin déantar iad a thomhas ar bhonn na luachanna tugtha anonn. Cuimsítear na difríochtaí idir an chomaoin arna híoc agus luach tugtha anonn comhiomlán na sócmhainní agus dliteanas (amhail dáta an idirbhirt) arna n-éadail mar ghnáthscaireanna i ranníocaíocht chaipitil. Léiríonn na luachanna leabhair soláthar cuí do bhearnúchán ar an dáta sealbhaithe.

F9 Caighdeán agus Léirmhínte Cuntasaíochta Nua

Tábla 1: Caighdeán nua, leasuithe ar chaighdeán agus léirmhínte

Caighdeán/Leasú	Dáta Thosach Feidhme an AE	Formhuiníthe ag an AE
Feabhsúcháin Bhliantúla ar IFRS 2010-2012	1 Feabhra 2015	Mí na Nollag 2014
Leasú ar IAS 19 Pleananna Sochair Sainithe: Ranníocaíochtaí Fostaí	1 Feabhra 2015	Mí na Nollag 2014
Leasú ar IAS 16 agus ar IAS 41: Gléasraí Iompróra	1 Eanáir 2016	Samhain 2015
Leasuithe ar IFRS 11: Cuntasaíocht i gcomhair Éadálacha Úis i gComhoibríochtaí	1 Eanáir 2016	Samhain 2015
Leasú ar IAS 16 agus ar IAS 38: Soiléiriú maidir le Modhanna Inghlactha Dímheasa agus Amúchta	1 Eanáir 2016	Mí na Nollag 2015
Feabhsúcháin Bhliantúla ar Chaighdeán IFRSanna Timthriall 2012-2014	1 Eanáir 2016	Mí na Nollag 2015
Leasuithe ar IAS 1: Tionscnamh Nochta	1 Eanáir 2016	Mí na Nollag 2015
Leasuithe ar IAS 27: An Modh Gnáthscaire i Ráitis Airgeadais ar Leithligh	1 Eanáir 2016	Mí na Nollag 2015
Leasuithe ar IFRS 10, IFRS 12 agus IAS 28: Eintitis Infheistíochta: An Eisceacht Chomhdhlúthaithe a Chur i bhFeidhm	1 Eanáir 2016	Meán Fómhair 2016
IFRS 14 Cuntais Iarchurtha Rialála	1 Eanáir 2016	n/a

Sa bhliain reatha, tá an IFRS nua/athbhreithnithe curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa, mar atá leagtha amach i dtábla 1, a bhfuil feidhm acu go héigeantach faoi IFRS, de réir mar atá formhuiníthe ag an AE, le haghaidh thréimhsí cuntasaíochta a thosaíonn ar nó tar éis an 1 Eanáir 2016. Ní raibh tionchar ábhartha ag cur i bhfeidhm na leasuithe ar na caighdeán sin ar ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh 2016.

Tábla 2: Caighdeán nua, leasuithe ar chaighdeán, agus léirmhínte atá eisithe ach nach bhfuil i bhfeidhm go fóill

Caighdeán/Leasú	Dáta Thosach Feidhme an AE ¹	Formhuiníthe ag an AE
IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais	1 Eanáir 2018	Samhain 2016
IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí	1 Eanáir 2018	Meán Fómhair 2016
Leasuithe ar IAS 40: Aistrithe Réadmhaoine Infheistíochta	1 Eanáir 2018	(Amuigh)
IFRIC Léirmhíniú 22 Idirbhearta Airgeadra Eachtraigh agus Comaoin Roimh Ré	1 Eanáir 2018	(Amuigh)
Feabhsúcháin Bhliantúla ar Chaighdeán IFRS Timthriall 2014-2016	1 Eanáir 2018 / 1 Eanáir 2017	(Amuigh)
Leasuithe ar IFRS 4: Ionstraimí Airgeadais IFRS 9 a chur i bhfeidhm le Conarthaí Árachais IFRS 4	1 Eanáir 2018	(Amuigh)
Leasuithe ar IFRS 2: Idirbhearta Íocaíochta bunaithe ar Scaireanna a Aicmiú agus a Thomhas	1 Eanáir 2018	(Amuigh)
Soiléirithe ar IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí	1 Eanáir 2018	(Amuigh)
Leasuithe ar IAS 7: Tionscnamh Nochta	1 Eanáir 2017	(Amuigh)
Leasuithe ar IAS 12: Sócmhainní Cánach Iarchurtha a aithint le haghaidh Caillteanas Neamhréadaithe	1 Eanáir 2017	(Amuigh)
Leasuithe ar IFRS 10 agus IAS 28: Díolachán nó Tabhairt Sócmhainní idir Infheisteoir agus a Chomhlachas nó Comhfhiontar	Curtha siar go héiginnte	n/a
Léasaí IFRS 16	1 Eanáir 2019	(Amuigh)

¹Dáta IASB curtha ar fáil mura bhfuil formhuiníthe ag an AE go fóill

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

(ar lean)

F9 Caighdeán agus Léirmhínte Cuntasaíochta Nua

(ar lean)

I dTábla 2 leagtar amach na caighdeáin, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínte atá eisithe ach nach bhfuil éifeachtach go fóill faoi IFRS, de réir mar atá formhuinthe ag an AE, don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 agus mar sin nár cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú.

Le IFRS 9, a eisíodh ar an 24 Iúil 2014, tugadh isteach ceanglais nua um aithint, tomhas, bhearnú agus dí-aithint ionstraimí airgeadais agus cuntasaíocht fhálaithe ghinearálta. Cuirfidh an Grúpa IFRS 9 i bhfeidhm ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm faoi IFRS, de réir mar a fhorhúiníonn an tAE (1 Eanáir 2018). Beidh tionchar ag cur i bhfeidhm an chaighdeáin sin ar aithint agus thomhas ráitis airgeadais an Ghrúpa. Faoi fhorálacha an chaighdeáin sin, áit a mbeidh sé roghnaithe ag an nGrúpa iasachtaí a thomhas ag luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas, aithneofar an cion den athrú ar luach cóir mar thoradh ar athruithe ar riosca creidmheasa féin an Ghrúpa in ioncam cuimsitheach eile seachas laistigh de bhrabús nó chaillteanas. Dá nglacfaí leis an gcaighdeán sin sa bhliain reatha, d'aithneofaí gnóthachan €nialas milliún in ioncam cuimsitheach eile seachas laistigh den ráiteas ioncaim.

Freisin leathnaíonn an caighdeán an raon feidhme maidir le cad is féidir a áireamh i ngaolmhaireacht fálaithe, rud a d'fhéadfadh a chumasú babhtálacha áirithe ráta úis, nach gcáilíonn faoi láthair, a shainiú laistigh de ghaolmhaireachtaí fálaithe sreafa airgid. Dá nglacfaí leis an gcaighdeán sa bhliain reatha, agus gach babhtáil den sórt sin sainithe agus gach fálú go hiomlán i bhfeidhm, d'aithneofaí €1.2 milliún de ghnóthachain luacha chóir in ioncam cuimsitheach eile seachas laistigh den ráiteas ioncaim.

